An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Tuarascáil Bhliantúil
Annual Report
2016

An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

ÁR BHFÍS:

Eagraíocht den scoth a fhorbairt a bhfuil sé mar chuspóir príomhúil aici freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí cúirte.

ÁR MISEAN:

Bainistiú a dhéanamh ar na Cúirteanna, tacaíocht a thabhairt do na breithiúna

Seirbhís ghairmiúil d'ardchaighdeán a sholáthar do gach aon duine a úsáideann na cúirteanna

ÁR LUACHANNA:

Seirbhís: díriú ar chustaiméirí, tráthúil, cáirdiúil, cumasach

Macántacht: ionracas, oibiachtúil, cothrom, eiticiúil, cuntasach

Meas: cúirtéiseach, neamhchlaonta, tuisceanach

ÁBHAIR

GLUAIS TÉARMAÍ 5

BROLLACH LEIS AN BPRÍOMH-BHREITHEAMH AGUS CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD 7

CAIBIDIL 1 – FAOIN SEIRBHÍS CÚIRTEANNA 9

CAIBIDIL 2 – AN BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ 15

CAIBIDIL 3 – STATISTICÍ 39

CAIBIDIL 4 – RIALACHAS CORPARÁIDEACH 79

CAIBIDIL 5 – RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 85

CAIBIDIL 6 – TUARASCÁLACHA CHOISTÍ RIALACHA NA CÚIRTE 93

CAIBIDIL 7 – FORÁLACHA REACHTÚLA 96

CAIBIDIL 7 – FORÁLACHA REACHTÚLA 97

FÁISNÉIS BREISE 99

2016 - Forbhreathnú ginearálta

Foireann
976
Cúrsaí oiliúna foirne
1,000
Laethanta oiliúna foirne
1,511

Foirgnimh chúirte á thógáil
7

Cistí cúirte bainistíodh
€1.676 billiún

Breithiúna
165

Seomraí cúirte le teicneolaíocht físchomhdhála
33
le áiseanna taispeántais fianaise
65

Láithreacha cúirte
120

GLUAIS TÉARMAÍ

Mionnscríbhinn – ráiteas scríofa a dhéantar faoi mhionn

Achomharc – imeacht a thionscnaíonn páirtí a raibh baint aige/aici le cás agus nach raibh sé/sí sásta leis an gcinneadh a rinneadh, chuig chúirt a bhfuil an t-údarás aici athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin nó é a chur i leataobh.

Láithreas – doiciméad a léiríonn go bhfuil sé beartaithe ag cosantóir caingean a chosaint nuair a seirbheáladh toghairm air nó uirthi chuig chaingean Cúirte Cuarda nó Ard-Chúirte.

Láithreas agus cosaint – doiciméad a léiríonn go bhfuil sé beartaithe ag cosantóir caingean a chosaint nuair a seirbheáiltear fógra éilimh air nó uirthi chuig chaingean shibhialta Cúirte Dúiche.

Ordú urchoisc – ordú a chuireann cosc ar an duine a ndearnadh an t-ordú ina choinne nó ina coinne (an freagróir) dul isteach i dteach an teaghlaigh nó foréigean a úsáid i gcoinne an duine a rinne iarratas ar an ordú (an t-iarratasóir) nó ar bhaill teaghlaigh eile.

Ordú cúraim – ordú a chuireann leanbh faoi chúram an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) go dtí go sroicheann sé nó sí ocht mbliana dhéag d'aois nó ar feadh tréimhse níos giorra, de réir mar a chinnfidh an chúirt.

Liosta deimhnithe – liosta cásanna ar dheimhnigh abhcóide go bhfuil siad réidh le haghaidh éisteachta.

Bille shibhialta – doiciméad a úsáidtear chun tús a chur le cás sa Chúirt Chuarda. tugann sé mionsonraí na bpáirtithe a bhaineann leis an gcás agus mionsonraí an éilimh atá á dhéanamh.

Fógra éilimh – doiciméad a úsáidtear chun tús a chur le cás sibhialta sa Chúirt Dúiche, tugann sé mionsonraí na bpáirtithe sa chás agus mionsonraí an éilimh atá á dhéanamh.

Coimisinéir mionnaí – duine atá i dteideal mionnaí a riar agus mionnscríbhinní a thógáil

Fógra um fhaoiseamh fiachais – ceann amháin de na trí mheicníocht nua réitigh fiachais a thug an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 isteach chun cabhrú le sealbhóirí morgáiste agus le daoine eile ag a bhfuil fiachas neamhinmharthana comhaontuithe a bhaint amach lena gcreidiúnaithe. Ceadaíonn sé díscríobh fiachais cháilithigh a mhéid le €20,000, faoi réir tréimhse mhaoirseachta bliana.

Socrú réitigh fiachais – ceann eile de na mheicníocht réitigh fiachais a thug an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 isteach chun cabhrú le sealbhóirí morgáiste agus le daoine eile ag a bhfuil fiachas neamhinmharthana comhaontuithe a bhaint amach lena gcreidiúnaithe. Baineann sé le réiteach comhaontaithe fiachas neamhurraithe, thar thréimhse 5 bliana de ghnáth.

Cosaint – doiciméad a sheachadann an cosantóir chuig an ngearánaí mar fhreagairt ar bhille sibhialta nó thoghairm iomlánach.

Cosantóir – duine a ndéantar caingean ina aghaidh; an duine a chúisítear i gcion coiriúil.

Ordú cúraim éigeandála – ordú a chuireann leanbh faoi chúram an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar feadh tréimhse ocht lá ar a mhéid má mheasann an chúirt go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte nó leas an linbh.

Díotáil – (a) doiciméad foirmiúil a leagann amach cineálacha áirithe cúiseamh i gcoinne duine cúisithe nó (b) an próiseas trína gcuirtear na cúisimh sin i láthair i gcoinne an duine cúisithe.

Cion indíotáilte – cion atá intriailte ar díotáil, má dhéanann duine fásta é.

Urghaire – ordú cúirte a thugann ordú do pháirtí a bhaineann le caingean chun rud éigin a dhéanamh nó chun staonadh ó rud éigin a dhéanamh.

Ordú urchoisc eatramhach – rdú láithreach a cheanglaíonn ar an duine a ndearnadh an t-ordú ina choinne nó ina coinne (an freagróir) teach an teaghlaigh a fhágáil, go dtí go n-éistfear iarratas ar ordú urchoisc.

Ordú cúraim eatramhach – ordú, a tugtar nuair atá iarratas ar ordú cúraim déanta nó nuair atáthar chun iarratas a dhéanamh ar ordú cúraim, a cheanglaíonn go gcuirfí an leanbh a ainmnítear san ordú faoi chúram an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla).

Díthiomnóir – bás a fháil gan uacht bhailí a dhéanamh.

Athbhreithniú breithiúnach – réiteach dlíthiúil atá ar fáil in imthosca inar sháraigh comhlacht nó binse fiosrúcháin an t-údarás dlí atá aige ina chuid feidhmíochta nó inar tháinig a fheidhmíocht salach ar an dualgas atá air.

Idirscaradh breithiúnach – foraithne a thugann an chúirt chun céilí i bpósadh a scaoileadh saor ón oibleagáid atá orthu bheith ina gcónaí sa teach céanna.

Dlínse – (a) cumhacht cúirte nó breithimh chun éisteacht le caingean, achainí nó imeacht eile, nó (b) an ceantar tíreolaíochta ina bhfeidhmíonn cumhacht den sórt sin.

Fiach leachtaithe – fiach le haghaidh méid sonraithe.

Nolle prosequi – bac a chuireann an t-ionchúiseamh ar imeachtaí coiriúla (níor chóir é seo a mheascadh le héigiontú).

Nótaire poiblí – cleachtóir dlí, aturnae de ghnáth, a bhíonn ina f(h)inné le síniú doiciméad nó a dhéanann cóipeanna díobh d'fhonn a bhfírinneacht a fhíorú, go háirithe chun go bhféadfaí iad a úsáid thar lear.

Mionn – foirm focal a úsáideann duine chun glaoch ar a d(h)ia a bheith mar fhinné go bhfuil an méid a deir sé/sí fíor nó go ndéanfaidh sé/sí an méid a gheallann sé/ sí a dhéanamh.

Socrú um dhócmhainneacht phearsanta – ceann eile de na mheicníocht réitigh fiachais a thug an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 isteach chun cabhrú le sealbhóirí morgáiste agus le daoine eile ag a bhfuil fiachas neamhinmharthana comhaontuithe a bhaint amach lena gcreidiúnaithe. Baineann an socrú le réiteach comhaontaithe agus/nó athstruchtúrú fiachas urraithe a mhéid le €3 milliún (mar aon le fiachais neamhurraithe) thar thréimhse sé bliana.

Achainí – cáipéis a úsáidtear chun imeachtaí áirithe sibhialta san Ard-Chúirt (m.sh. iarratas a cuideachta a fhoirceannadh, duine a bhreithniú ina fhéimheach).

Gearánaí – duine a thionscnaíonn caingean dlí i gcoinne duine eile.

Toghairm iomlánach – doiciméad a úsáidtear chun imeachtaí sibhialta áirithe a thionscnamh (m.sh. éilimh ar dhamáistí neamhshonracha, leabhal, núis) san ard-Chúirt nuair a theastaíonn pléadálacha agus fianaise béil.

Ordú cosanta – ordú eatramhach, a bhronntar nuair atá iarratas ar ordú sábháilteachta/urchoisc déanta, a chuireann cosc ar dhuine aon ghníomhartha eile foréigneach a dhéanamh nó foréigean a bhagairt.

Toghairm ioncaim – foirm toghairme achomair a n-éistear léi ar mhionnscríbhinn agus a úsáideann na Coimisinéirí ioncaim chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh san ard-Chúirt chun suimeanna atá dlite a aisghabháil (m.sh. cánacha neamhíoctha).

Ordú sábháilteachta – ordú a chuireann cosc ar dhuine aon ghníomhartha eile foréigneach a dhéanamh nó a bhagairt. Ní chuireann sé cosc ar an duine dul isteach i dteach an teaghlaigh.

Leagan síos do thriail – iarratas go leithdháilfí data éisteachta do chaingean.

Ordú díolúine speisialta – ordú a thugann cead do cheadúnaí alcól a dhíol lasmuigh de na gnáthuaireanta ceadúnais faoi réir coinníollacha áirithe.

Toghairm speisialta – doiciméad a úsáidtear chun imeachtaí áirithe sibhialta (m.sh. éilimh chothromais, forfheidhmiú morgáiste, riarachán iontaobhas) a thionscnamh san Ard-Chúirt, a bhfuiltear le héisteacht leo ar mhionnscríbhinn (is é sin, fianaise nach fianaise béil í).

Sainchomhlíonadh – ordú cúirte a éilíonn ar pháirtí gníomh ar leith a dhéanamh, de ghnáth an méid a luaitear i gconradh m.sh. conarthaí chun talamh a dhíol nó a fháil ar léas. Is rogha eile é ar dhamáistí a dhámhadh, agus is leigheas cothromasach lánroghnach é.

Breithiúnas achomair – breithiúnas d'éileamh i ndáil le fiach nó éileamh sonrach airgeadaíochta. tugtar an breithiúnas don ghearánaí i gcoinne an chosantóra in oifig chúirte gan aon ghá leis an éileamh a thabhairt chun na cúirte.

Toghairm achomair – cáipéis a úsáidtear chun imeachtaí áirithe sibhialta a thionscnamh (m.sh. éilimh ar shuim shonrach airgid, aisghabháil maoine ag tiarna talún) san ard-Chúirt, a bhfuiltear chun éisteacht leo ar mhionnscríbhinn.

Ordú maoirseachta – Ligeann ordú maoirseoireachta don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) monatóireacht a dhéanamh ar leanbh a shíltear atá i mbaol. Ní bhaintear an leanbh óna t(h)impeallacht bhaile. Beidh ordú maoirseoireachta i bhfeidhm ar feadh tréimhse sheasta ama nach faide ná 12 mhí i dtosach báire.

BROLLACH LEIS AN BPRÍOMH-BHREITHEAMH AGUS CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD

Thacaigh an tSeirbhís Chúirteanna le breis agus 24,000 suí de chuid na gcúirteanna ar fud na tíre anuraidh. Thacaigh na 976 comhalta foirne dá cuid lena mhéid le 170 breitheamh a shuigh i ngach contae agus i ngach dlínse chúirte. Níor cuireadh aon am cúirte amú mar gheall nár thug an fhoireann tacaíocht nó mar gheall nach raibh saoráidí ar fáil.

Níor cheart go mbeadh an t-alt thuas ina ábhar iontais, ach is ábhar sásaimh agus bróid domsa, cathaoirleach Bhord na Seirbhíse, é a thabhairt le fios. Tá eagraíocht nua-aimseartha agus éifeachtúil riaracháin againn chun tacú le hoibriú ár gcúirteanna ar theastaigh olliarracht uaithi lena dearadh agus lena forbairt, agus a thug a cosa slán ón gcúlú mór eacnamaíochta a thit amach tamall de bhlianta ó shin.

Cinntíonn socruithe tréana rialachais ar leibhéal eagraíochta agus Boird araon cuntasacht, cothroime agus trédhearcacht i measc réimse gníomhaíochtaí na Seirbhíse. Baineann ríthábhacht leis seo chun treo agus soiléireacht a sholáthar agus le bainistíocht cheart a chinntiú i ngach limistéar.

Oibriú le daoine eile

Is ann don tSeirbhís mar acmhainn do na Breithiúna, do gach duine sa phobal ceartais, agus dóibh siúd a bhraitheann ar na cúirteanna le haghaidh sásaimh, caingne, cosanta, breithiúnais agus réiteach. Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo a mhéid a idirghníomhaíonn agus a fhreastalaíonn an tSeirbhís ar ghrúpaí eile. Mar shampla, ghlac 70 duine dár gcomhaltaí foirne túslíne, a oibríonn le grúpaí agus gníomhaireachtaí íospartach, páirt in oiliúint agus i gceardlanna i gcomhoibriú leis na grúpaí seo in 2016.

Cuireadh oiliúint ar go leor dár bhfoireann, chomh maith, chun déileáil le finnéithe leochaileacha agus sa phróiseas lena mbaineann fianaise a thabhairt trí nasc físe. Chabhraigh Lár-Oifig na hArd-Chúirte le hoiliúint a chur ar 70 aturnae nua chun rochtain a fháil ar an gcóras cúirteanna agus chun a mbealach a dhéanamh tríd. Titeann seirbhísí idirghabhála amach le grúpaí eile trí oifigí cúirte, d'fhonn gur seachnaíodh éisteachtaí cúirte i limistéir ar nós cúrsaí teaghlaigh, maoine, torainn, núise, peataí agus díospóidí faoi theorainneacha.

Déantar iarrachtaí idirchaidrimh i seirbhísí idirghabhála agus tacaíochta le grúpaí eile i limistéar an dlí teaghlaigh, foréigean teaghlaigh agus leanaí, i mBaile Átha Cliath, Port Laoise, Cill Chainnigh, agus Bré. Leantar ar aghaidh le for-rochtain a sholáthar do ghrúpaí pobail, coláistí, mic léinn dlí, iriseoireachta agus eolaíochtaí sóisialta trí thurais, cainteanna, seimineáir, trialacha bréagacha agus cláir éagsúla ar fud an chórais chúirteanna.

Dul chun cinn sa seomra cúirte

Comhlíonann an tSeirbhís ról mór chun tacú le hiarrachtaí na mBreithiúna i dtaobh riar an cheartais a dhéanamh níos éifeachtúla. Sa Chúirt Uachtarach – áit ar thugamar méadú 58% faoi deara ar líonta na n-iarratas nua ar chead chun achomharc a dhéanamh – chabhraigh éifeachtúlachtaí na Seirbhíse leis an gcúirt iarratais nua a dheimhniú laistigh de thréimhse trí sheachtain, ar an meán, agus chun déileáil le hachomhairc ar chásanna iomlána laistigh de 6 mhí. Chomh maith leis sin, tugadh tromlach mór na n-achomharc leagáide ón tsean-Chúirt Uachtarach chun críche.

Chruthaigh cleachtais nua sa Chúirt Achomhairc éifeachtúlachtaí in am na cúirte. Cuireann an cleachtas ina n-iarrtar ar dhlíthithe chun glan-saincheisteanna a shainaithint in achomhairc an úsáid is fearr a bhaint as an am a leithdháiltear d'argóint ó bhéal, anuas ar chásanna a thabhairt le chéile a bhfuil a mhacasamhail de phrionsabail dhlíthiúla acu, ar chumas chun breithiúnas a thabhairt in go leor cásanna ar an lá céanna leis an éisteacht.

D'oibrigh an tSeirbhís go dian chun cabhrú leis an gCúirt Choiriúil Speisialta a bhunú, ónar eascair laghdú ar amanna feithimh anuas ó dhá bhliain go dtí 15 mhí. Chomh maith leis sin, san Ard-Chúirt, chabhraigh iarrachtaí na foirne leis na Breithiúna chun amanna feithimh a choimeád a ísle le sé seachtaine le haghaidh fhormhór na limistéar oibre – ón am a bhíonn cásanna réidh le haghaidh éisteachta go dtí an dáta ina mbíonn siad ar fáil. Sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, laghdaíodh amanna feithimh anuas go dtí 11 mhí, a bhuíochas le hiarrachtaí na mbreithiúna agus na foirne, agus leithdháileadh acmhainní breise ag Uachtarán na hArd-Chúirte agus ag Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse.

Tá athbhreithniú ar sheirbhísí promhaidh ag lorg chun feabhas a chur ar an limistéar tábhachtach seo agus é a nuachóiriú do neasghaolta na ndaoine siúd a fuair bás le déanaí, agus tá fiosrú á dhéanamh ar sheirbhís ar líne a sholáthar.

Tá obair iontach ar bun sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche. Léifidh tú faoin iliomad gníomhaíochta agus iarrachta a rinne na cúirteanna seo, agus an fhoireann a bhaineann leis na cúirteanna seo, a dhéileálann leis an méid is mó de chásanna inár gcóras.

Buíochas

Táim buíoch d'iarrachtaí gach duine a éascaíonn oibriú na gcúirteanna agus a chuireann ar chumas na Seirbhíse sármhaitheas a bhaint amach. Gabhaim buíochas le Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse, Brendan Ryan, a chomhghleacaithe san Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, agus na bainisteoirí agus an fhoireann ar fud na limistéar oibre go léir. Gabhaim buíochas le mo chomh-chomhaltaí Boird agus leis na Breithiúna don tacaíocht dhaingean a thug siad le go leor blianta anuas.

Gabhaim buíochas leis an Aire agus lena comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí do na hiarrachtaí a rinne siad ar ár son san oiread sin limistéar.

Ba mhaith liom buíochas agus a aitheantas a thabhairt don phobal ceartais níos fairsinge – Comhairle Bharra na hÉireann, an Dlí-Chumann, an Garda Síochána, Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, an Príomh-Aturnae Stáit, grúpaí ionadaíocha úsáideoirí cúirte, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, a gcomhlíonann gach ceann díobh ról ríthábhachtach chun tacú le riar an cheartais.

Tugtar léargas ginearálta sa tuarascáil seo ar iarracht, athrú, agus ar inoiriúnaitheacht na Seirbhíse. Tugtar sa tuarascáil léargas ar chora crua ár sochaí, agus tugtar an deis chun léamh faoi chineál agus faoi mhéid ár gcórais chúirteanna



Susan Denham

CAIBIDIL 1 – FAOIN SEIRBHÍS CÚIRTEANNA

Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach as riaradh agus bainistíocht na gcúirteanna in Éirinn. I measc a príomhfheidhmeanna, tá bainistíocht a dhéanamh ar na cúirteanna, tacú leis na breithiúna, faisnéis a sholáthar ar an gcóras cúirteanna don phobal, agus foirgnimh agus áiseanna cúirte a sholáthar d'úsáideoirí cúirte.

I measc na gcumhachtaí coimhdeachta a bhronntar ar an tSeirbhís faoin Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, tá an chumhacht chun an méid a leanas a dhéanamh: talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, iontráil i gconarthaí, tograí a dhéanamh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le ceisteanna (lena n-áirítear athchóiriú agus forbairt, agus dáileadh dlínse agus gnó i measc na gcúirteanna), agus ionaid chúirte a shannadh.

Tá an tSeirbhís seo freagrach as bainistiú ghnéithe uile ghníomhaíochtaí cúirte (ach amháin feidhmeanna breithiúnacha a bhaineann amháin leis an breithiúna). Baintear seo amach sa Chúirt Uachtarach, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Chuarda, agus sa Chúirt Dúiche, in éineacht le Stiúrthóireachtaí tacúla a bunaíodh mar chuid de struchtúr bainistíochta na Seirbhíse.

Tá an tSeirbhís rialaithe ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. Forálann an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna go mbeidh cathaoirleach an Bhoird mar an bPríomh-Bhreitheamh agus ba cheart ionadaithe breithiúnacha ó gach cúirt, ionadaí foirne, ionadaí den Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ionadaithe ón lucht dlí, ceardchumainn agus an domhan gnó a bheith sa Bhord. Leasaigh an tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014 ballraíocht an Bhoird chun Uachtarán na Cúirte Achomhairc (nó a ainmní) agus gnáthbhreitheamh na Cúirte Achomhairc a thoghann gnáthbhreithiúna na cúirte sin a chur san áireamh.

Déanann an Bord breithniú agus cinntí ar bheartais maidir leis an tSeirbhís agus déanann sé maoirsiú ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Forálann an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1988 gur gá don Bhord, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an méid a leanas:

an gá leis an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bhaint as acmhainní na Seirbhíse, agus

aon bheartas nó chuspóir an Rialtais nó Aire an Rialtais sa mhéid go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do nó baint d'fheidhmeanna na Seirbhíse

Forálann an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna go bhféadann an Bord coistí a bhunú chun comhairle a chur uirthi maidir le tabhairt faoina fheidhmeanna agus féadfaidh sé comhaltaí coiste a cheapadh nach comhaltaí iad den Bhord ach a bhfuil saineolas agus saintaithí acu maidir le cuspóirí an choiste sin. Ba iad coistí an Bhoird in 2016::

BUANCHOISTÍ

An Coiste Airgeadais

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

An Coiste um Fhorbairt na Cúirte Dlí Teaghlaigh

An Coiste Tógála

COISTÍ EILE

An Coiste Phianbhreitheanna Éireannach

Bord na Seirbhíse Cúirteanna

An Breitheamh Onórach
Susan Denham, *Príomh Breitheamh na hÉireann, Cathaoirleach*

An Breitheamh Onórach
Sean Ryan,
Uachtarán na Cúirte Achomhairc

An Breitheamh Onórach
Peter Kelly,
Uachtarán na hArd-Chúirte

An Breitheamh Onórach
Liam McKechnie, *tofa ag breithiúna na Cúirte Uachtaraí*

An Breitheamh Onórach
Michael Peart, *tofa ag breithiúna na Cúirte Achomhairc*

An Breitheamh Onórach
Patrick McCarthy, *tofa ag breithiúna na hArd-Chúirte*

An Breitheamh Onórach
Raymond Groarke, *Uachtarán na Cúirte Cuarda*

An tOnórach an Breitheamh
Doirbhile Flanagan, *tofa ag breithiúna na Cúirte Cuarda*

An tOnórach an Breitheamh
Rosemary Horgan, *Uachtarán na Cúirte Dúiche*

An Breitheamh **Gerard Haughton**, *tofa ag breithiúna na Cúirte Dúiche*

An tUasal **Brendan Ryan**, *Príomhoifigeach Feidhmúcháin na Seirbhíse Cúirteanna*

An tUasal **Paul McGarry**, A.S., *ainmnithe ag Comhairle Bharra na hÉireann*

An tUasal **James McCourt**, aturnae, *ainmnithe ag Uachtaráin Dlí-Chumann na hÉireann*

An tUasal **Stephen Bracken,**
tofa ag foireann na Seirbhíse

An tUasal **Conan McKenna**,
oifgeach an Aire ainmnithe ag an Aire

An tUasal **Pat Doyle**, *ainmnithe ag an Aire*

An tUasal **Liam Berney**, *ainmniithe ag Comhdháil na gCeardchumann*

An tUasal **Shane Browne**,
ainmnithe ag an Aire

BUANCHOISTÍ AN BHOIRD

An Coiste Airgeadais

An Breitheamh Onórach Susan Denham – *Cathaoirleach*
An Breitheamh Onórach Sean Ryan
An Breitheamh Onórach Peter Kelly
An Breitheamh Onórach Liam McKechnie
An Breitheamh Onórach Raymond Groarke
An tÓnórach an Breitheamh Rosemary Horgan
An tUasal Brendan Ryan
An tUasal Conan McKenna

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

An tUasal Shane Browne – *Cathaoirleach*
An Breitheamh Onórach Michael Peart,
An tÓnórach an Breitheamh Elma Sheahan, ainmní an Uachtarán na Cúirte Cuarda
An Breitheamh Michael Coghlan, ainmní an Uachtarán na Cúirte Dúiche
An tUllamh Patricia Barker
An tUasal Conan McKenna
An tUasal Pat Doyle

An Coiste Tógála

An Breitheamh Onórach Patrick McCarthy – *Cathaoirleach*
An tÓnórach an Breitheamh John Hedigan, breitheamh an Chúirt Achomhairc
An tÓnórach an Breitheamh Martin Nolan, ainmní an Uachtarán na Cúirte Cuarda
An Breitheamh Marie Quirke, ainmní an Uachtarán na Cúirte Dúiche
An tUasal Brendan Ryan
An tUasal Liam Berney
An tUasal John Coyle, Ceann Oibríochtaí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche, an tSéirbhís Chúirteanna
An tUasal Paul Burns, Ceann na Seirbhísí Bonneagair, an tSéirbhís Chúirteanna
An tUasal Elaine Power, Barra na hÉireann *
An tUasal James McCourt
* An tUasal Will Reidy ainmnithe le gníomhú mar malartach

An Coiste Forbartha na Cúirte Dlí Teaghlaigh

An Breitheamh Onórach Michael White, breitheamh na hÁrd-Chúirte – *Cathaoirleach*
An Breitheamh Onórach Henry Abbott, breitheamh na hÁrd-Chúirte
An tÓnórach an Breitheamh, Petria McDonnell, breitheamh na Cúirte Chuarda
An tÓnórach an Breitheamh Doirbhile Flanagan
An Breitheamh Gerard Furlong, breitheamh den Chúirt Dúiche
An tUasal Shane Browne
An tUasal John Coyle
An tUasal Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirte Shibhialta Chuarda agus Dúiche Bhaile Átha Cliath, an tSéirbhís Chúirteanna
An tUasal Rita Considine, ainmní Chumann n gCláraitheorí Contae
An tUasal Catherine Forde, Barra na hÉireann
An tUasal Donagh McGowan, Dlí-Chumann na hÉireann

COISTÍ EILE:

An Coiste Phianbhreitheanna Éireannach

An Breitheamh Onórach Susan Denham – *Cathaoirleach*
An Breitheamh Onórach Michael Peart
An Breitheamh Onórach Patrick McCarthy
An Breitheamh Ónórach Mary Ellen Ring, breitheamh den den Ard-chúirt
An tÓnórach an Breitheamh Rosemary Horgan
An tOllamh Thomas O'Malley, Dámh an Dlí, OÉG, Gaillimh

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL



AN PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN AGUS AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

Tá an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freagrach as feidhmiú na mbeartas arna bhfaomhadh ag an mBord, as bainistíocht laethúil na foirne, as riarachán agus gnó na Seirbhíse agus is é Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhíse freisin. (*féach leathanach 81*)

Faigheanna an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin tacaíocht ón bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí lena gcuimsítear Ceann na n-Oibríochtaí na gCúirteanna Uachtaracha agus na n-Ard- Chúirteanna, Ceann na n-Oibríochtaí na gCúirteanna Chuarda agus Dúiche agus triúr Ceann tacaíochtaí: Athchóiriú agus Forbairt, Bainistíocht Acmhainní agus Seirbhísí Bonneagair.

Foireann Bainistíochta Sinsearaí

Bhí an Ceann Athchóirithe agus Forbartha mar Cheann Oibríochtaí na Cúirte Uachtaraí (i gcáil ghníomhach) an 31 Nollaig 2016, chomh maith.

Eagraíocht atá díláraithe den chuid is mó atá sa tSeirbhís ar a bhfuil freagracht riaracháin as tithe cúirte agus ionaid chúirte ar fud na hÉireann.

I mBaile Átha Cliath, tacaíonn oifigí cúirte le hobair na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, tacaíonn 25 oifig chúirte le hobair na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche araon, agus tacaíonn ocht n-oifig le hobair na Cúirte Dúiche amháin.

Tá oifigí tacaíochta réigiúnacha ag an tSeirbhís atá suite sa Nás, Dún Dealgan, Corcaigh agus i gCaisleán an Bharraigh.

Bainisteoirí Réigiúnacha

STRUCHTÚR NA GCÚIRTEANNA

An Chúirt Uachtarach
An chúirt achomhairc dheiridh in ábhair shibhialta agus choiriúla.
Ní féidir achomharc a dhéanamh chuici ach amháin I gcúinsí áirithe mar atá leaghta amach sa Bhunreacht.
Cinneann ar bhunreachtúlacht bille má chuireann an tUachtarán faoina bráid é.
Cinneann ar cheist neamhábaltachta buaine an Uachtaráin más gá.
I dtromlach na gcásanna déanann triúr breithiúna na cinntí cé gur féidir le suas le seachtar breithiúna a bheith ina suí.

An Ard-chúirt
Ag a bhfuil lándlínse bunaidh, agus cumhacht chun breith a thabhairt, i ngach ní agus ceist dlí nó fíorais cibé acu sibhialta nó coiriúil iad.
Ag a bhfuil cumhacht cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceist bail a bheith nó gan a bheith ar aon dlí áirithe ag féachaint d'fhorálacha an Bhunreachta.
Cúirt achomhairc ón gCúirt Chuarda i nithe sibhialta.

An Phríomh-chúirt Choiriúil
An roinn choiriúil den Ard-chúirt.
Trialann tromchoireanna ina náirítear cionta dúnmharaithe, cionta éignithe, tréas agus píoráideacht.

An Chúirt Achomhairc
Déileálann le hachomhairc ón na hArdchúirte i gcásanna shibhialta agus le hachomhairc ag daoine ciontaithe sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta.
Déileálann triúr breitheamh leis na cásanna.

An Chúirt Chuarda
Cúirt dlínse teoranta agus áitiúla arna heagrú ar bhonn réigiúnach.
Sibhialta: Éilimh le luach nach mó ná €75,000.
Dlí an teaghlaigh: idirscaradh, scaradh breithiúnach, neamhniú agus gnóthaí coimhdeacha eile.
Coiriúil: triail ghiúiré i gcás cionta seachas cionta atá intriailte sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.
Cúirt achomhairc ón gCúirt Dúiche i ngach ní.

An Chúirt Choiriúil Speisialta
Bunaithe chun cionta a thriail i gcásanna ina bhfuil sé cinnte go bhfuil na gnáthchúirteanna neamhleor chun an riaradh éifeachtach ceartais a dhaingniú agus síocháin agus ord a choinneáil.
Déileálann triúr breitheamh leis na cásanna.

An Chúirt Dúiche
Cúirt dlínse teoranta agus áitiúla arna heagrú ar bhonn áitiúil.
Sibhialta: Éilimh le luach nach mó ná €15,000.
Dlí an teaghlaigh: Cothabháil, coimeád, rochtain agus foréigean baile.
Coiriúil: triail neamhghiúiré i gcás cionta a fholaíonn an chuid is mó cionta tráchta bóthair.
Oibríonn an Nós Imeachta maidir le Eileamh Bheaga laistigh den Chúirt Dúiche.

↑ *Léiríonn sé seo an struchtúr i gcomhair achomhairc.*



CAIBIDIL 2 – AN BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ

RÉAMHRÁ LEIS AN BPRÍOMH-OIFIGEACH FHEIDHMIÚCHÁIN

Choinnigh an tSeirbhís Chúirteanna uirthi ag baint tairbhe as an bhfeabhsú san aeráid eacnamaíoch sa bhliain 2016, le méadú inár leithdháileadh buiséadach don dara bliain as a chéile.

Bhaineamar leas as an méadú chun cáilíocht ár seirbhísí a fheabhsú – go háirithe i limistéir theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) agus an fhoirnithe. Bhain ríthábhacht le €1 milliún breise don TFC d'fhorbairt an bhonneagair riachtanaigh do roinnt mórthionscadal. D'ainneoin an easnaimh sa chistiú le blianta beaga anuas, táimid fós tiomanta chun cumas na teicneolaíochta a thaiscéaladh, óir go dtairgtear léi an réiteach is fearr chun ár seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú, agus chun luach ar airgead feabhsaithe a sheachadadh.

Is díreach chomh tábhachtach céanna ár dtiomantas chun tacú lenár bhfoireann agus chun iad a fhorbairt. Cuireadh ar ár gcumas agus ar 33 dár líon foirne le €1.25 milliún breise dár mbuiséad pá, agus chun folúntais a líonadh in oifigí túslíne agus tacaíochta. Is tosaíocht dúinne é athchur agus uas-sciliú ár bhfoirne i bhfianaise aoisphróifíl ár bhfoirne agus caillteanas an eolais institiúidigh shuntasaigh de réir mar a théann siad ar scor. Feidhmímid i gcomhshaol polaitiúil, gnó agus idirnáisiúnta atá ag éirí níos casta; agus caithfimid pleanáil do thodhchaí éiginnte ar dócha go mbainfidh éilimh níos mó ná riamh léi d'fhuílleach ár bhfoirne. Is ríthábhachtach dá réir go dtugaimid faoi phleanáil don lucht saothair chun easnaimh oilteacchtaí a shainaithint agus chun ullmhú i gcomhair na mblianta amach romhainn. Sainaithnítear inár bPlean don Lucht Saothair saincheisteanna soláthair agus éilimh ríthábhachtach sna trí bliana anuas go dtí an bhliain 2017, agus chuireamar tús leis an saothar ar athbhreithniú an Phlean i rith na bliana chun ullmhú i gcomhair na dtrí bliana síos go dtí an bhliain 2020.

Ceadaíodh le cistiú breise do chlár forlíontach saothair um sholáthar saoráidí fís-chomhdhála, ar rannchur tábhachtach iad do reáchtáil éifeachtúil na gcásanna sibhialta agus coiriúla inár gcúirteanna. Coinnímid orainn ag saothrú leis an tSeirbhís Phríosúin chun deiseanna fís-chomhdhála idir cúirteanna agus láithreacha príosúin a mhéadú chun tairbhe gach duine a bhaineann leis an gcóras ceartais choiriúil.

Léirítear inár mbéim ar fheabhsú na seirbhísí ár dtiomantas chun tacú le beartas an Rialtais. Is mar chuid de phobal níos leithne eagrais na Seirbhíse Poiblí a thacaímid le comhaontuithe agus le tionscnaimh Rialtais ina bhféachtar chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus chun luach níos fearr ar airgead a sholáthar.

Léirítear lenár n-iarrachtaí nuachóirithe na cinn a sainaithníodh sa Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016. Leagamar amach eochairspriocanna agus bearta inár rannchur leis an bPlean Comhtháite um Athchóiriú agus Seachadadh d'Earnáil an Cheartais i dtaca le roinnt tionscadal tábhachtach i rith na bliana 2016, a luaitear síos tríd an Tuarascáil seo. Áirítear leo:

- ár dtionscadal tógála mór lena seachadfar seacht dteach cúirte nua nó athchóirithe timpeall na tíre sa bhliain 2017.
- ár n-ionad cúirteanna nua molta i mBaile Átha Cliath lena soláthrófar foirgneamh saintiomanta don dlí teaghlaigh agus do chúirt na leanaí, suíomh nua don Chúirt Uachtarach agus an chóiríocht oifige nua don tSeirbhís féin
- tionscadail teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide lena n-éascófar d'íoc fíneálacha i dtráthchodanna agus taisceadh iarratas ceadúnaithe ar líne
- ár dtionscadal chun foghlaim agus forbairt foirne a fheabhsú, lena bhéim athnuaite ar an gcóitseáil, ar an meantóireacht agus ar an oiliúint agus
- ár rannpháirtíocht agus ár rannchur le tionscnaimh athchóirithe ar fud earnáil an cheartais.

Dírítear na bearta a leagtar amach i bPlean Athnuachana Státseirbhíse an Rialtais ar sheachadadh na n-athruithe praiticiúla. Is le fada atáimid tar éis an t-athrú sin a shainaithint mar bheart ríthábhachtach dár seirbhísí. B'fhianaise a bhí inár dtionscadal chun oifigí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche a theaglamú le chéile dár dtiomantas chun ár seirbhís a chuíchóiriú agus chun coinníollacha agus deiseanna a fheabhsú dár bhfoireann. Is leis an mbunús leanúnach do thabhairt isteach bealaí níos éifeachtúla chun gnó a dhéanamh thar ár n-oifigí go léir. Coinnímid orainn ag baint leasa as cur chuige LEAN chun próisis a athbhreithniú, agus bímid de shíor ag scrúdú na mbealaí ina mbeartaímid cúrsaí chun cleachtais neamhriachtanacha a dhíothú.

Bhunaíomar Oifig um Bainistiú Athraithe chun cur leis an bhfuinneamh a gnóthaíodh trínár dtionscnaimh nuachóirithe agus chun ár dtionscadail éagsúla um athrú a stiúradh chun cinn. Agus tar éis roinnt blianta den infheistíocht theoranta, d'athnuamar ár mbéim ar fhoghlaim agus forbairt foirne ach béim shuntasach a leagan ar an gcóitseáil agus ar an meantóireacht i dteannta leis an gcur chuige níos traidisiúnta don oiliúint.

Rinneadh dul chun cinn iontach lenár seacht dtionscadal um thógáil tithe cúirte, agus tá siad réidh chun bheith críochnaithe i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre i rith na bliana 2017. Is i dteannta lenár bpleananna chun ionad mór cathartha a thógáil do chásanna dlí teaghlaigh agus na cúirte leanaí agus don Chúirt Uachtarach ar féidir linn dul ar aghaidh go muiníneach go dtapóidh na húsáideoirí cúirte na saoráidí is fearr ar féidir linn a sholáthar.

Coinnímid orainn ag glacadh céimeanna chun prionsabail an dea-rialachais a leabú inár n-oibríochtaí. Tagann ár gcreatcháipéis rialachais leasaithe a foilsíodh i mí Aibreáin na bliana 2016 leis an gcaighdeán leasaithe um an Rialachas Corparáideach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe thiar sa bhliain 2015. D'fhoilsíomar freisin Beartas um Nochtuithe Cosanta chun ár dtiomantas chun tacú leis an bhfoireann ar mian leo saincheisteanna éagóra, nó éagóra féideartha sa láthair oibre a thabhairt aníos.

Ba chúis mórtais dúinn chun páirt a ghlacadh le comóradh an Stáit ar na himeachtaí a tharla i rith na bliana 1916. Chonacthas le cineál cuimsitheach an tionscnaimh chéad bliain aitheantas á thabhairt d'Éirí Amach na Cásca agus do Chath an Somme araon le go leor imeachtaí ómóis oiriúnacha. Chuaigh na céadta daoine linne ag imeachtaí sna Ceithre Cúirteanna agus timpeall na tíre chun cuimhneamh orthu siúd a throid agus a fuair bás. Labhair an tUachtarán Mícheál D. Ó hUigínn go fonnmhar faoin gcumas a bhaineann leis an láthair nua ag Príosún Chill Mhaighneann a mbeidh tóir ag cuairteoirí uirthi nuair a d'oscail sé an chomhshaoráid príosúin agus teach cúirte go hoifigiúil i mí an Mhárta. Is deas an rud gur tháinig ionad chomh hiontach sin ó thabhairt ar ais an tí chúirte stairiúil úd chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.

Teastaíonn tacaíocht agus comhoibriú ó réimse leathan grúpaí, gníomhaireachtaí agus ranna ar fud na tíre ó oibriú éifeachtúil an chórais chúirteanna. Níl sa tSeirbhís ach cuid amháin de leasphobal níos mó a shaothraíonn chun rochtain do gach úsáideoir cúirte a chinntiú. Gabhaim mo bhuíochas le foireann na Seirbhíse as a ndúthracht dhochloíte chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh ar fud gach dlínse cúirte agus in éagsúlacht limistéar tacaíochta. Is ionann iad go fóill agus ár n-acmhainn is mó, agus gheobhaidh siad tacaíocht gan staonadh uaim gan amhras, agus ó mo chomhghleacaithe san Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach, as a saothar. Gabhaim buíochas leis an bPríomh-Bhreitheamh agus le comhaltaí Boird na Seirbhíse agus le comhaltaí eile de na breithiúna as a ndlúthbhaint agus a leas leanúnach inár dtionscadail éagsúla. Is tacaíocht thábhachtach dúinne freisin í tacaíocht an Aire Dlí agus Cirt & Comhionannais, ó fhoireann a Roinne, agus ó dhaoine eile in éagsúlacht ranna rialtais eile. Is amhlaidh freisin a sholáthraíonn eagrais chomhghleacaithe lena n-áirítear An Garda Síochána, Barra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann, an tSeirbhís Phríosúin, an tSeirbhís Phromhaidh, agus Oifig na nOibreacha Poiblí, agus eagrais nach iad a thacaíonn le híospartaigh agus le daoine eile; agus cuirimid luach mór léi agus gabhaim buíochas ó chroí leo.

Léifidh tú síos tríd an tuarascáil seo faoi na hiarrachtaí a rinneadh i rith na bliana 2016 chun ár sainchúraimí a sheachadadh – bainistiú na gcúirteanna, tacaíocht a thabhairt do na breithiúna, faisnéis a sholáthar i leith an chórais chúirteanna don phobal, foirgnimh chúirte a sholáthar, agus saoráidía sholáthar d'úsáideoirí cúirte.

FORBAIRTÍ I RITH NA BLIANA 2016

Leagtar amach sa chuid seo gníomhaíochtaí agus gnóthachain na Seirbhíse i rith na bliana 2016 i gcoinne na spriocanna straitéiseacha a imlíníodh sa Phlean Straitéiseach 2014-2017. Is iad sin:

1. Seirbhísí den scoth agus luach ar airgead a sholáthar
2. Tacaíocht a thabhairt do na breithiúna
3. Foireann oilte, inniúil agus dhlúthpháirteach a fhorbairt
4. Tacú le bainistiú cásanna, comhshaothrú agus athchóiriú
5. Leas a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha agus
6. Cóiríocht cúirte oiriúnach a sholáthar.

SPRIOC 1: SEIRBHÍSI DEN SCOTH AGUS LUACH AR AIRGEAD A SEACHADADH

Forfheidhmiú na seirbhísí líne tosaigh

Is ríthábhachtach í cothabháil na seirbhísí líne tosaigh do bhainistiú na gcúirteanna agus do rath na Seirbhíse. Rinneadh gach iarracht i rith na bliana chun a chinntiú gur cothabháladh seirbhísí na hoifige ag na leibhéil sna blianta roimhe sin nó thuas. Choinnigh oifigí cúirte ar fud na ndlínsí orthu ag cothabháil seirbhísí agus suíonna, agus ag tacú le diúscairt éifeachtúil na gcásanna.

Is ríthábhachtach é bainistiú éifeachtúil ualach cásanna na gcúirteanna do sheachadadh seirbhíse den scoth d'úsáideoirí cúirte. Lean an fhoireann ar aghaidh ag dul i ngleic leis na breithiúna i gcaitheamh na bliana chun liostaí cúirte a bhainistiú agus chun tionscnaimh um bainistiú cásanna a chur chun cinn ar fud gach dlínse. (Tá sonraí na dtionscnamh um bainistiú liostaí cúirte ar leathanach 29). Cothabháladh gach suí cúirte sceidealaithe agus suí breise ar fud gach dlínse cúirte – An Chúirt Uachtarach, An Chúirt Achomhairc, An Ard-Chúirt, An Chúirt Chuarda agus An Chúirt Dúiche – i dteannta leis an gCúirt Choiriúil Speisialta.

Choinnigh an fhoireann orthu ag idirghníomhú le húsáideoirí cúirte in oifigí i mBaile Átha Cliath agus timpeall na tíre go pearsanta, ag na cuntair phoiblí, thar an nguthán, trí ríomhphost agus ar líne.

Seirbhísí a fheabhsú

Is féidir le forfheidhmiú tionscnamh reachtúil dul i bhfeidhm ar shaothar na Seirbhíse. (féach Caibidil 7). Áiríodh leis na samplaí i rith na bliana 2016 na cinn úd a díríodh ar mhéadú na roghanna d'idirghníomhú idir an saoránach agus an córas ceartais i ndáil le híoc fíneálacha.

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2010

Foráiltear san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (alt 44) gur féidir le duine nár íoc pionós muirir sheasta laistigh den teorainn ama shonraithe, agus atá tar éis toghairm a fháil, an pionós a íoc roimh dháta na héisteachta cúirte.Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag saothrú ar thionscadal leis an Roinn Dlí agus Cirt, leis an Roinn Iompair, agus leis An Garda Síochána chun ullmhú d'fhorfheidhmiú na rogha íocaíochta sin. Tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Iompair tar éis comhaontú chun an ghné TFC den tionscadal a chomhchistiú, leis an Roinn Iompair ag sásamh mhóramh an chostais.

Mhol an grúpa tionscadail go n-éascófaí don rogha íocaíochta nua trí thoghairmeacha a eisiúint go leictreonach leis An Garda Síochána, a chlóbhuailfidh agus a sheolfaidh na toghairmeacha ar son na seirbhíse. Imlonnaíodh an fhorbairt riachtanach i mí Lúnasa, ach níor forfheidhmíodh í ar feitheamh réiteach na saincheisteanna reachtúla leis an reachtaíocht phríomha.

An tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú) 2014

I measc na ngnéithe den Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú) 2014 tá tabhairt isteach na saoirse chun fíneálacha a íoc i dtráthchodanna agus gearradh éisteachta agus smachtbhannaí cúirt mar a mbíonn fíneáil fós gan íoc.

Tá an tSeirbhís gafa le tionscadal cheithre chéim chun cóiriú do riachtanais TFC an Achta, lena n-áirítear an rogha íocaíochta nua. Bhí an chéad agus an dara céim den tionscadal, chun íoc na bhfíneálacha a chumasú ina dtráthchodanna agus forfheidhmiú na bhfíneálacha gan íoc sa Chúirt Dúiche, i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2016 i leith.

Tá An Post ag forfheidhmiú na híocaíochta i dtráthchodanna trí mheán roinnt bealaí (lena n-áirítear ar líne, tríd an bpost, thar an gcuntar agus thar an nguthán), le fo-chuideachta An Post ag clóbhualadh na bhfógraí fíneálacha agus ag eisiúint meabhrúchán agus litreacha. Bhí socruithe tráthchoda i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana i ndáil le 2,062 fíneáil – arbh ionann agus ráta glacachta 2.6%.

Leanadh ar aghaidh leis an saothar i gcaitheamh na bliana ar an tríú céim den Tionscadal, atá roinnte ina dá leath. Imlonnaíodh i mí Lúnasa an chéad chuid le rianú na n-achomharc chun na Cúirte Dúiche. Bhí forbairt an dara céime inar pléadh na himeachtaí forfheidhmithe d'achomhairc na Cúirte Dúiche arna tástáil ag ceann na bliana.

Seirbhísí ar líne breise a sholáthar

Is ionann líon na n-iarratas agus na n-athnuachan ceadúnúcháin agus tuairim 50,000 cás in aghaidh na bliana sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche. Cuireadh tús leis an saothar ar chóras (ríomh-cheadúnú) chun comhdú ar líne na n-iarratas ceadúnúcháin sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche, ar íoc táillí cúirte ar líne agus ar sholáthar na rochtana do chlár ceadúnúcháin leictreonach.



Bhíothas tar éis an córas ríomhcheadúnúcháin a fhorfheidhmiú faoi dheireadh na bliana i sé oifig phíolótacha: Dún na nGall, Sligeach, Cora Droma Rúisc, Dún Dealgan, Bré agus Loch Garman. Cuireadh Cláir na gCeadúnas agus Clár na gCumann ar fáil don phobal ar líne i leith na gcontaetha úd.Bhíothas ag cur ar aghaidh an chórais phíolótaigh a thuilleadh chun cur ar chumas na n-aturnaetha chun iarratais cheadúnúcháin a thaisceadh le hoifigí na cúirte ar líne.

Athbhreithniú ar Oifigí Comhcheangailte

Aontaíodh ar théarmaí tagartha i mí na Samhna do thionscadal chun oibriú oifigí 'comhcheangailte' na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche tar éis chríochnú an Tionscadail Oifigí Comhcheangailte. Déanfar measúnú sa tionscadal ar struchtúr, róil agus freagrachtaí, oibriú feidhmiúil, treoirlínte acmhainnithe agus tacaíochtaí is infheidhmithe faoi láthair sna hoifigí cúirte comhcheangailte. Foirmleofar leis freisin moltaí agus bearta chun tairbhí agus éifeachtúlachtaí féideartha iomlána is inghnóthaithe don eagras agus don fhoireann a fhíorú. Bunaíodh grúpa oibre chun an tionscadal a chur ar aghaidh go luath sa bhliain 2017.

Oifig um Bainistiú Athruithe

Is i dteannta leis an Tionscadal d'Oifigí Comhcheangailte atá an tSeirbhís tar éis tabhairt faoi roinnt tionscadal mór eile um an athrú le blianta beaga anuas thar limistéir oibriúcháin agus tacaíochta araon. Áirítear leo sin Claochlú an Riaracháin agus na Struchtúr sa Tionscadal Cúirteanna, an Tionscadal um Logáil Clos-Taifeadtaí Digiteacha agus tionscadail airgeadais ar nós an Chórais Chuntasaíochta Cúirteanna agus an Córas Cuntas Airgeadais.

Ba chun dul chun cinn leanúnach i ndáil leo siúd a chinntiú, agus chun dul chun cinn a chruthú i ndáil le tionscadail eile, bhunaigh an tSeirbhís Oifig um Bainistiú Athruithe i rith na bliana. Soláthróidh an oifig lárphointe do chomhordú agus do mhonatóireacht ar gach tionscnamh um athrú gnó de chuid na Seirbhíse. Cinnteoidh sí ailíniú na dtionscnamh agus na dtionscadal le pleananna straitéiseacha, soláthróidh sí maoirseacht ar gach tionscnamh um athrú (ar na bioráin agus faoi lánseoil), agus tabharfaidh sí cúnamh don ghnó ina bhforghníomhú agus ina seachadadh.

D'ullmhaigh an oifig clár athraithe trí bliana lena n-ailínítear a clár saothair leis an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus leis an bPlean Comhtháite don Athchóiriú in Earnáil an Cheartais. Cuirtear an bhéim sa chlár ar sheachadadh seirbhíse, daoine, teicneolaíocht agus struchtúir, agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach Thionscnaimh na hoifige. Tacófar le forfheidhmiú an chláir trí chreatlach rialachais.

Ina theannta sin, tá an oifig ag soláthar tacaíochta leanúnaí do roinnt mórthionscadal lena n-áirítear athbhreithniú ar sholáthar na seirbhísí probháide rolladh amach an ríomhcheadúnúcháin, tionscadal athfhorbartha an dlí teaghlaigh agus tá sí ag feidhmiú mar chathaoirleach ar athbhreithniú na n-oifigí cúirte comhcheangailte. Tacaíonn an oifig freisin leis an Aonad Foghlama agus Forbartha mar chuid dá sainchúram chun an chaoi ina gcuireann an tSeirbhís oiliúint agus forbairt ar an líon foirne.

"Cinnteoidh an Oifig um Bainistiú Athraithe cur chuige níos comhordaithe d'fhorfheidhmiú an athraithe, ag cinntiú dá réir go mbaintear an tairbhe uasta d'úsáideoirí na cúirte agus seachadadh an luach ar airgead". Brendan Ryan, An Príomhfheidhmeannach.

Grúpaí úsáideoirí agus tacaíochta

Coinníonn an tSeirbhís uirthi ag dul i gcomhairle le grúpaí a bhaineann leas as seirbhísí na gcúirteanna i bhforbairt na mbeartas agus na dtionscnamh, ar bhunús foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Soláthraíonn na grúpaí sin aiseolas agus ionchur luachmhar freisin do shaothar leanúnach na Seirbhíse, lena mbaineann baill den Gharda Síochána, den tSeirbhís Phromhaidh, den tSeirbhís Phríosúin, de Bharra na hÉireann, de Dhlí-Chumann na hÉireann, d'Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, d'Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, agus d'éagsúlacht leasghrúpaí agus grúpaí tacaíochta.

Pléann grúpaí úsáideoirí sonracha le limistéir éagsúla de ghnó na cúirte a théann i bhfeidhm ar an gCúirt Chuarda agus ar an gCúirt Dúiche in ionaid i mBaile Átha Cliath agus timpeall na tíre lena n-áirítear Corcaigh, Dún Dealgan, Inis, Leitir Ceanainn, Luimneach, An Nás, An tAonach, Trá Lí, Baile Átha Troim, Tulach Mhór, agus Cill Mhantáin.

Buaileann Grúpa Úsáideoirí Sibhialta na gCúirteanna Uachtaracha faoi thrí huaire sa bhliain 2016 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le saothar na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, agus na hArd-Chúirte. Ina theannta sin, bhunaigh Lár-Oifig na hArd-Chúirte grúpa chun dul i ngleic le gníomhairí dlí chun éifeachtúlachtaí féideartha i limistéar poiblí na hoifige a phlé.

Choinnigh na grúpaí úsáideoirí orthu ag cinntiú go dtugtar san áireamh tuairimí agus moltaí na ndaoine úd a bhíonn rípháirteach sa chóras cúirteanna i dtaca le forbairt agus le hoibriú an bheartais agus na dtionscnamh. Soláthraíonn siad fóram freisin do mhalartú smaointe agus deis d'úsáideoirí chun éilimh agus ábhair imní a chomhroinnt.

Tacaíocht d'íospartaigh

Fanann an tacaíocht d'íospartaigh ina gné thábhachtach den tseirbhís a sholáthraítear d'úsáideoirí cúirte. Áirítear le mórthionscadail tógála a tugadh chun críche ó bunaíodh an tSeirbhís saoráidí saintiomanta d'íospartaigh leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla ag soláthar saoráidí de chaighdeán cuibheasach ard. Bíonn saoráidí comhchosúla ar fáil i bhfoirgnimh eile na cúirte, ach ar scála níos neamhfhairsinge, lena n-áirítear Cora Droma Rúisc, Caisleán an Bharraigh, Corcaigh, Inis, Gaillimh, Cill Chainnigh, Sligeach agus Tulach Mhór. Thacaigh an tSeirbhís le soláthar saoráidí nua i dteach cúirte Thrá Lí le hIonad Chiarraí don Éigniú agus don Mhí-Úsáid Ghnéasach i rith na bliana.

Áirítear saoráidí saintiomanta breise leis na seacht dtionscadal tógála cúirte atá ar siúl timpeall na tíre. Beidh na saoráidí sin ina ngné d'oibreacha móra athchóirithe sna tithe cúirte amach anseo.

Choinnigh an tSeirbhís uirthi i gcaitheamh na bliana ag cur in áirithe suíochán d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh sna seomraí cúirte, go háirithe le linn trialacha coiriúla níos faide.

Faigheann an tSeirbhís ionadaíocht go leanúnach ar ghrúpa oibre idirghníomhaireachta don cheartas coiriúil, ag comhordú fhorfheidhmiú Threoir 2012/29/AE i leith Íospartaigh na Coireachta ar fud na ngníomhaireachtaí sa cheartas coiriúil. Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta)

2016 chun an Treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann an 29 Nollaig. Bunaítear leis na híoschaighdeáin i leith na gceart, na tacaíochta agus na cosanta d'íospartaigh na coireachta.

D'fhreastail os cionn 70 ball foirne líne tosaigh a idirghníomhaíonn le híospartaigh na coireachta ar sheisiún oiliúna agus faisnéise i rith na bliana. Áiríodh leis an seisiún faisnéis faoi na ceanglais i dTreoir an AE, agus faisnéis faoin Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt (VSAC), eagras neamhrialtasach a thacaíonn le híospartaigh agus lena dteaghlaigh nuair a fhreastalaíonn siad ar an gcúirt.

Soláthraíodh oiliúint freisin do 11 ball foirne a éascaíonn d'fhinnéithe leochaileacha ag tabhairt fianaise i dtrialacha coiriúla trí nasc físeáin. Freastalaíonn siad i seomra ar leithligh ó sheomra na cúirte, agus an finné ag tabhairt fianaise os comhair na cúirte. Rinneadh an oiliúint i gcomhar leis an gcarthanas do leanaí Barnardos. Clúdaítear leis na treoirlínte Tús Áite do Leanaí de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus prótacail na Seirbhíse um sholáthar na seirbhíse naisc físeáin.

Tacaíocht dóibh siúd le saincheisteanna fiachais

Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag saothrú leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) i rith na bliana chun faisnéis den scoth a thairiscint dóibh siúd sáinnithe le riaráistí morgáiste. D'fhreastail comhairleoirí MABS ar thithe cúirte nuair a bhí imeachtaí seilbhe ar siúl os comhair cláraitheoirí contae sa Chúirt Chuarda. Bhí comhairleoirí fiachais phearsanta ar fáil i bhfoirgnimh na cúirte chun cúnamh le daoine ag teacht os comhair na gcúirteanna.

Tionscnamh oiliúna custaiméirí

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le tionscnamh chun cúnamh le haturnaetha faoi oiliúint ina gcuid plé le foireann agus le gnó na hArd-Chúirte. Ba í foireann Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte a d'fhorbair an tionscnamh, lenar áiríodh struchtúr agus ábhar na hoiliúna féin, agus arna chomhaontú le Rannóg Oideachais an Dlí-Chumainn. Thug an fhoireann láithreoireachtaí le hos cionn 70 aturnae faoi oiliúint i leith cúrsaí lena n-áirítear liostú na gcásanna san Ard-Chúirt, faisnéis infhaighte ar an láithreán gréasáin, cúrsaí nósanna imeachta, agus treoir ghinearálta do shaothar na hoifige.

Gearáin ó chustaiméirí

Fuarthas 51 gearán foirmiúla ó chustaiméirí i rith na bliana 2016. Bhain an móramh acu (41) le cúrsaí riaracháin ar pléadh leo tríd an nós imeachta do ghearáin ó chustaiméirí. Bhain deich ngearán le cúrsaí nárbh fhéidir plé leo trí mheáin riaracháin.

Seirbhísí Eadrána agus Tacaíochta

Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag saothrú le gníomhaireachtaí eile um fhorbairt malairtí neamhbhreithiúnacha do réiteach díospóidí agus do shocrú saincheisteanna i rith na bliana.

Cásanna sibhialta

Choinnigh saorálaithe na dtrí ghníomhaireacht seirbhíse de bheith ar fáil i gCúirt Shibhialta Dhúiche Bhaile Átha Cliath chun spreagadh do dhlíthithe chun machnamh faoi eadráin a fháil i leith díospóidí áirithe, lena n-áirítear díospóidí teorann, ionchúisimh phríobháideacha as briseadh na síochána, gearáin faoi thorann nó peataí núise, agus díospóidí faoi bhaill teaghlaigh is aosaigh i leith ceisteanna maoine. Bhuail Páirtithe i 17 cás le hionadaithe ó cheann amháin de na gníomhaireachtaí, tar éis dóibh teacht os comhair na cúirte nó ag oifig na cúirte.

Cásanna teaghlaigh – eadráin

Leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh eadrána lenar bhain an tSeirbhís, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil sa Chúirt Dúiche i gCorcaigh, Baile Átha Cliath (Teach Dolphin), An Nás, Luimneach agus Tiobraid Árann (An tAonach agus Cluain Meala). Cuireadh tús le seirbhísí nua in Inis i mí Dheireadh Fómhair agus i nDún Dealgan agus i dTrá Lí i mí na Nollag.

Is éard is cuspóir leo ná chun malairt a thairiscint do thoradh arna bhreithniú sa chúirt, agus bealach níos iomchuí chun díospóidí teaghlaigh áirithe a réiteach. Tugtar cuireadh ar dtús do pháirtithe a bhíonn ag machnamh faoi imeachtaí a thionscnamh i ndáil le rochtain, caomhnóireacht nó cúrsaí cúraim chun freastal ar sheisiúin faisnéise faoin eadráin. Tairgtear próiseas eadrána foirmiúil ansin do pháirtithe a bhíonn toilteanach chun dul i ngleic leis an tseirbhís dhlíthiúil a bhíonn ar fáil ar an suíomh trí mheán an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Tionscnamh idirghabhála Teaghlaigh				
Ionad	Na páirtithe ag freastal ar na seisiúin faisnéise		Comhaontuithe tugtha chun críche	
	2016	2015	**2016**	2015
Corcaigh	100	162	23	**31**
Baile Átha Cliath	1,342	1,603	337	421
Naas	170	194	37	47
Tiobraid Árann	132	144	23	25
Luimneach	102	115	13	12
Inis	27	-	6	-
Dún Dealgan	6	-	0	-
Tralee	5	-	0	-

Thacaigh an tSeirbhís leis an gcéad imeacht sna Ceithre Cúirteanna, dar theideal 'Mediation and the Courts – Perspectives from the Bench' a chomhtharla leis an tSeachtain Feasachta faoin Eadráin i mí Dheireadh Fómhair.Thug baill de na breithiúna a ndearcadh i leith ceist na headrána agus na cúirteanna, óna gcuid taithí sular ceapadh chuig an mbinse iad agus ina dhiaidh sin.

Cásanna teaghlaigh – tacaíocht

Leanadh ar aghaidh le seirbhís tacaíochta agus tarchurtha do mhná arna soláthar ag trí eagras – Women's Aid, Seirbhís Fhoréigean Baile Bhaile Átha Cliath 12, agus Ionad For-Rochtana Inse Chór – i gCúirt Teaghlaigh Dhúiche Bhaile Átha Cliath i gcaitheamh na bliana. Bíonn an tseirbhís ar fáil do gach bean a bhaineann leas as an gcúirt d'iarratas faoin Acht um Fhoréigean Teaghlaigh go sonrach, ach i leith cúrsaí coimhdeacha tábhachtacha freisin lena n-áirítear cosaint na naíonán. Bíonn sí ar fáil freisin do mhná a thagann os comhair na hoifige ag cur in iúl go mbaineann an foréigean teaghlaigh dóibh.Thapaigh os cionn 400 bean an tSeirbhís Tacaíochta & Tarchurtha i dTeach Dolphin, le 113 bean breise ag fáil tacaíochta thar an nguthán i rith na bliana.

Choinnigh AMEN orthu, eagras neamhrialtasach le tacaíocht ón Stát a oibríonn le híospartaigh an fhoréigin theaghlaigh is fir, ag soláthar seirbhíse for-rochtana i dTeach Dolphin. Soláthraítear d'iarratasóirí fireanna a thuairiscíonn an foréigean teaghlaigh ina gcoinne na sonraí teagmhála do AMEN. Má theastaíonn a thuilleadh tacaíochta uathu, is féidir coinne a dhéanamh le hoibrí tacaíochta ó AMEN chun bualadh leo i seomra comhairliúcháin i dTeach Dolphin.

Chuir Amber (Kilkenny Women's Refuge Limited) tús le seirbhís chun dul i dteannta le mná chun na cúirte i gcomhair éisteacht na n-iarratas i gcásanna foréigin theaghlaigh ar laethanta dlí teaghlaigh na Cúirte Dúiche i dteach cúirte Chill Chainnigh. Soláthraíonn Cúnamh do Mhná seirbhís chomhchosúil i dteach cúirte Cheatharlach agus i dteach cúirte Dhún Dealgan, agus Grúpa Tacaíochta Laoise don Drochíde sa Teaghlach ag cúnamh le mná i dteach cúirt Phort Laoise, agus Ionad Tearmainn Bhré ag cúnamh le mná i dteach cúirte Bhré.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Choinnigh an tseirbhís uirthi ag feabhsú seirbhísí ar fáil sa Ghaeilge de réir an chéad agus an dara scéim ó thosach feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Táthar tar éis seirbhísí Gaeilge a fhorbairt san fhaisnéis, san aistriúchán, sna turais phoiblí, sna córais TFC, sa ríomhphost, san fháiltiú thar ghuthán, sa chumas labhartha agus sna cúrsaí oiliúna. Tá láithreán gréasáin na Seirbhíse agus éagsúlacht foilseachán, lena n-áirítear rialacha na cúirte agus táillí cúirte, ar fáil sa Ghaeilge, agus soláthraíonn an tSeirbhís turais ar fhoirgnimh chúirte i mBaile Átha Cliath agus i nDún na nGall sa Ghaeilge. Tá an tSeirbhís tar éis costais aistriúcháin agus ateangaireachta a íoc chun cur ar chumas na nGaeilgeoirí is úsáideoirí cúirte chun cásanna a dhéanamh sa Ghaeilge i gcásanna iomchuí.

Teanga	Iarratais	
	2016	**2015**
An Pholainnis	2,420	2,141
An Rómáinis	1,449	1,433
An Liotuáinis	1,081	1,049
An Rúisis	797	712
An Laitvis	240	259
An Mhandairínis	243	251
An Phortaingéilis	232	166
An tSeicis	194	160
An Fhraincis	97	120
An Araibis	183	118
Eile	1079	1,081
Iomlán	**8,015**	**7,490**

Bhain an dá ghearán a fuarthas ón gCoimisinéir Teanga sa bhliain 2016 le húsáid na comharthaíochta trí Bhéarla amháin taobh amuigh d'fhoirgneamh na Seirbhíse. Réitíodh an dá cheann acu chun sástacht an ghearánaí agus An Choimisinéara féin.

Taisceadh dréacht den tríú scéim leis an tSeirbhís faoin Acht leis an gCoimisinéir ag deireadh na bliana. Foilsíodh fógra i leith ullmhú na Scéime sna nuachtáin náisiúnta i gcomhréir leis an Acht.

Seirbhísí ateangaireachta

D'ainneoin an mhéadaithe sa chostas le seirbhísí ateangaireachta ó €912,000 sa bhliain 2015 chuig €1.038m sa bhliain 2016, tá an costas foriomlán tar éis laghdú faoi 65% sna blianta tar éis 2008.

Coinníonn an tSeirbhís uirthi ag soláthar ateangairí teanga chomharthaíochta do chosantóirí agus d'fhinnéithe bodhra nó lagéisteachta i dtrialacha agus éisteachtaí cásanna de réir mar is gá.

SPRIOC 2: TACAÍOCHT A THABHAIRT DO NA BREITHIÚNA

Is feidhm reachtúil de chuid na Seirbhíse Cúirteanna í chun tacaíocht a thabhairt do na breithiúna, agus dírítear acmhainní nach beag ar chomhlíonadh an tsainchúraim sin. I dteannta a chinntiú go dtacaítear le gach suí sceidealaithe agus speisialta den chúirt, choinnigh an tSeirbhís uirthi ag cúnamh leis na breithiúna le tionscnaimh chun próiseáil na gcásanna a chuíchóiriú. Áiríodh leo sin nósanna imeachta feabhsaithe do bhainistiú cásanna agus treoracha cleachtais chun caighdeán na cáipéisíochta a thaisctear in oifigí cúirte a fheabhsú.

Thug an tSeirbhís tacaíocht i rith na bliana 2016 do bhreithiúna ó gach dlínse cúirte:

An Bhreithiúnacht: 2012 – 2016 an 31 Nollaig (maille le huaslíonta incheadaithe)					
	2012	**2013**	**2014**	**2015**	**2016**
An Chúirt Uachtarach	8 (8)	10 (10)	10 (10)	10(10)	9 (10)
An Chúirt Achomhairc	n/b	n/b	10 (10)	9(10)	10 (10)
An Ard-Chúirt	36 (36)	33 (36)	34 (36)	36 (40)	40 (40)
An Chúirt Chuarda	38 (38)	44 (46)	44 (46)	43 (46)	44 (46)
An Chúirt Dúiche	62 (64)	61 (64)	63 (64)	63 (64)	62 (64)
Total	**144 (146)**	**148 (156)**	**161 (166)**	**161 (170)**	**165 (170)**

Suíonna cúirte

An Chúirt Uachtarach

Diúscraíodh den chuid ba mhó leis na hachomhairc a choinnigh an chúirt tar éis bhunú na Cúirte Achomhairc sa bhliain (achomhairc oidhreachta) faoi dheireadh na bliana. Chonacthas méadú faoi 58% i líon na n-iarratas ar chead chun achomhairc faoi dhlínse nua na cúirte i gcomparáid leis an mbliain 2015.

Dhiúscair an chúirt 189 achomharc oidhreachta i rith na bliana 2016. Ina theannta sin, fuair an chúirt 152 iarratas nua ar chead chun achomhairc, dheonaigh cead chun achomhairc i gcás 58 iarratas, agus diúscraíodh de 161 iarratas. Déantar móramh na n-iarratas ar chead a bhreithniú gan éisteacht ó bhéal. Foilsíodh na cinntí scríofa agus na cáipéisí iarratais ar láithreán gréasáin na Seirbhíse.

Is í an chúirt, le tacaíocht ó Oifig na Cúirte Uachtaraí, a bhainistíonn cásanna na n-iarratas agus na n-achomharc ón dáta comhdaithe chuig dáta na diúscartha. Lean an chúirt ar aghaidh de bheith ina suí in dá phainéal chun plé le hachomhairc nua agus oidhreachta. Sannann an Príomh-Bhreitheamh iarratas ar chead faoin dlínse nua do phainéil triúir bhreithiúna chun a mbreithniú éifeachtúil a chinntiú. Sanntar achomhairc nua mar ar deonaíodh cead do bhreithiúna aonair i gcomhair cás-bhainistiú faoi na socruithe úra atá deartha chun sreabhadh cásanna agus úsáid an ama bhreithiúnaigh a optamú.

B'ionann an meánachar feithimh d'iarratais ar chead chun achomhairc ag deireadh na bliana agus trí sheachtain (ó chomhdú na cáipéisíochta comhlánaithe chuig breithniú na cúirte). B'ionann an meánachar feithimh d'éisteacht achomhairc (ó bhreithniú an iarratais ar chead) agus 38 seachtain.

Tugann an Chúirt Uachtarach achomhairc ar phointí dlí lena mbaineann tábhacht ghinearálta don phobal nó mar a mbreithníonn sí go dteastaíonn achomharc chun na cúirte ar mhaithe leis an gceartas. Díríonn sí dá réir ar na saincheisteanna bunreachtúla agus dlíthiúla lena mbaineann an suntas is mó a thagann aníos i riarachán an chórais cheartais.

An Chúirt Achomhairc

Is é breitheamh ainmnithe le hUachtarán na Cúirte a mhaoirsíonn bainistiú liosta na Cúirte Achomhairc, chun an liosta achomharc sibhialta agus coiriúil a bhainistiú go gníomhach ar bhunús seachtainiúil chun a chinntiú go bpléitear le cásanna chomh héifeachtúil agus is féidir, agus go gcoinnítear na moilleanna chomh híosta agus is féidir. Cuirtear cur chuige mear chun feidhme na n-achomharc sibhialta gairid mar a mbíonn feidhm le prionsabail dlíthiúla comhchosúla agus mar ar féidir breithiúnas a thabhairt lá na héisteachta. Is ionann an t-achar feithimh do na hachomhairc úd agus naoi mí (ag brath ar infhaighteacht na mbearnaí sa sceideal bliantúil). Is ionann t-achar feithimh d'achomhairc óna dteastaíonn níos mó ná dhá uair agus 18 mí.

Éascaítear d'achomhairc phráinneacha ar nós Choinbhinsiún na Háige/fhuadach leanaí agus cásanna tearmainn do theifigh, ag féachaint do ghéire na práinne a léirítear. Bainistítear cásanna na n-achomharc sibhialta le gné choinneála/choiriúil sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla le painéal cheathrar breithiúna a

shanntar chun plé leis an liosta achomharc coiriúil, ag cinntiú dá réir na géire práinne a theastaíonn d'éisteacht na n-achomharc úd.

Is i dtreoir chleachtais arna heisiúint ag Uachtarán na Cúirte i rith na bliana a leagtar amach na riachtanais den Chúirt i ndáil le hábhar agus le léiriú na bpáipéar le hachomharc sibhialta sa tsúil chun na glancheisteanna a shainaithint san achomharc, agus na páipéir a shrianadh d'ábhar ábhartha chun éifeachtúlachtaí a chinntiú ó thaobh ama agus léiriú sa chur i láthair den achomharc.

An Chúirt Choiriúil Speisialta

Tar éis chinneadh an Rialtais chun an dara Cúirt Choiriúil Speisialta a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar achair fheithimh do thrialacha, chuir an dara cúirt tosach feidhme le héisteacht cásanna sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mí na Bealtaine. Ba i gcomhar le geallsealbhóirí eile a thug an tSeirbhís cúnamh do na hullmhúcháin i gcomhair na cúirte nua lenar áiríodh forbairt saoráidí seomra cúirte le slándáil breise, cóiríochta breithiúnaí, uasghráduithe córais TFC, ceapadh na gcláraitheoirí cúirte agus leasú na rialacha cúirte.

B'ionann an t-achar feithimh do chásanna chun bheith réidh dá dtriail agus 24 mí roimh shuí an dara cúirt. Bhíothas tar éis an t-achar sin a laghdú chuig 15 mí ag deireadh na bliana.

An Ard-Chúirt

D'fhan na hachair fheithimh san Ard-Chúirt cuibheasach íseal, agus achair fheithimh ní ba lú ná sé seachtaine ann do mhóramh na liostaí. Choinnigh Uachtarán na hArd-Chúirte air ag coinneáil na n-achar feithimh faoi athbhreithniú agus ag tabhairt isteach beart chun cúnamh le diúscairt phras na gcásanna. Ba shampla é an liosta bannaí mar ar laghdaíodh líon na n-iarratas faoi ní ba mhó ná 35% le tabhairt isteach athruithe d'oibriú an liosta, ónar tháinig éisteacht beagnach gach ábhar an chéad lá de liostú nó an lá dár gcionn. Léiríodh an méid sin in achair fheabhsaithe do chríochnú cásanna do na cúirteanna, agus éifeachtúlachtaí móra don tSeirbhís Phríosúin.

Áiríodh le feabhsuithe breise treoracha cleachtais inar foráladh do thaisceadh leictreonach, formáid agus fad na n-aighneachtaí dlíthiúla chun nósanna imeachta a chuíchóiriú; agus tionscnamh chun achair fheithimh don éisteacht a laghdú d'éisteacht na gcaingne díobhálacha pearsanta in ionaid tíre, lenar áiríodh trí mheán aistriú chun éisteachta i mBaile Átha Cliath..

Is féidir le moilleanna um éisteacht cásanna tarlú ar chúiseanna lasmuigh de smacht na gcúirteanna agus na Seirbhíse Cúirteanna, mar shampla dofhaighteacht finné nó fianaise ríthábhachtaí nó páirtithe ná a gcleachtóirí dlíthiúla gan bheith réidh chun dul ar aghaidh. Cuirtear cásanna ar athlá dá mbarr sin, rud a fhéadann tionchar mór a fheidhmiú ar an achar a ghlactar chun éisteacht cáis a chríochnú agus ar líon na gcásanna ar féidir iad a dhiúscairt i suí amháin na cúirte.

An Phríomh-Chúirt Choiriúil

Thacaigh an tSeirbhís le hUachtarán na hArd-Chúirte le tabhairt isteach an chúigiú suí den Phríomh-Chúirt Choiriúil i rith na bliana. Sannadh foireann breise don Chúirt agus cuireadh saoráidí ar fáil (idir sheomraí cúirte agus chóiríocht don ghiúiré) sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla. Rannchuir an suí breise le laghdú san achar feithimh sa chúirt ó 18 mí chuig 11 mí.

An Chúirt Chuarda agus An Chúirt Dúiche

Reáchtáladh suíonna den Chúirt Chuarda agus den Chúirt Dúiche de réir an sceidil i rith na bliana, le suí ar bith cealaithe de bharr neamhfhaighteacht acmhainní na Seirbhíse. Coinníodh na hachair fheithimh faoi athbhreithniú leanúnach i gcomhairle le hUachtaráin an dá chúirt chun a chinntiú gur coinníodh na hachair fheithimh chomh híosta agus ab fhéidir.

Lean an tSeirbhís ar aghaidh le hidirchaidreamh le hUachtaráin na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche i ndáil le reáchtáil suíonna breise. Tugadh tosaíocht ina leith sin don tacaíocht do shuíonna breise i leithdháileadh foirne breise.

Coigeartaíodh liostú an ghnó choiriúil sa Chúirt Chuarda faoi mar ba ghá chun an t-achar ama is uasta a thabhairt do limistéir ghnó práinneacha. Leanadh ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta don ghnó coiriúil (seachas i gcásanna éigeandála) chun an dáta trialach is luaithe a chinntiú dóibh siúd faoi choinneáil, le suíonna ar leithligh ann don choireacht sa chuid ba mhó de na cuarda.

Ba í an tSeirbhís, i gcomhairle le hUachtarán na Cúirte Dúiche, a shocraigh atheagrú ghnó na Cúirte Dúiche i mBaile Átha Cliath, chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal tromchúiseach na moilleanna le héisteacht na gcásanna dlí teaghlaigh. Aistríodh an gnó cúraim leanaí ó Theach Dolphin chuig Sráid na Seansaireachta. Aistríodh gnó toghairme An Garda Síochána ó Shráid na Seansaireachta chuig na Cúirteanna Dúiche sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla agus i mBaile Bhlainséir, agus aistríodh an Chúirt Chóireála Drugaí ó Shráid na Seansaireachta chuig Sráid na Faiche. Ba é an toradh leis ná méadú i líon na seomraí cúirte saintiomanta don dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche i lár Chathair Átha Cliath ó chúig cinn chuig ocht gcinn.

Tugtar aghaidh le hinfhaighteacht mhéadaithe na seomraí cúirte i dTeach Dolphin ar roinnt de na huireasaí san fhoirgneamh, agus ceadaítear léi do bheartú tosaíochta i leith na n-iarratas, lena n-áirítear iarratais don fhoréigean teaghlaigh, rud a ghineann laghdú sna hachair fheithimh.

Cuimsíodh an saothar a aistríodh chuig na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla le saothar na sé Chúirt Dúiche reatha. Theastaigh atheagrú chuige sin ar leithdháileadh an tsaothair thar gach sé chúirt i gcomhoibriú leis na breithiúna agus le gach geallsealbhóir eile. Bhain dúshláin suntasacha leis freisin chun aistriú an tsaothair agus na foirne ó Shráid na Seansaireachta chuig an dá ionad nua a chomhordú.

An Chúirt Chóireála Drugaí

Soláthraítear malairt sa cheartas aisiríoch leis an gCúirt Chóireála Drugaí do phianbhreith choimeádta i gcomhair daoine le handúile sna drugaí atá tar éis pléadáil ciontach os comhair na Cúirte Dúiche, nó atá tar éis bheith ciontaithe roimpi, i leith cúiseanna coiriúla neamh-fhoréigneacha i ndáil lena gcur leis.

Atreoraíodh 174 rannpháirtí nua chuig an gclár cúirte sa bhliain 2016, arbh é an líon ab airde é ó cuireadh tús leis an gclár thiar sa bhliain 2001, agus méadú faoi 77% ón mbliain 2015. Fuair cúigear rannpháirtithe céim ag an leibhéal ab airde (ór).Áiríodh leis na cuairteoirí ar an gcúirt i rith na bliana an feachtasóir um chearta an duine An tAthair Peter McVerry, An tAire Stáit do Phobail agus don Straitéis Náisiúnta um Dhrugaí Catherine Byrne T.D. agus an Breitheamh Katherine Kelly ón gClár Cúirte Drugaí, San Francisco, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Cúnamh taighde

Is fachtóir mór í infhaighteacht cúnaimh thaighde d'ardchaighdeán d'úsáid éifeachtúil an ama bhreithiúnaigh. Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag soláthar tacaíocht ar éagsúlacht cineálacha ball dena breithiúna i gcaitheamh na bliana.

Cúntóirí breithiúnacha

Bhí os cionn 60 cúntóir breithiúnach ann faoi cheann na bliana, arbh iondúil dóibh bheith ina gcéimithe dlí le déanaí, arna bhfostú ag an tSeirbhís ar chonarthaí téarma sheasta. Sanntar na cúntóirí sin chuig an Oifig Taighde Breithiúnach, agus chuig an gCúirt Uachtarach, an Chúirt Achomhairc, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Chuarda.

Soláthraíonn an Oifig Taighde Breithiúnach (JRO) cúnamh taighde do na breithiúna i ngach aon chúirt. Áirítear leis na tascanna a shanntar don oifig sin taighde do bhreithiúna ó gach dlínse, ullmhú ábhair d'fhoilsiú ar inlíon na mbreithiúna, ullmhú agus nuashonrú lámhleabhar do gach dlínse cúirte, agus profléamh breithiúnas agus cáipéisí eile. Is í an Oifig Taighde Breithiúnach a chothabhálann bunachar sonraí d'ábhair thaighde lena n-úsáid freisin.

Measctar ról an chúntóra bhreithiúnaigh agus an ghiolla chúirte thraidisiúnta sna cúntóirí breithiúnacha a shanntar do bhreithiúna ó na dlínsí cúirte éagsúla. Sanntar cúntóir breithiúnach amháin do na breithiúna a ceapadh tar éis na bliana 2011 seachas giolla cúirte. Tugann na cúntóirí breithiúnacha úd cúnamh don bhreitheamh chun ullmhú don chúirt, chun an breitheamh a stiúradh chun na cúirte, agus chun cúnamh leis an mbreitheamh faoi mar is gá. Déanann siad taighde freisin ar phointí dlí, dréachtaí a ullmhú de bhreithiúnais, agus breithiúnais chríochnaithe a phrofléamh sula seachadtar agus sula bhfoilsítear iad.

Sanntar díorma breise cúntóirí breithiúnacha chun tacaíocht le saothar na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc agus na hArd-Chúirte.

Thug Bord na Seirbhíse faomhadh i mí na Nollag 2016 do bhunú Ghrúpa Athbhreithnithe Cúntóirí Breithiúnacha chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcóras reatha agus ar a chumas chun éilimh na mbreithiúna a shásamh idir an meántéarma agus an fadtéarma. Déanfaidh an Grúpa, lena mbainfidh baill de na breithiúna agus oifigigh shinsearacha na Seirbhíse, athbhreithniú ar na seirbhísí tacaíochta breithiúnacha i ndlínsí eile leis an dlí coiteann, go háirithe Tuaisceart Éireann, Alba agus an Ríocht Aontaithe, agus déanfaidh sé moltaí san ábhar. Táthar ag dúil go dtuairisceoidh an Grúpa, faoi chathaoirleacht bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, chuig an mBord faoi lár na bliana 2017.

Leabharlann agus saoráidí taighde

Lean Leabharlann na mBreithiúna uirthi ag soláthar seirbhíse do bhreithiúna, taighdeoirí breithiúnacha agus d'fhoireann na Seirbhíse. Áirítear le hacmhainní na leabharlainne síntiúis le réimse bunachar sonraí ar líne, agus le croí-irisleabhair, tuairiscí dlí agus reachtaíocht, i dteannta le téacsleabhair dhlíthiúla.

Sholáthair foireann na leabharlainne oiliúint agus cúnamh in úsáid na n-acmhainní faisnéise éagsúla do léitheoirí, lenar áiríodh roinnt turas ionduchtaithe sa leabharlann, cruinnithe le breithiúna nua-cheaptha, agus oiliúint mhionsonraithe de bhunachair shonraí ar líne. Thapaigh siad deiseanna freisin don fhorbairt agus oiliúint ghairmiúil leanúnach chun coinneáil ar an eolas i leith treochtaí agus dea-chleachtas, agus rannchuir siad leis an ngairm trí dhlúthpháirtíocht leis na comhlachtaí gairmiúla.

Tacaíocht breise

An tAonad Tacaíochta Breithiúnaí

Choinnigh an tAonad Tacaíochta Breithiúnaí air ag soláthar seirbhíse ilfhreastail do shaincheisteanna is cás le gach breitheamh. Áirítear leis na limistéir arna mbainistiú ag an Aonad an taisteal breithiúnach (idir thaisteal dúchasach agus eachtrach), bailíochtú na n-éileamh taistil, próiseáil íocaíochta d'éadaí breithiúnacha, socruithe prótacail agus idirchaidreamh de réir mar is cuí idir an bhreithiúntacht agus codanna eile den tSeirbhís, agus idir an bhreithiúntacht agus ranna Rialtais eile.

Lean an tAonad ar aghaidh ag freastal do chuairteoirí breithiúnacha agus riaracháin ó Éirinn agus ó thar lear, agus d'eagraigh cuairteanna sainoiriúnaithe lenar áiríodh deiseanna chun bualadh le breithiúna agus le foireann na Seirbhíse. Tháinig na cuairteoirí ó thar lear sa bhliain 2016 ón Albáin, ón mBeilg, ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ó Cheanada, ón tSín, ón gCosaiv, ón Macadóin, ón Maláiv, ó Mhontainéagró, ón Iorua, ón Rómáin, ón tSeirbia, ón Afraic Theas, ón Tuirc, ón Ríocht Aontaithe agus ó Mheiriceá, agus áiríodh leo freisin Acadamh Idirnáisiúnta na mBreithiúna Trialach, agus ó Chuaird Eorpach an Bharra.

Áiríodh leis na himeachtaí a comhordaíodh ag an Aonad i gcaitheamh na bliana cruinniú breithiúna ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann, agus ó Shasana agus an Bhreatain Bheag, agus cruinniú de chuid Líonra Eorpach Chomhairle na mBreithiúna. D'eagraigh an tAonad comhdhálacha freisin do bhreithiúna ó dhlínsí cúirte aonair i míonna Aibreáin, na Bealtaine agus Iúil, agus comhdháil náisiúnta i mí na Samhna.

Choinnigh an tAonad air freisin ag soláthar tacaíochta rúnaíochta agus riaracháin don Choiste um Staidéir Bhreithiúnacha, agus don Bhord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, ar neamhspleách ón tSeirbhís iad..

Clár Intéirneachta an Phríomh-Bhreithimh

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do chlár do mhic léinn tríú leibhéal nua-chéimithe le hurraíocht ón bPríomh-Bhreitheamh i mí an Mheithimh.Bhí mic léinn ó ocht n-ollscoil ina n-intéirneach le breithiúna ón gCúirt Uachtarach, ón gCúirt Achomhairc, ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Dúiche. Chonaic siad imeachtaí na cúirte, agus rinne siad taighde dlíthiúil chun cúnamh le hullmhú cásanna i rith an chláir. D'fhreastail siad ar léachtaí freisin arna n-eagrú ag coiste breithiúnach agus thug siad cuairt ar roinnt foirgneamh cúirte i mBaile Átha Cliath.

"Is é an clár intéirneachta is fearr dá bhfuil ar fáil do mhic léin atá sa Chlár. Ní hamháin gur tháinig feabhas ar mo thuiscint ar an gcóras cúirteanna, ach cuireadh go mór le mo thuiscint ar an dlí le linn mo cheithre seachtaine. B'fhéidir gurbh í an taithí foghlama ba mhó a chonaic mé le linn mo cheithre bliana ag staidéar an dlí mar fhochéimí". Ross Power, Ollscoil Mhá Nuad.

Tacaíocht d'úsáid na teicneolaíochta ríomhaireachta

Choinnigh foireann an Aonaid TFC uirthi, le tacaíocht ó sholáthróirí seirbhíse bainistithe, ag freastal ar chomhdhálacha breithiúnacha i rith na bliana chun eolas agus tacaíocht breise a sholáthar don bhreithiúntacht maidir le soláthar agus úsáid an trealaimh agus chun freagra a thabhairt i leith saincheisteanna teicniúla faoi leith. Áirítear le tacaíochtaí eile deasc chabhrach TFC agus seirbhís tacaíochta ag an deasc d'iarratais bhreithiúnacha.

Tapaíonn breithiúna nuacheaptha oiliúint i leith úsáid an trealaimh TFC, le hoiliúint breise á cur ar fáil do gach breitheamh ach iarratas a fháil.

Soláthar agus úsáid na teicneolaíochta den seomra cúirte

Tá tabhairt isteach na teicneolaíochta sa seomra cúirte tar éis cúnamh le próiseáil níos éifeachtúla na gcásanna lena n-áirítear amharc, glacadh agus taifeadadh na fianaise.

Físfhéachaint

Ligtear go fóill leis na saoráidí féachana físeáin d'fhéachaint ar fhianaise lena n-áirítear taifeadtaí d'agallaimh i stáisiúin an gharda, scannánaíocht slándála CCTV agus cineálacha fianaise eile arna sealbhú go leictreonach lena n-áirítear fianaise fhaisnéiseach scanta. Tá saoráidí ar fáil in os cionn 50 seomra cúirte. Ina theannta sin, cumasaítear go fóill an fhéachaint ar fhíseáin sna seomraí cúirte leis na haonaid CCTV soghluaiste, gan saoráidí féachana bheith suite na Cúirteanna Ceartais Coiriúla agus timpeall na tíre. Baineann giúiréithe as na haonaid sin freisin chun scannánaíocht CCTV a athbhreithniú le linn breithniúchán i seomra an ghiúiré.

Fís-chomhdháil - ginearálta

Cumasaítear le húsáid na saoráidí fís-chomhdhála d'úsáid ní b'éifeachtúla d'am na cúirte agus cuíchóirítear éisteachtaí cúirte léi. Baineann an riachtanas leis na saoráidí úd d'fhinnéithe agus cúisithe faoi choimeád chun freastal go pearsanta, agus baineann tairbhe faoi leith leo mar a mbíonn finnéithe thar sáile agus d'fhinnéithe leochaileacha faoi aois. Tagann coigilteas costais nach beag as a n-úsáid go háirithe i ndáil leis na finnéithe is saineolaithe i gcásanna sibhialta.

Leanadh ar aghaidh ag baint úsáide as saoráidí fís-chomhdhála i gcineálacha éagsúla de chásanna i rith na bliana 2016, lenar áiríodh:

- *Cásanna Cúnaimh Fhrithpháirtigh*

  Is féidir fianaise a thabhairt os comhair breithimh i gcúirt éigin in Éirinn i dtaca le trialacha coiriúla i ndlínse éigin eile, go háirithe Ballstát eile an AE. Thug finnéithe fianaise i gcúirteanna sna Cúirteanna Ceartais Coiriúla i seacht gcás, agus leaschraoladh trí nasc físeáin iad chuig trialacha sa Ríocht Aontaithe agus sa Spáinn.

- *Cásanna coiriúla - ag tabhairt fianaise lasmuigh de sheomra na cúirte*

  Is féidir le leanaí nó finnéithe leochaileacha nasc físeáin a fháil chun fianaise a thabhairt don chúirt ó sheomra d'fhinné. Áiríodh leis an bhfianaise a tugadh sna seomraí d'fhinnéithe in Éirinn i rith na bliana 2016 an méid a thug finnéithe faoi aois nó leochaileacha i 30 cás sna Cúirteanna Ceartais Coiriúla.

  Ina theannta sin, tugadh fianaise do chúirt Éireannach trí mheán naisc físeáin iniompartha den chéad uair nuair a d'éascaigh an tSeirbhís d'iarratas chun finné scothaosta a chumasú chun fianaise a thabhairt ó theach príobháideach.

- *Cásanna coiriúla - ag tabhairt fianaise ó thar lear*

  Is féidir le finnéithe fianaise a thabhairt trí mheán naisc fhíseáin le trialacha/cásanna cúirte in Éirinn ó thíortha eile. Thug finnéithe fianaise i rith na bliana 2016 ó thíortha lenar áiríodh an Astráil, an Ghearmáin, Oileán Mhanann, an Ríocht Aontaithe, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

- *Cásanna tráchtála, neamhghiúiré, agus díobhála pearsanta san Ard-Chúirt*

  Is féidir le finnéithe fianaise a thabhairt trí mheán naisc físeáin do chásanna in Éirinn, go háirithe finnéithe míochaine i gcásanna cúraim leanaí, agus do chásanna thar lear. D'éist an Ard-Chúirt le fianaise i 48 cás trí mheán na fís-chomhdhála i gcaitheamh na bliana. Cé gur mhéadú a bhí ansin ó na blianta roimhe sin, ní bhaineann páirtithe sa Chúirt dóthain úsáide as an teicneolaíocht.

Is féidir le finnéithe fianaise a thabhairt trí mheán naisc físeáin do chásanna in Éirinn, go háirithe finnéithe míochaine i gcásanna cúraim leanaí, agus do chásanna thar lear. D'éist an Ard-Chúirt le fianaise i 48 cás trí mheán na fís-chomhdhála i gcaitheamh na bliana. Cé gur mhéadú a bhí ansin ó na blianta roimhe sin, ní bhaineann páirtithe sa Chúirt dóthain úsáide as an teicneolaíocht.

Suiteáladh saoráidí fís-chomhdhála sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla tar éis atheagrú na seomraí cúirte arbh é bunú an dara Cúirt Choiriúil Speisialta ba chúis leis.(Foinse: Tuairisc anCEO, Aibreán, l.5) Éascaíodh le leithdháileadh tuilleadh cistithe ní ba dhéanaí sa bhliain do shuiteálacha i mBaile Átha Troim agus in Inis; le hathsholáthar trealaimh iomlán i gCnoc na Seamrach, sna Ceithre Cúirteanna (dhá sheomra cúirte), agus i Luimneach (seomra cúirte amháin).

Méadaíodh leis na suiteálacha úd líon na seomraí cúirte le saoráidí fís-chomhdhála chuig 33, ag cur leo siúd a bhí ar fáil cheana féin i seomraí cúirte i gCaisleán an Bharraigh, sa Chabhán, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nDún Dealgan, i gCill Chainnigh, i Luimneach, i Leitir Ceanainn, i Muineachán, san Aonach, i Sligeach agus i dTulach Mhór.

Fís-chomhdháil idir na cúirteanna agus na príosúin

Baintear tairbhe faoi leith as infhaighteacht na saoráidí fís-chomhdhála mar a bpléann na cúirteanna le daoine faoi choinneáil. Foráiltear in Acht na bPríosún 2007 gur féidir le cúisí faoi choimeád fianaise a thabhairt don chúirt trí nasc físeáin ón bpríosún seachas an fhianaise a thabhairt trí fhreastal ar an gcúirt féin.

Choinnigh an tSeirbhís uirthi mar chathaoirleach ar chomhghrúpa oibre chun cumas do shíneadh úsáid an naisc físeáin idir cúirteanna agus príosúin a iniúchadh i gcomhair cúrsaí réamhthrialach i gcomhréir leis an Acht. Áirítear leis an ngrúpa freisin ionadaithe ó An Garda Síochána, ón tSeirbhís Phríosúin, agus ó Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh.

Bhí naisc físeáin leis na príosúin ag feidhmiú i rith na bliana 2016 i gCúirt Dúiche Chnoc na Seamrach, Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla (Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath 2 agus Cúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath), Cúirt Dúiche na Gaillimhe, Cúirt Dúiche Luimnigh, Cúirt Dúiche Chorcaí, agus ó thráth go chéile i gCúirt Dúiche Leitir Ceanainn.

"Tagann éifeachtúlachtaí agus coigilteas nach beag ón tionscnamh chun fianaise a chumasú trí nasc físeáin idir na cúirteanna agus na príosúin, ní hamháin don tSeirbhís féin ach do ghníomhaireachtaí ceartais choiriúil eile maidir le hiompar daoine cúisithe chun na cúirte." Brendan Ryan, An Príomhfheidhmeannach

Clostaifeadadh Digiteach

Is é an Clostaifeadadh Digiteach (DAR) an modh caighdeánach chun imeachtaí cúirte a thaifeadadh, agus baintear leas as chun tras-scríbhinní a tháirgeadh, go sonrach do chásanna coiriúla. Bíonn sé ar fáil i ngach aon seomra cúirte (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar líonra na Seirbhíse).

Chuir an tSeirbhís conclúid le cleachtadh soláthair sa bhliain 2015 i gcomhair conartha nua chun seirbhísí DAR a bhainistiú i mí na Bealtaine. Táthar ag dúil go mbainfidh coigilteas mór leis an gconradh, arna dheonú in dá bheart, i dtaca leis an gconradh seirbhíse agus stórála bainistithe, agus i dtaca leis an gconradh seirbhíse tras-scríbhinne bainistithe.

Cuirfear an coigilteas a sheachadfar i dtaca leis an gconradh seirbhíse agus stórála bainistithe chun feidhme i leith athnuachan na teicneolaíochta faoi bhun an chórais DAR. Bainfidh uasghrádú gach trealamh DAR reatha sa seomra cúirte leis an athnuachan. Cuireadh tús léi i mí na Nollag 2016 in ionad na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla, agus táthar ag beartú chun críoch a chur léi sa bhliain 2018.

Choinnigh na cláraitheoirí cúirte orthu ag logáil (taifeadadh) roinnt faisnéise chun cúnamh le táirgeadh tras-scríbhinní ó thaifeadtaí DAR i rith na bliana. Tá na cláraitheoirí ag teacht in ionad na ndaoine ar a dtugtar logálaithe sna limistéir sin, a fostaíodh ag an tSeirbhís chun tabhairt faoin saothar úd. Baintear coigilteas tuairim €360,000 in aghaidh na bliana don tSeirbhís le baint amach na logálaithe ón gCúirt Chuarda agus ón bPríomh-Chúirt Choiriúil.

Bhí an tSeirbhís ag síneadh an tionscnaimh ag deireadh na bliana chuig Cúirteanna Coiriúla Cuarda i gCeatharlach, i Sligeach, i Leitir Ceanainn, i gCill Mhantáin, sa Nás, sa Chabhán, i mBaile Átha Troim, i Loch Garman agus i Muineachán. Tabharfar chun críche sa bhliain 2017 é le baint na logálaithe den Longfort, de Ros Comáin agus de Chora Droma Rúisc

Tacaíocht don Chomhairle Bhreithiúnach Eatramhach

Choinnigh an tSeirbhís ag tacú leis an mBord den Chomhairle Bhreithiúnach Eatramhach ach ionchur a sholáthar don Bhille um an gComhairle Bhreithiúnach.

SPRIOC 3: FOIREANN OILTE, INNIÚIL AGUS DHLÚTHPHÁIRTEACH A FHORBAIRT

Is bunriachtanas é go mbíonn na hoilteachtaí riachtanacha ag an bhfoireann chun feidhmiú ag leibhéal ard agus chun a gcuid cumas a bhaint amach. Áirítear leis sin an t-eolas riachtanach teicniúil agus dlíthiúil a thabhairt don fhoireann a fhreastalaíonn ar an gcúirt chun a gcuid cúraimí a chleachtadh go héifeachtach, agus tacaíocht agus forbairt a thabhairt do bhainisteoirí agus don fhoireann chun plé le réimse forleathan dúshlán agus saincheisteanna a thagann os a gcomhair.Is trí fheidhm éifeachtach foghlama agus forbartha a bheidh lucht saothair cumasaithe chun dul i ngleic leis an athrú agus chun seirbhísí síor-fheabhsaitheacha a sheachadadh do na breithiúna agus d'úsáideoirí na cúirte.

"Braithimidne ar lucht saothair ghairmiúil d'fhostaithe an-oilte, rí-dhíograiseach agus nuálaíocha chun ár sainchúram reachtúil a chomhlíonadh chun na cúirteanna a bhainistiú, chun tacú leis na breithiúna agus chun freastal ar éilimh shíorathraitheach na n-úsáideoirí cúirte". Brendan Ryan, An Príomhfheidhmeannach

Straitéis Foghlama agus Forbartha

Tar éis comhairliúcháin agus dlúthpháirtíochta cuimsithí leis na bainisteoirí agus leis an bhfoireann, d'fhorbairt an tSeirbhís Straitéis Foghlama agus Forbartha trí bliana (Straitéis F&F) arna seoladh ag an bPríomh-Bhreitheamh i mí an Mhárta. Áirítear le cuspóirí na Straitéise F&F forbairt béascna foghlamtha, cur chuige saindhírithe don fhoghlaim agus don fhorbairt, agus cumas bainistithe agus ceannaireachta. Is ionann é agus fócas athnuaite ar an limistéar ríthábhachtach sin, agus tiomantas tábhachtach don infheistíocht chun an rath léi a chinntiú. Is eochairghné den Straitéis nua é an cur chuige solúbtha don fhoghlaim lena gcomhtháthaítear modhanna níos traidisiúnta le teicneolaíochtaí nua chun rochtain mhéadaithe a sholáthar ar dheiseanna foghlama.

Tháinig sraith ceardlanna foirne i ndiaidh seoladh na Straitéise F&F ar ar fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus baill den Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach.Bunaíodh Coiste freisin chun tacú le forfheidhmiú na Straitéise agus chun é a mhonatóireacht, le hionadaithe ó gach grád agus suíomh air.

"Is aitheantas intadhaill ag an tSeirbhís í an Straitéis Foghlama agus Forbartha den ríthábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn dóthain eolais agus oilteachtaí ag ár bhfoireann chun a gcuid róil a fheidhmiú" Seán Quigley, Ceann um Bainistiú Acmhainní

An Chóitseáil do bhainisteoirí

Eochairbheart den Straitéis F&F is ea forbairt na ceannaireachta agus an chumais bhainistíochta trí thabhairt isteach an bhéascna cóitseála. Thug an tSeirbhís isteach clár Cóitseáil d'Fheidhmíocht chun oilteachtaí bainisteoirí a fhorbairt, go háirithe i limistéir bhainistithe daoine, cumarsáide, éisteachta agus soláthair an aiseolais.

Ghlac os cionn 85 bainisteoir rannpháirt sa chlár trí lá a rachaidh ar aghaidh i rith na bliana 2017. D'fhonn an fhoghlaim a thagann mar thoradh ar an gclár a leabú; fuair roinnt ball foirne cáilíochtaí cóitseála breise chun

cur ar a gcumas chun cóitseáil go hinmheánach. Soláthraíodh cóitseáil feidhmiúcháin aonair freisin le cóitseálaithe seachtracha.

Clár Oiliúna Teicniúil

Baineann ríthábhacht le tógáil an chumais, an toillidh agus an tsaineolais theicniúil do thodhchaí na Seirbhíse. Is chun na críche sin ar cuid lárnach den Straitéis F&F iad na cláir oiliúna chun cur ar chumas na mball foirne chun oilteachtaí teicniúla a chothabháil agus a fheabhsú. Is é an múnla d'fhorbairt na n-oilteachtaí úd ná chun eolas eagrúcháin na 'saineolaithe ábhair' (foireann le saineolas i limistéir faoi leith) a ghabháil agus chun leas a bhaint as chun cláir oiliúna a thógáil agus a sheachadadh.

Thug na saineolaithe ábhair cúnamh i rith na bliana 2016 le forbairt agus le seachadadh cláir oiliúna theicniúil chuimsithigh lenar áiríodh an dlí teaghlaigh, an ríomh-cheadúnúchán, éilimh bheaga, agus nuashonruithe i leith achtachán reachtúil lena n-áirítear an tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú) 2014 agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2016.Thug na pobail chleachtais (grúpaí foirne le comhphaiseann do limistéar oibre éigin) cúnamh leis an bhfeachtas chun eolas agus taithí a chomhroinnt timpeall an eagrais..

An Ríomh-fhoghlaim

Forbraíodh córas bainistíochta ar líne do mhodúil ríomh-fhoghlama inar tacaíodh le cláir bunaithe sa seomra ranga. Pléadh sa chéad mhodúll ríomh-fhoghlama le saincheist na mbarántaí faoi alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006

Tionscnaimh oiliúna eile

Áiríodh le tionscnaimh oiliúna eile i rith na bliana an t-ionduchtúchán, an tsláinte agus an tsábháilteacht, foireann uirlisí do bhainisteoirí nua, réiteach coinbhleachta chun plé le cúinsí deacra, oiliúint don oiliúnóir, an soláthar, Microsoft Office, agus Oilteachtaí Microsoft do Chláraitheoirí.

Éascaíoidh d'fhorbairt breise na foirne trí thacaíocht a thabhairt dá bhfreastal ar chláir / cheardlanna / sheimineáir s(h)eachtracha éagsúla i meascán éagsúil limistéar lena n-áirítear acmhainní daonna, an soláthar, bainistiú tionscadail, iniúchadh inmheánach agus TFC. Sholáthair an tSeirbhís tacaíocht freisin do cháilíochtaí tríú leibhéál trí scéim d'aisíoc na dtáillí.



Tháinig os cionn 1,000 ball foirne ag freastal ar chláir oiliúna intí thar 1,511 lá oibre ón mbéim mhéadaithe ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim agus forbairt foirne

Aonad Tacaíochta Gnó

Soláthraíodh tacaíocht fheabhsaithe don fhoireann líne tosaigh le bunú Aonad Tacaíochta Gnó i mí Mheán Fómhair. Soláthróidh an taonad comhairle, treoir agus cúnamh don fhoireann ar dtús i ndáil le nósanna imeachta agus próisis na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche.

Folúntais foirne a líonadh

Ceadaíodh leis an gcistiú breise a cuireadh ar fáil i Meastacháin na bliana 2016 do cheapadh ball foirne breise. Bhí 976 ann ag deireadh na bliana 2016, ar mhéadú ó 943 é ag deireadh na bliana 2015.

Beartaíodh tosaíocht i leithdháileadh na bpost don tacaíocht le suíonna breise cúirte a theastaigh ón na hUachtaráin agus ó na hoifigí úd ba mhó thíos leis na laghdauithe foirne díreach roimh an mbliain 2016. Leithdháileadh baill foirne go sonrach chun tacú le suíonna breise don dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath, suíonna breise den Phríomh-Chúirt Choiriúil sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla agus sa dara Cúirt Choiriúil Speisialta.Leithdháileadh foireann breise don Aonad TFC agus don Aonad Foghlama agus Forbartha, agus leithdháileadh foireann don Aonad Tacaíochta Gnó agus don Oifig nua um Bainistiú Athruithe.

Ceadú tarmligthe

Tugadh ceadú tamrligthe don tSeirbhís chun ceapadh foirne a fhormheas, idir phoist bhreise agus líonadh folúntas laistigh den tSeirbhís, aníos chuig agus lena n-áirítear an Príomh-Oifigeach. Ligeann sé sin do sholúbthacht níos mó i gcaiteachs an bhuiséid phá, agus ligeann sé don tSeirbhís chun poist a líonadh níos tapa de réir mar a thagann folúntais nó poist bhreise aníos. Áirítear leis na srianta d'fhormheas líonadh na bpost nach foláir nach sáraítear an leithdháileadh pá bliantúil agus go gcaithfear tacú le gach post a líontar i bhfoirm cáis ghnó, a bheidh oscailte dá iniúchadh in am trátha.

Áiríodh leis na comórtas d'ardú céime a reáchtáladh i rith na bliana comórtais inmheánacha i leith roinnt grád agus comórtas seachtrach do chúntóirí breithiúnacha. Ina theannta sin ab amhlaidh a líonadh tuairim 50 post trí mheán próiseas soghluaisteachta.

Aistriú riarachán na bhfeidhmeanna acmhainní daonna chuig an Lárionad do Sheirbhísí Comhroinnte um Acmhainní Daonna (PeoplePoint)

D'aistrigh an tSeirbhís feidhmeanna acmhainní daonnra, lenar áiríodh taifeadadh saoire na foirne agus faisnéis i ndáil le bainistiú feidhmíochta agus le forbairt, chuig PeoplePoint, ag deireadh na bliana 2015. Leanadh ar aghaidh leis an saothar sa bhliain 2016 chun ról an Aonaid HR na Seirbhíse a chur in oiriúint tar éis an aistrithe chui PeoplePoint, go sonrach chun ról tacaíochta straitéiseach a fhorbairt.

Tá PeoplePoint mar chuid de chlár foriomlán an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí chun an chaoi ina ndéanann an tSeirbhís Phoiblí a gnó a athstruchtúrú ach samhla seirbhíse comhroinnte a fhorbairt i gcomhair roinnt limistéar.

Bainistiú feidhmíochta

Is eochair-áisitheoir é an bainistiú leanúnach feidhmíochta d'athchóiriú na Seirbhíse Sibhialta anois agus amach anseo. Tá an Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) deartha chun bheith ina thacaíocht bhríomhar agus úsáideach do gach ball foirne agus bainisteoir i mbainistiú agus feabhsú na feidhmíochta ag daoine aonair. Soláthraíonn sé struchtúr pleanáil don líon foirne go háirithe chun a rólsan a shoiléiriú agus chun a bhfeidhmíochtsan a athbhreithniú.

Áirítear leis an PMDS críochnú fhoirm próifíle róil agus dhá athbhreithniú feidhmíochta (athbhreithniú eatramhach i mí an Mheithimh agus athbhreithniú bliantúil i mí na Nollag). Is tar éis aistriú na faisnéise i ndáil le bainistiú agus forbairt feidhmíochta chuig PeoplePoint a chuir an fhoireann tús le húsáid ePMDS ó mhí Eanáir 2016 ar aghaidh.

Pleanáil don lucht saothair

Cosúil le go leor rannóg agus gníomhaireachtaí sa státseirbhís, tá lucht saothair na Seirbhíse ag dul in aois, le beagnach 35% den fhoireann os cionn 55 bliain d'aois. Ní hamháin gur ríthábhacht í an phleanáil don todhchaí i dtéarmaí chaillteanas intuartha na faisnéise institiúidí, ach i bhfianaise na n-éileamh gan choinne ag éirí as an gcomhshaol casta agus éiginnte ina n-oibríonn an tSeirbhís.

Is cúnamh atá sa phleanáil don lucht saothair chun cinntí ríthábhachtacha a cheapadh i ndáil lena lucht saothair thar an ngearrthéarma agus an meántéarma. Bainteach leis an bpróiseas tá tomhas agus comparáid a dhéanamh idir an lucht saothair (an soláthar) le riachtanais don lucht saothair sa todhchaí (an t-éileamh), le hais straitéis na Seirbhíse, a próisis phleanála agus an bhuiséid phá fhoriomláin. Aithníodh sa Phlean reatha don Lucht Saothair riachtanais na Seirbhíse ar feadh na dtrí bliana chuig 2017. Cuireadh tús leis an saothar ar athbhreithniú den phlean i rith na bliana chun ullmhú i gcomhair an chéad leagain eile thar na trí bliana síos go dtí an bhliain 2020.

Áirítear leis na fachtóirí le machnamh fúthu nuair a bhíonn an phleanáil don lucht saothair ar siúl cuspóirí gnó agus spriocanna straitéiseacha, rioscaí d'acmhainní daonna, bainistiú faisnéise, pleanáil don ahtrú, bainistiú feidhmíochta, agus an fhoghlaim agus an fhorbairt.

Comhpháirtíocht

Phléigh an Coiste Comhpháirtíocht réimse ábhar lenar áiríodh nuashonruithe airgeadais, coinní foirne, dul chun cinn um fhoghlaim agus forbairt foirne, beartas ionduchtaithe d'fhoireann nua, agus an t-éileamh do bheartas ina soláthraítear treoirlínte chun plé le custaiméirí suaite i rith na bliana..

Rannchur le Clár Athnuachana/Athchóirithe na Státseirbhíse

Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag glacadh rannpháirte agus ag rannchur le clár athchóirithe na Státseirbhíse. Áiríodh leis sin foireann ag gníomhú ar ghrúpaí oibre a bhíonn bainteach le héagsúlacht tionscnamh athchóirithe, mar shampla athbhreithniú agus forbairt an Chóid Smachta don Státseirbhís, agus na Treoirlínte um Bainistiú na Tearcfheidhmíochta agus na Soghluaisteachta.

Míchumas

Thacaigh an tSeirbhís leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun taighde a dhéanamh sa dea-chleachtas um fhostú daoine le míchumais san earnáil phoiblí. Tugadh cuireadh don fhoireann chun ballraíocht a ghlacadh le grúpa comhghleacaithe is fostaithe le míchumais i mí Iúil chun a gcuid eispéireas ar an dea-chleachtas taobh istigh dá n-eagras a phlé, lenar tugadh tacaíocht d'fhostaithe le míchumais chun fostaíocht a fháil agus a choinneáil.

Ina theannta sin, comhlíonann an tSeirbhís leis an Acht Míchumais 2005 um fhostaíocht daoine le míchumais. Tá míchumas ag níos mó ná 3% d'fhostaithe na Seirbhíse.

Cúnamh d'Fhostaithe

Is seirbhís réigiúnaithe í an tSeirbhís Chúnta d'Fhostaithe sa Státseirbhís (CSEAS) a sholáthraíonn seirbhísí agus tacaíocht do státseirbhísigh ach folláine, teacht aniar agus éifeachtacht eagrúcháin a chur chun cinn. Is forlíonadh í freisin do shaothar na n-aonad agus na mbainisteoirí acmhainní daonna. Choinnigh foireann na

Seirbhíse orthu ag tapú seirbhísí CSEAS i leith comhairle, tacaíochta agus eolais faoi chúrsaí pearsanta agus oibre i rith na bliana 2016.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Éascaítear d'oibrithe leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 chun ábhar imní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha sa láthair oibre ach cineálacha cosanta a sholáthar dóibh ó ghníomh a d'fhéadfaí a thabhairt ina gcoinne as beart mar sin a ghlacadh.

Foráiltear san Acht do mhodhanna éagsúla den nochtadh cosanta ag brath ar na cúinsí, agus tugtar cosaint leis do nochtadh le hoibrithe lena n-áirítear iarfhostaithe, conraitheoirí, comhairligh, oiliúnaithe, foireann gníomhaireachta agus intéirnigh.

Eisíodh Polasaí i leith Nochtadh Cosanta na Seirbhíse don fhoireann ar fad in 2016. Foilsíodh é ar láithreán inlín na Seirbhíse agus cuireadh san áireamh é i nDoiciméad an Chreata Rialachais a foilsíodh ar an suíomh idirlín. Cuireadh nochtadh cosanta féideartha amháin faoi bhráid na Seirbhíse i mí na Nollag 2016 ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus bhí sé á mheas / á breithnniú de réir an Bheartais ag deireadh na bliana.

"Dearbhaíonn an Beartas i leith Nochtadh Cosanta ár dtiomantas a chinntiú go bhfuil ár gcultúr agus ár timpeallacht oibre den sórt sin go dtugtar spreagadh agus cuidiú d'aon chomhalta foirneaon cheist a a ardú maidir le héagóir nó le héagóir a d'fhéadfadh tarlú san ionad oibre agus aon ní a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chumas na Seirbhíse a feidhmeanna a chomhlíonadh, gan eagla roimh dhroch-chóireáil." Brendan Ryan, Príomhfheidhmeannach.

SPRIOC 4: BAINISTÍOCHT CÁSANNA, COMHOIBRIÚ AGUS ATHCHÓIRIÚA THACÚ

Lean an tSeirbhís ag obair leis an mbreithiúncht, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an lucht dlí chun bearta a thabhairt isteach atá dírithe ar an am is gá chun cás a phróiseáil a laghdú, agus chun feabhsúcháin maidir le hoibriú na gcúirteanna agus an córas ceartais i gcoitinne a thabhairt i gcrích.

Go háirithe, lean an clár le rialacha agus nósanna imeachta cúirte, cleachtais agus, i gcás inarb iomchuí, reachtaíocht, a nuachóiriú agus a fheabhsú. Lean an tSeirbhís lena ról ríthábhachtach i bhforbairt leasuithe nóis imeachta agus reachtaíochta maidir le próiseáil agus éisteacht cásanna cúirte, tionscnaimh bainistíochta cásanna agus leasuithe eile.

Lean an tSeirbhís ag tacú le agus ag glacadh páirte sa trí choiste rialacha cúirte (feach Caibidil 6) agus d'ullmhaigh sí reachtaíocht thánaisteach chun na rialacha cúirte a athchóiriú, a thabhairt cothrom le dáta nóa leasú le haghaidh na ndlínsí éagsúla (An Uaschúirt, An Chúirt Chuarda, agus an Chúirt Dúiche)

Lena chois sin, lean an clár chun rialacha agus foirmeacha cúirte, cleachtas agus téarmaíocht a nuachóiriú agus a shimpliú, leis an tSeirbhís ag ullmhú leasuithe chun nós imeachta dlíthíochta a athchóiriú, feidhmiú reachtaíochta nua príomhúla a éascú, freagairt d'fhorbairtí i ndlí-eolaíocht agus comhoibriú breithiúnach AE agus ionstraimí cúnaimh fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm. Tá sonraí leasuithe a d'ullmhaigh an tSeirbhís agus a ghlac na coistí rialacha éagsúla leo le fáil i gCaibidil 6.

Lean an tSeirbhís le measúnú a dhéanamh ar thionchar ionchasach na dtionscnamh reachtacha nua, go háirithe iad siúd a dhéanann difear do réimse agus cineál imeachtaí coiriúla agus caingne sibhialta a thagann os comhair na gcúirteanna, ar acmhainní atá ar fáil. Áiríonn measúnacht den sórt sin athruithe nóis imeachta, mar shampla iad siúd a dhéanann difear do dhlínse nó an modh inar féidir réitigh a lorg. Tá forálacha reachtaíochta a raibh tábhacht faoi leith ag baint leo ó thaobh na Seirbhíse i rith 2016 i gCaibidil 7.

Próiseas agus nós imeachta na Cúirte

Tháinig dhá shraith leasuithe ar Rialacha na nUaschúirteanna isteach sa dlían 1 Deireadh Fómhair 2016, .i. Rialacha na nUaschúirteanna (Stiúradh Trialacha) 2016 (I.R. Uimh 254/2016) agus Rialacha na nUaschúirteanna (Seansaireachta agus Gníomhartha Neamh-Ghiúiré: Nósanna imeachta Réamhthrialacha) 2016 (S.I. Uimh 255/2016).

Tá sé beartaithe le reáchtáil na rialacha trialacha éifeachtúlacht níos fearr ar an mbealach a ndéantar bainistiú ar thrialacha in imeachtaí sibhialta san Ard-Chúirt agus ar a ndéileáiltear le fianaise saineolach sna himeachta sin a éascú. Go sonrach, tugann leasuithe na rialacha cumhacht go sainráite don chúirt am ar triail a bhainistiú; nós imeachta trialach a rialáil agus foráil a dhéanamh le haghaidh trialacha modúlacha; foráil a dhéanamh do ráitis finné mar bhealach leis an méid a mbeidh gá fianaise béil a thabhairt ar aird ag an triail a laghdú; foráil a dhéanamh maidir le nochtadh neamhpháirtí mar fhorlíonadh ar fhollasú neamhpháirtí agus agarcheisteanna; agus foráil níos mionsonraithe a dhéanamh maidir le trialacha le measúnóirí.

Is minic gur ionann fianaise shaineolach agus costais shuntasacha sa dlíthíocht, agus códaíonn na leasuithe dualgais na bhfinnéithe saineolacha, ceanglaíonn siad nochtadh luath maidir le spleáchas ag páirtí ar fhianaise shaineolach, féachann siad le raon feidhme an fhianaise sin a shrianadh, agus an bealach ina bhfuil sé á thabhairt ar aird a rialáil, rud a chumasaíonn úsáid nóis imeachta nua 'díospóireacht idir na saineolaithe'.

Éascaíonn rialacha nósanna imeachta réamhthrialacha bainistíocht cásanna i ngníomhaíochtaí seansaireachta agus neamh-ghiúiré agus catagóirí cáis eile arna ainmniú ag Uachtarán na hArd-Chúirte d'fhonn a chinntiú go bhfuil na himeachtaí án-ullmhú le haghaidh trialach ar bhealach atá cóir, gasta agus ar dócha go n-íoslaghdóidhsiad na costais. Cumasaíonn na rialacha úsáid ráiteas finnéithe chomh maith maidir le fianaise a bheartaítear a thabhairt ó bhéal ag an triail, d'fhonn an t-achar a chaitear ag an triail i bhfianaise den sórt sin a thabhairt ar aird a laghdú. Tá sannadh Breithiúna Liosta chun an réimeas a oibriú curtha siar go dtí go leithdháiltear na n-acmhainní riachtanacha.

Tionscnaimh Thrasghníomhaireachta

Aithnítear i bPlean Comhtháite um Sheachadadh an Athchóirithe de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, dá rannchuireann an tSeirbhís, an comhoibriú trasrannach mar an limistéar leis an gcumas chun costas a laghdú agus chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú. Coinníonn na heagrais in earnáil an Dlí agus an Chirt agus an Chomhionannais orthu ag saothrú chun seirbhísí a chomhroinnt de réir mar is féidir agus chun leas a bhaint as cur chuige comónta pé áit agus pé uair a mbaineann buntáiste leis.Tá tagairt déanta cheana féin do thionscnamh thrasghníomhaireachta maidir le híocaíocht fíneálacha tráchta ar bhóithre (*féach leathanach 17*).

Seo a leanas roinnt samplaí de chomhoibríocht thrasghníomhaireachta:

- *An Grúpa Straitéiseach um Cheartas Coiriúil*

  Tá ionadaíocht á dhéanamh i gcónaí ar an tSeirbhís ar an nGrúpa Straitéiseach um Cheartas Coiriúil, arna bhunú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag feidhmiú mar ionadaí do gach gníomhaireacht ceartais choiriúil. Is éard is cuspóir leis an ngrúpa straitéiseach seo ná chun éascú don chomhoibriú idirghníomhaireachta agus chun cur chuige comhtháite a chur chun cinn laistigh den chóras ceartais choiriúil agus thairis i leith limisteir an cheartais choiriúil.

  Tacaíonn an tSeirbhís go hiomlán le saothar an ghrúpa sin, agus glacann sí rannpháirt ann, agus de chuid na bhfo-ghrúpaí a bunaíodh chun ábhair faoi leith a chur chun cinn le gné tras-ghníomhaireachta ag baint leis. Tá ionadaíocht ag an tSeirbhís go sonrach ar roinnt grúpaí oibre lena n-áirítear an Grúpa Comh-inoibritheachta um Cheartas Coiriúil agus an Grúpa Idirmhalartaithe Sonraí, an Grúpa Seirbhísí don Íospartach, an Grúpa Oibre um Éifeachtúlachtaí sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche, an Grúpa Oibre um fhorbairt Cláir Oiliúna don Cheannaireacht sa Cheartas Coiriúil, agus an Bord Maoirseachta um Chúnamh Dlíthiúil. Bhí obair na ngrúpaí sin leanúnach i rith 2016

- *Aontaithe na bPaitinní*

  Tá ionadaíocht á dhéanamh ar an tSeirbhís i gcónaí ar an gcoiste idir-rannach a bunaíodh chun tabhairt faoi obair ullmhúcháin maidir le bunú Chúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC) i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta sínithe ag an Stát. Tá an tSeirbhís tar éis aontú i bprionsabal le saoráidí a sholáthar do rannán áitiúil den UPC, a d'fhógair an Rialtas go déanach in 2014 a bhunófaí in Éirinn, sa chás is go bhfuil an comhaontú daingnithe ag reifreann.

- *An Coimisiún Eorpach um Mheasúnú Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ)*

  Is ar choiste Chomhairle na hEorpa atá an cúram as feabhsuithe a chur chun cinn i riarachán an cheartais i mBallstáit na Comhairle féin. Bhí ionadaíocht ag an tSeirbhís ag dhá chruinniú den choimisiún i gcaitheamh na bliana, agus lean sí ar aghaidh le hidirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith fhoráil na staitisticí bliantúla faoin ualach cásanna agus staitisticí eile a bhaineann leis an gcúirt chuig CEPEJ. Áirítear leis na staitisticí tuarascáil dhébhliantúil na gCóras Breithiúnach Eorpach, agus i Scórchlár Ceartais an AE (ar foilsíodh an leagan is déanaí de in 2016 bunaithe ar shonraí 2014) de chuid Choimisiún an AE a luaitear thíos. Leanann an tSeirbhís ag dul i ngleic le feabhsú an chumais ina córais phróiseála cásanna chun réimse sonraí faoi shreabhadh cásanna níos forleithne a sholáthar dá héilimh féin ach an oiread do na foilseacháin úd.

- *Scórchlár Ceartais an AE*

  Glacann an tSeirbhís rannpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcruinnithe na ndaoine tum Chórais Cheartais Náisiúnta arna n-óstáil ag Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh don Cheartas agus do Thomhaltóirí, a thugann cúnamh le forbairt Scórchlár Ceartais an AE, agus a chuireann chun cinn idirmhalartú na ndea-chleachtais i leith éifeachtacht na gcóras ceartais, lena n-áirítear i leith bhailiú na sonraí. Is uirlis eolais chomparáideach í an scoreboarda fhoilsítear go bliantúil a sholáthraíonn sonraí maidir le cáilíocht, neamhspleáchas agus éifeachtacht na gcóras ceartais i mBallstáit uile an AE.

- *An Grúpa Athbhreithnithe Probháide*

  Lean an Grúpa Athbhreithnithe Probháide ina bhfuil ionadaithe ón tSeirbhís Chúirteanna, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de bheith ag obair ar athbhreithniú ar sheirbhísí probháide

Tá an t-athbhreithniú ag déanamh measúnú ar an tseirbhís probháide atá ann faoi láthair ó thaobh a rialacha, reachtaíochta, agus struchtúr d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse do neasghaolta daoine éagtha. Tá sé freisin ag déanamh measúnú ar na deiseanna atá ann úsáid a bhaint as TFC agus ionchorprú seirbhísí ar líne i seachadadh feidhme probháide.

Mar chuid dá chuid oibre le linn na bliana d'eagraigh an grúpa suirbhé ar pháirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha araon na seirbhíse probháide, chun éifeacht nó eile an chórais atá ann faoi láthair agus an chaoi a bhraitheann na dáilcheantair éagsúla a bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh chun seachadadh na seirbhíse Stáit tabhachtaí a fheabhsú shaoránaigh sa todhchaí a mheas.

SPRIOC 5: ÚSÁID A BHAINT AS TEICNEOLAÍOCHT NUA-AIMSEARTHA

Braitheann an tSeirbhís ar TFC chun cuidiú léi freastal ar an dúshlán na seirbhísí a chuirimid ar fáil don bhreithiúna, comhaltaí foirne, lucht dlí agus don pobal a chothabháil, agus chun freastal ar riachtanais reachtaíochta agus ar an éileamh ar sheirbhísí ríomh-Rialtais agus ar líne breise a chothabháil.

Sholáthar an €1 milliún breise a cuireadh ar fáil d'fhorbairt ICT in 2016 maoiniú ríthábhachtach chun cabhrú leis an tSeirbhís leanúint ar aghaidh ag forbairt infreastruchtúr riachtanach chun tacú le tionscadail mhóra éagsúla. Cuireadh i bhfeidhm chomh maith é le seirbhísí feadh roinnt réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear teicneolaíocht sa seomra cúirte, seirbhísí ar líne agus ríomhchomhdú a fheabhsú.

Áiríodh i measc na dtionscadal ar cuireadh tús leo in 2016:

- réiteach deisce Citrix nua a rolladh amach
- uasghrádú ar an uirlis táirgiúlachta oifige MS Office
- athruithe ar thimpeallacht/líonra ICT foriomlán
- méadú ar bhandaleithead líonra tríd Néal-líonra an Rialtais
- athnuachan teicneolaíochta ar taifeadadh fuaime digiteach
- forbairt bhreise ar chóras na Seirbhíse Cúirteanna Ar Líne (CSOL)
- uasghráduithe chuig phíosaí éagsúla bogearraí - Agresso, DAR agus Oracle

Ag deireadh na bliana, bhí dul chun cinn déanta i ndáil le roinnt de na tionscadail seo. Tar éis beart soláthair agus athrú ar sholáthraí seirbhíse, cuireadh tús le tionscadal nua athnuachana maidir le teicneolaíocht taifeadta fuaime dhigiteach i mí na Nollag; cuireadh tús le tionscadail soláthair maidir leis an Córas Rianaithe Cásanna Coiriúla agus CSOL; bhí tionscadal soláthair líne seasta tugtha chun críche; agus bhí obair ar bun chun Néal-líonra an Rialtais a nascadh. Ina theannta sin, lean an tionscadal chun teacht in ionad deasc ar fud na tíre.

Thug foireann an Aonaid TFC cuairt ar oifigí ar fud na tíre i mí Iúil chun comhaltaí foirne a chur ar an eolas maidir le hathruithe agus uasghrádú ar an infreastruchtúr TFC i ndiaidh chur i bhfeidhm na dtionscadal i rith 2016 agus iad siúd atá beartaithe do 2017. Chuir na seisiúin eolais, i gCorcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Dún Dealgan, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach, Maigh Eo, Uíbh Fhailí, Ros Comáin agus Port Láirge ar chumas na foirne oibriúcháin agus tacaíochta eolas a bhaineann le forbairt teicneolaíochta agus a tionchar praiticiúil in oifigí oibríochta a mhalartú.

Straitéis TFC 2016-2018

D'fhaomh an Bord Straitéis TFC 2016-2018 i mí Feabhra. Ta an straitéis ailínithe lePlean Straitéiseach na Seirbhíse 2014-2017 agus tacaíonn sí é.

Glacann an straitéis san áireamh an comhthéacs ina bhfeidhmíonn an tSeirbhís agus an tábhacht a bhaineann le TFC maidir le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a chomhlíonadh. Is fachtóir lárnach den chomhthéacs an tearcmhaoiniú TFC le blianta beaga anuas agus an tionchar a bhí aige sin ar sheirbhísí agus trealamh TFC, na dúshláin a chruthaíonn sé maidir leis na seirbhísí atá ann cheana a chothabháil, ag forbairt córas chun freastal ar riachtanais reachtaíochta agus sásamh an éilimhar níos mó seirbhísí ríomh-Rialtais agus seirbhísí ar líne.

Is é príomhfhócas na Straitéise luach ar airgead maidir le hinfheistíocht sa teicneolaíocht a chinntiú, oibríochtaíó lá go lá a choinneáil ar bun, tairbhe a bhaint as socruithe seirbhíse comhroinnte an Rialtais agus leanúint ar aghaidh le deiseanna a iniúchadh chun seirbhísí a sheachadadh ar líne.

Clár Nuachóirithe na gCúirteanna Sibhialta

Is éard is aidhm le tionscadal na Seirbhíse Cúirteanna Sibhialta (CSOL) ná chun córas aonair bhainistíochta cásanna sibhialta a sheachadadh chun ardán comónta a sholáthar do phróisis sibhialta gach dlínse. Tá an córas nua tar éis teacht in ionad ar roinnt córas a bhí ann cheana féin, ag clúdach gach dlínse agus lena mbaineann an tsaoráid chun iarratais agus íocaíochtaí ar líne a dhéanamh, chun orduithe a bhailiú agus chun cáipéisí áirithe a chomhdú go leictreonach.

Tá CSOL tagtha in ionad roinnt de na córais a bhí ann roimhe seo agus déantar é a chur i bhfeidhm ar bhonn modúlach i gcónaí. I measc réimsí oibre na cúirte atá ag baint tairbhe as an ardán nua tá dócmhainneachta agus éilimh bheaga, obair na Cúirte Uachtaraí agus obair na Cúirte Achomhairc. Leanadh den obair i rith na bliana ar leathnú CSOL chun tacú leis an gcóras ríomh-cheadúnaithe.

Cuireadh tús le hobair ar thionscadal le teacht in ionad na gcóras aonair a thacaíonn dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche le córas il-dlínsiúil ag feidhmiú ar CSOL. Beidh an tionscadal á ailíniú le forbairt an Oifig um Dlí Teaghlaigh i gcoimpléasc Lána Hammond (féach leathanach 32).

Córas Rianaithe Cásanna Coiriúla agusTionscadal Comh-inoibritheachta sa Cheartas Coiriúil

Déanann an Córas Rianaithe Cásanna Coiriúla (CCTS) bainistíocht ar obair choiriúil na Cúirte Dúiche. Forálann an Tionscadal Comh-inoibritheachta sa Cheartas Coiriúil (CJIP) d'aistriú leictreonach iarratastoghairme idir córas PULSE an Gharda Síochána agus CCTS. Forálann sé freisin d'aistriú toraidh chásanna cúirte, bannaí agus eolas barántas chuig PULSE go dtí CCTS.

Theastaigh forbairt shuntasach ar CCTS i rith na bliana maidir le cur i bhfeidhm an rogha pionós muirir sheasta a íoc tar éis toghairme. Tá an obair á comh-mhaoiniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Iompair .

Lena chois sin, cuireadh obair i gcrích i rith na bliana chun feabhas a chur ar CJIP chun freastal ar na hathruithe is gá chun an rogha íocaíochta nua a éascú. Leasaíodh an teachtaireacht maidir le hiarratas ar thoghairm leictreonach agus sceidil chúirte chun eolas maidir le pionóis sheasta a áireamh agus leathnaíodh CJIP chun iarratais atheisiúna leictreonacha ar thoghairm a áireamh.

SPRIOC 6: CÓIRÍOCHT CHÚIRTE OIRIÚNACH A CHUR AR FÁIL

Lean an tSeirbhís le tithe cúirte ar fud na tíre a chothabháil agus ag pleanáil do riachtanais chóiríochta cúirte sa todhchaí. I ndiaidh roinnt blianta de chaiteachaslaghdaithe ar thionscadail chaipitil, mar thoradh ar an lagtrá eacnamaíochta, cuireadh tús le hobair ar an tionscadal tógála teach cúirte is mó taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a rinneadh riamh i stair an Stáit. Cuireadh tógáil / athchóiriú seacht gcinn de thithe cúirte réigiúnacha san áireamh ibPlean Infheistíochta Bonneagair agus Caipitiúla an Rialtais 2016-2021. Síníodh conradh maidir le seachadadh na dtithe cúirte sin le BAM PGGM CPP i mí na Nollag 2015.

Cur i bhfeidhm an Chláir Chaipitiúil Tógála

Tionscadail do thithe cúirte

Is iad na tionscadail a áirítear i Plean Infheistíochta Bonneagair agus Caipitiúla an Rialtaisceithre theach cúirte nua i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach, agus Loch Garman; agus athchóiriú ó bhonn agus oibreacha sínte leis na tithe cúirte reatha sa Mhuileann gCearr, Port Láirge agus Corcaigh.

Cuireadh tús le hobair tógála ar na tionscadail go luath in 2016 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana. Táthar ag súil go dtiocfaidh críoch leis na tionscadal úd idir Aibreán agus Nollag 2017. Nuair a bheidh an obair i gcrích beidh seacht gcinn de thithe cúirte nua-aimseartha ag an tSeirbhís a bheidh 37,000 méadar cearnach le 31 seomra cúirte lán-fheistithe mar aon le gach saoráid tacaíochta ábhartha lena n-áirítear seomraí comhairliúcháin, saoráidí tacaíochta d'íospartaigh, cillíní coinneála, seomraí na mbreithiúna agus oifigí na cúirte.

Tá na tithe cúirte nua a sheachadadh mar thionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí le maoiniú socraithe tríd an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus íocaíochtaí tugtha thar thréimhse 25 bliain ag an tSeirbhís.

"Cruthóidh na tionscadail todhchaí a gheallann athrú mór san ais gníomhaíochta ar fud an domhain dlíthiúil I roinnt bailte agus cathracha. Tá an infheistíocht sna seacht dtionscadal seo ar an infheistíocht aonair is mó i struchtúir cúirte réigiúnacha i stair an Stáit. Beidh gach teach cúirte nua de chaighdeán cuí a léireoidh nádúr tromchúiseach an ghnó arna dhéanamh ann, agus beidh meas acu ar dhínit na ndaoine a ghlaoitear orthu le bheith i láthair sa chúirt, in aon cháil". An Príomh-Bhreitheamh Susan Denham

Cuimsíonn na tionscadail dearadh, tógáil, airgeadas agus cothabháil na n-áiseanna ag dul i méid ó 1,354m^{2}go 8,490m^{2}in oll-achar urláir mar seo a leanas:

Áiseanna nua ar chríochnú na dtionscadal tógála	
Droichead Átha Contae Lú	Tá teach cúirte nua ina mbeidh dhá sheomra cúirte agus saoráidí gaolmhara le tógáil ar shuíomh suntasach i lár an bhaile in aice le hAbhainn na Bóinne
Leitir Ceanainn Contae Dhún na nGall	Tá teach cúirte nua ina mbeidh ceithre sheomra cúirte agus saoráidígaolmhara le tógáil ar shuíomh i lár bhaile in aice leis an teach cúirte atá ann faoi láthair
Cathair Luimnigh	Tá teach cúirte coiriúil nua le tógáil ar shuíomhatá cóngarach do Phríosún Luimnigh, ina mbeidh sé sheomra cúirte, áiseanna choimeád, oifigí cúirte agus áiseanna gaolmhara
Baile Loch Garman	Athchóiriú agus síneadh foirgnimh suntasach atá ann cheana féin d'fhonn teach cúirte nua ina bhfuil ceithre sheomra cúirte, áiseanna choimeád, oifigí cúirte agus áiseanna gaolmhara a chur ar fáil
Cathair Chorcaí	Athchóiriú agus síneadh an tí cúirte atá ar Shráid Anglesea ina mbeidh sé sheomra cúirte, áiseanna choimeád feabhsaithe, oifigí cúirte, an oifig réigiúnach agus áiseanna gaolmhara
An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí	Athchóiriú agus síneadh an tí cúirte stairiúil atá sa Mhuileann gCearr ina meidh trí sheomra cúirte, áiseanna choimeád feabhsaithe, oifigí cúirte agus áiseanna gaolmhara
Cathair Phort Láirge	Athchóiriú agus síneadh an tí cúirte stairiúil i bPort Láirge atá ann cheana ina mbeidh sé sheomra cúirte, áiseanna choimeád feabhsuithe, oifigí cúirte agus áiseanna gaolmhara

Coimpléasc nua Cúirte Dlí Teaghlaigh agus Leanaí

Áirítear i bPlean Infheistíochta Bonneagair agus Caipitiúla an Rialtais chomh maith forbairt choimpléasc Dlí Cúirte Teaghlaigh agus Leanaí i mBaile Átha Cliath lena n-áireofar saoráid nua de chuid na Cúirte Uachtaraí agus cóiríocht d'oifigí cúirte. Beidh an coimpléasc suite ar láithreán atá timpeallaithe ag Sráid na hEaglaise agus Lána Hammond i ngar do na Ceithre Cúirteanna. Ceadóidh sé d'athsholáthar riachtanach na n-áiseanna dlí teaghlaigh agus leanaí atá ann cheana féin i dTeach an Charnáin, Teach an Fhionnuisce, Áras Uí Dhálaigh, agus an Chúirt Leanaí le háis sainthógtha den chineál is nua-aimseartha ag suíomh amháin i gcroílár cheathrú dlí na cathrach. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal á chur ar fáil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí.

Bunaíodh bord tionscadail go luath in 2016 leis an tionscadal a chur chun cinn. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an mbord, ag obair le foireann ailtireachta ó Oifig na nOibreacha Poiblí, i dtaca le dearadh inmheánach agus leagan amach an fhoirgnimh. Bhí tús curtha le próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon agus rinneadh obair ar ullmhú cás agus measúnú gnó de réir mar a éilíonn an Cód Caiteachais Phoiblí.

Saoráidí dlí teaghlaigh bhreise do Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath

Ar feithimh chríochnú an ionaid ar Lána an Chrochaire, tugadh faoi uasghrádú agus athchóiriú ollmhór ar theach cúirte Shráid na Seansaireachta d'fhonn aistriú cásanna cúraim leanaí ó Theach an Charnáin a éascú. Tugadh faoi obair shuntasach athchóirithe ag teach cúirte Shráid na Faiche d'fhonn athlonnú na Cúirte Cóireála Drugaí a cheadú.

Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla

Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag bainistiú go dlúth an chonartha comhpháirtíochta poiblí príobháidí do na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath – conradh chúig bliana is fiche idir an tSeirbhís agus cuibhreannas comhpháirtíochta poiblí príobháidí a mhairfidh síos go dtí an bhliain 2034. Tógadh trí sheomra breithiúnach nua i rith na bliana chun freastal ar bhreithiúna breise bunaithe sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla tar éis bhunú an dara Cúirt Choiriúil Speisialta.

Slándáil sa seomra cúirte

Leanann an tSeirbhís uirthi ag obair leis An Garda Síochána faoi shaincheist na slándála sa teach cúirte agus sa seomra cúirt.Feabhsaíodh Slándáil ag roinnt seomraí cúirte i rith na bliana

Cruinneachán na Cheithre Chúirteanna

I ndiaidh scrúduithe agus suirbhéanna, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí tús le hobair dheisiúcháin ar dhamáiste forleathan leis an gcruinneachán ag na Ceithre Cúirteanna. Ceapadh innealtóirí struchtúracha i gcomhar le saoir chloiche agus caomhantóirí chun an obair riachtanach atá le tosú le linn 2017 agus ghlacfaidh thart ar 2 bhliain le chur i gcrích a shainaithint.

Teach Cúirte Chill Mhaighneann

Thug an tSeirbhís Teach Cúirte Chill Mhaighneann ar láimh go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí in 2013 chun Ionad Cuairteoirí do Phríosún Chill Mhaighneann a chruthú. Ba é an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn a d'oscail an t-ionad mar chuid de Chlár Céad Bliain 2016 ag searmanas i mí Márta ar fhreastail an Príomh-Bhreitheamh, an bPríomhfheidhmeannach agus foireann eile de chuid na Seirbhíse air.

"Tá an tiar-theach cúirte seo, ionad ceartais, anois mar chuid d'ionad a insíonn scéalta a bhaineann le coinneáil agus bású. Tugann sé léargas ríthábhachtach dúinn ar an am atá caite. Fógraíonn sé a scéal agus tugann dé dúshláin intinne do dhaoine óga agus níos sine araon". Príomh-Bhreitheamh Susan Denham

Bainistiú dramhaíola

Cuireadh socruithe nua bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm i rith na bliana chun an tSeirbhís a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus costais diúscartha dramhaíola a laghdú ag an am céanna. Tugadh faoi fheachtas faisnéise chun cur i bhfeidhm agus buntáistí an chórais nua a chur in iúl do chomhaltaí foirne le réigiún Bhaile Átha Cliath ag baint amach ráta athchúrsála de 57%.

Bainistiú fuinnimh

Úsáid Fuinnimh

Tháinig laghdú 5% sa tomhailt fuinnimh fhoriomlán sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an mbliain 2015 agus méadú 4% ar 2014.

Tomhailt fuinnimh			
	2016	2015	2014
Tomhailt fhoriomlán	22,188,588	23,411,158 kwh	21,337,103 kwh

	2016	2015	2014
Caiteachas Foriomlán	€2,526,315	€2,696,485	€2,559,274

	2016	2015	2014
Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla	5,240,232	5,069,482kwh	4,836,843 kwh

Tá an tSeirbhís lonnaithe in os cionn 120 foirgneamh ar fud na tíre. Ní bhaintear leas as roinnt acu ach go hannamh (uair nó dó in aghaidh na míosa), comhroinntear cinn eile le heagrais eile (m.sh. na húdaráis áitiúla), agus ligtear roinnt eile ar cíos chun suíonna cúirte a éascú. Ní féidir leis an tSeirbhís figiúirí cruinne a thabhairt i ndáil leis an úsáid fuinnimh i ndáil le foirgnimh nach í an t-aon úsáideoir iontu í.

Bainistíocht Fuinnimh don Todhchaí

Leanadh leis an obair chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadhd'fhonn laghdú de 33% ar éileamh fuinnimh na Seirbhíse a bhaint amach faoi 2020 de réir Phlean Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh na hÉireann (NEEAP).

Bhain an tSeirbhís leas as cláir thacaíochta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Cuireadh an oiliúint arna soláthar ag an SEAI chun Deimhniú ISO500001 a ghnóthú i gcrích agus lean obair ar aghaidhchun oibleagáidí faoin Scéim Iniúchóireachta Fuinnimh a shásamh mar atá leagtha amach in IR 426/2014. Ceanglaíonn sé sin ar fhiontair nach fiontair bheaga ná meánmhéide iad iniúchadh fuinnimh a dhéanamh ar a gcuid oibríochtaí nó Córas Bainistíochta Fuinnimh dheimhnithe a bheith acu ar nós ISO 50001.
Lena chois sin, lean an tSeirbhís le leas a bhaint as an gclár Optimising Power @Work de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí chun cuidiú a tomhaltas fuinnimh a laghdú. Leanann an tAonad Caomhnaithe Fuinnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ag cuidiú leis an tSeirbhís tionscnaimh spárála fuinnimh a chur chun cinn.

Is caighdeán idirnáisiúnta é ISO5001a chuireann ar chumas eagraíochtaí cosúil leis an tSeirbhís na córais agus na próisis atá riachtanach a bhunú chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear éifeachtacht, úsáid agus ídiúfuinnimh.

Beartas Fuinnimh

Thug an tSeirbhís Beartas Fuinnimh isteach chun tacú leis an tiomantas spriocanna laghdaithe fuinnimh a bhaint amach. Bunaíodh Foireann Fuinnimh, ina bhfuil ionadaithe de chuid na Seirbhíse agus Oifig na nOibreacha Poiblí, chun tacú leis an eagraíocht a spriocanna fuinnimh a bhaint amach trí fhorbairt pleananna gníomhaíochta dírithe agus táscairí feidhmíochta inbhuanaithe.

Inrochtaineacht

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag obair lena chinntiú go gcloíonn foirgnimh na cúirte le reachtaíocht um míchumais. Beidh na tithe cúirte nua agus athchóirithe i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr, Loch Garman, Port Láirge, Luimneach agus i gCorcaigh ag teacht go hiomlán legach riachtanas inrochtaineachta agus reachtaíochta. Lena chois sin, tá coimpléasc nua na cúirte dlí teaghlaigh agus leanaí atá beartaithe i mBaile Átha Cliath á dhearadh le bheith chomh comhlíontach céanna.

Eolas a sholáthar don phobal

Is é tríú sainordú na Seirbhíse ná faisnéis maidir leis an gcóras cúirteanna a sholáthar don phobal. Téann comhaltaí foirne ar fud na tíre i dteagmháil le lucht úsáidte na gcúirteanna chun cleachtas agus nós imeachta

na gcúirteanna ar bhonn laethúil a mhíniú dóibh. Bíonn teagmháil acu chomh maith leis an bpobal trí chuairteanna, cainteanna, agus rannpháirtíocht i réimse n-imeachtaí arna eagrú ag an tSeirbhís agus ag áisíneachtaí seachtracha. Lena chois sin, gabhann Oifig Eolais na Seirbhíse do roinnt tionscnamh sonrach atá dírithe ar eolas ar an stair agus ar oibriú an chórais cúirte a fheabhsú.

Láithreán Gréasáin

Fuair láithreán gréasáin na Seirbhíse (www.courts.ie) os cionn 2.7 milliún cuairt sa bhliain 2016 le cuairteanna *via* gaireas póca ag cuimsiú 30% de chuairteanna iomlána. Ba iad na rannóga ina bhfacthas an líon cuairteoirí ba mhó ná Cuardach na hArdchúirte, Breithiúnais agus Cinntiúcháin, an Dialann Dhlíthiúil, agus Rialacha na Cúirte.

Láithreán Gréasáin: Cuairteanna	
2016	**2,709,351**
2015	2,766,751
2014	2,619,641
2013	2,569,418
2012	2,434,487

Láithreán Gréasáin: Cuairteanna via gairis phóca (lena n-áirítear taibléad)	
2016	**811,914**
2015	769,640
2014	630,321
2013	457,894
2012	229,627

Ar na breiseanna chuig ábhar ar an láithreán gréasáin i rith 2016 bhí Rialacha na nUaschúirteannaI nGaeilge agus obair Oifig na hArd-Chúirte Láir dar teideal: High Court Procedure.

Na meáin shóisialta

Leanadh ar aghaidh ag postáil nuachta i leith tionscnamh, imeachtaí agus suíonna cúirte ar Facebook, le heolas i bhformáid físeáin ar fáil ar chainéal Youtube na Seirbhíse

For-rochtain

Cuairt a thabhairt ar thithe cúirte

Chonacthas leanúnachas sa spéis chun cuairt a thabhairt ar chúirteanna i rith na bliana leis na mílte daltaí ag tabhairt cuairte ar fhoirgnimh chúirte ar chuairteanna á n-éascú ag an tSeirbhís. Thapaigh os cionn 4,000 dalta an deis chun cuairt a thabhairt ar na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla chun feidhmiú na gcúirteanna a fheiceáil. Thug baill na breithiúntachta cúnamh don Chlár Cuairte ach seisiúin cheisteanna agus freagraí le go leor cuairteoirí a éascú.

Choinnigh an tSeirbhís uirthi ag tacú le cuairteanna ó ghrúpa pobail agus eile, agus ag éascú na rochtana ar fhoirgnimh chúirte do roinnt tionscadal pobail ar fud na tíre. Reáchtáladh os cionn 50 imeacht sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla lenar áiríodh comórtais, seimineáir, comhdhálacha, léachtaí, agus cuairteanna ó na breithiúna i ndlínsí eileagus d'oscail siad mar chuid de 'Theach Oscailte' i mí Dheireadh Fómhair. Áirítear ar na foirgnimh eile a cuireadh ar fáil teach cúirte Shligigh le linn 'Scoil Samhraidh Yeats' i mí an Mheithimh, an teach cúirte i Sráid Washington, Corcaigh, mar chuid de 'Lá Oidhreachta' i mí Lúnasa, Teach cúirte Shráid na Faiche mar chuid de 'Open House' i mí Dheireadh Fómhair agus teach cúirte Chaisleán an Bharraigh mar chuid d'fhéile 'Wild Atlantic Words' i mí Dheireadh Fómhair chomh maith. Bhain an teach cúirte i mBaile Átha Luain an gradam 'An Foirgneamh Poiblí is Fearr' amach i nGradaim na mBailte Slachtmhara I mBaile Átha Luain, agus d'eagraigh comhaltaí foirne i dteach cúirte Shligigh amhránaíocht carúl i mí na Nollag ar mhaithe le carthanacht.

Ag Comóradh 1916

Rinneadh ceiliúradh ar chomóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca ag Coiste Comóradh Céad Bliain na gCúirteanna (an coiste) i sraith imeachtaí i rith 2016. Thug an tSeirbhís tacaíocht d'obair an choiste ag ócáidí éagsúla sna Ceithre Cúirteanna lena n-áirítear léachtaí poiblí i mí Feabhra agus na Samhna; cainteanna agus gníomhaíochtaí eile mar chuid d'imeacht poiblí RTÉ 'Reflecting the Rising' a mhair ar feadh an lae ar Luan Cásca; agus iris chomórtha.

Bhí taispeántas a rinne athchuimhne ar scéal agus oidhreacht na gCeithre Chúirteanna 1916, comhoibriú idir coiste, Seirbhís agus Barra na hÉireann, le feiceáil sna Ceithre Cúirteanna idir Iúil agus Deireadh Fómhair. Mar chuid den imeacht chun an taispeántas a oscailt bhí ceolchoirm ag cór na Seirbhíse Cúirteanna agus Cór Leanaí Piccolo Lasso sa Halla Cruinn.

Ar na himeachtaí eile arna dtacú ag an tSeirbhís bhí athachtú ar thriail Roger Casement i dteach cúirte na hInse i mí Lúnasa mar chuid de Fhleadh Cheoil na hÉireann, agus suiteáladh píosa dealbhóireachta i dteach cúirte Shligigh mar chuid de thaispeántas spreagtha ag mná 1916.

Thacaigh an tSeirbhís chomh maith le comóradh an choiste ar chéad bliain ó Chath an Somme agus le hócáid i gclós theach cúirte Chill Chainnigh a d'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Coiste Cuimhneacháin an Chogaidh Mhóir, Cill Chainnigh lena n-áirítear athchruthú de trinse ón Somme

""Tá mé bródúil go mbeidh ár n-iarrachtaí mar chuid de chartlann taifead ionas go mbeidh a fhios ag na glúnta atá le teacht conas mar a chuimhníomhar orthu siúd a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca agus i gCath na Somme na blianta ó shin". Brendan Ryan, Príomhfheidhmeannach.

Comhdháil Caomhnóireachta Phoiblí

Bhí foireann Oifig na gCoimircithe Cúirte agus Oifig an Phríomh-Aturnae do Mhionaoisigh agus do Choimircithe Cúirte i measc níos mó ná 80 toscaire a d'fhreastail ar 'Chomhdháil na gCaomhnóirí Poiblí' a d'eagraigh an tSeirbhís i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna. Phlé na toscairí, ó dhlínse na hÉireann, Shasana & na Breataine Bige, na hAlban, Thuaisceart Éireann, agus Geirsí, ábhair leasa choitinn i réimsí éagsúla lena n-áirítear na hathruithe atá le tabhairt isteach tar éis achtú an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015.

Na Meáin

Idirghníomhaíonn an tSeirbhís leis na meáin trí Sheirbhís Caidreamh Meán (MRS). Is é an ról atá aici ná chun cúnamh a thabhairt maidir le scaipeadh eolais i leith ghníomhaíocht na Seirbhíse agus shonraí na gcásanna os comhair ár gcúirteanna.

Mar pointe aonair teagmhála tosaigh do roinnt de na meáin áitiúla agus réigiúnacha, agus gach réimse de na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, déileálann an MRS le ceisteanna ó hárdáin éagsúla - cló, craoladh, ar líne agus ardáin na meán sóisialta. Cabhraíonn sé chomh maith le tuairisciú cruinn cásanna cúirte agus tiomsú gnéchlár agus cláir faisnéise atá bunaithe ar fhíricí maidir le córas na gcúirteanna.

Feidhmíonn an MRS mar thacaíocht, acmhainn agus foinse eolais d'oifigí cúirte; agus déanann taighde agus tugann comhairle don bhreithiúntacht i leith cúrsaí meán.

I rith na bliana, d'eagraigh an MRS ceardlanna, seimineáir agus laethanta nuachta d'iriseoirí is mic léinn agus is oiliúnaithe iad as gach seánra, agus d'fhan sí i dteagmháil leis na comhlachtaí meán éagsúil lena n-áirítear Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí, Comhairle an Phreasa agus Ombudsman an Phreasa.

Faightear fiosruithe i leith réimse leathan ábhar lena n-áirítearimeachtaí cúirte, mionsonraí cúiseanna, próisis agus staitisticí cúirte mar aon letaighde cartlainne agus stairiúil ó lucht déanta clár faisnéise. Leanann an MRS de bheith ag freagairt os cionn 95% de na fiosruithe an lá a faightear iad. Leanadh ar aghaidh ag soláthar faisnéise faoi réimsí eile den chóras dlí agus cirt agus ina leith i gcomhair le gníomhaireachtaí ar fud an phobail dlí agus cirt

Foireann ar scor

Thacaigh an tSeirbhís le bunú cumainn a fhéachann le deiseanna a sholáthar do chomhaltaí foirne ar scor bualadh le chéile i gcomhthéacs sóisialta. Labhair an Príomhfheidhmeannach ag cruinniú tionscnaimh an chumainn i mí Iúil agus bhí dhá imeacht eile ar siúl i nDeireadh Fómhair agus mí na Nollag.

Faisnéis eile

Lean an tSeirbhís uirthi ag soláthar eolais don phobal, do na ranna rialtais agus do na hionadaithe parlaiminteacha tar éis iarratais sonracha a rinneadh i gcaitheamh na bliana.

Soláthraíodh ábhar i leith freagraí do 190 ceist pharlaiminteach a chuir feisirí den Oireachtas, agus phléigh Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh le 349 litir/aighneacht ó ranna rialtais, teachtaí dála, seanadóirí agus baill eile den phobal.

Saoráil Faisnéise

Foilsíodh Scéim Foilsithena Seirbhíse a cheanglaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 i mí Aibreáin. Cuimsíonn sí eolas ginearálta maidir leis an tSeirbhís chomh maith le heolas ar sheirbhísí arna soláthar don phobal, an bpróiseas cinnteoireachta maidir letograí beartais, faisnéis airgeadais, agus soláthar. Cuimsíonn sé chomh maith Loga Nochta um Shaoráil Faisnéise a dhéanann cur síos sonrach ar iarratais maidirle Saoráil Faisnéise a rinneadh agus faisnéis eile a fhoilsítear go rialta.

Fuair an tSeirbhís 154 iarratas foirmiúla faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.Freagraíodh iarratais eile lasmuigh de na hAchtanna. Déileáladh le ceisteanna breise ar an teileafón nó trí ríomhphost, cuid mhaith acu a bhain le hiarratais ar fhaisnéis atá coinnithe sna taifid chúirte nach gcumhdaítear le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

Iarratais: Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise	
Ar láimh 01/01/16	2
Faighte	155
Pléadh leo	154
Ar láimh 31/12/16	3

Toradh na n-iarratas ar pléadh leo	
Rochtain cheadaithe / pháirtcheadaithe	49
Diúltaithe	86
Aistrithe/tarraingthe siar	19

Lean an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise air ag glacadh rannpháirte i nGréasán Úsáideoirí na Seirbhíse Poiblí, ar grúpa d'oifigigh um Shaoráil Faisnéise i gcomhlachtaí na seirbhíse poiblí é.

Cosaint Sonraí

Phléigh an tSeirbhís le 51 iarratas faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí i gcaitheamh na bliana, agus lean sí ag ullmhú d'athruithe a eascróidh nuair a thabharfar isteach Rialacháin Cosanta Sonraí an AEin 2018.

CAIBIDIL 3 – STATISTICÍ

ÁBHAIR

BUAICPHOINTÍ	**40**
GNÓ SIBHIALTA	**41**
GNÓ COIRIÚIL	**63**
AN CHÚIRT ACHOMHAIRC	**67**
AN CHÚIRT UACHTARACH	**70**
ANAILÍS AR CÁSANNA	**71**
TRÉIMHSÍ FEITHIMH	**73**



	Incoming		Resolved	
	2016	2015	2016	2015
High Court	1,790	1,896	1,790	1,896
Circuit Court	1,265	1,824	1,265	1,824
District Court	875	1,763	875	1,763
Total	3,930	5,483	3,930	5,453

	2016	2015	2014	2013
Circuit Court to High Court	425	476	315	269
District Court to Circuit Court	1,641	1,522	1,275	1,214
Total	2,066	1,998	1,590	1,483

District Court: Child care: anal	Incoming			Resolved (orders made)		
	2016	2015*	2014*	2016	2015*	2014*
Supervision orders	626	720	628	569	679	667
Care orders	1,142	1,230	1,206	886	1,052	969
Extension of care order	483	481	515	449	545	597
Interim care order	1,257	1,556	2,141	1,004	1,442	2,139
Extension of interim care orde	3,841	3,148	2,059	2,255	3,148	1,953
Emergency care order	325	357	398	758	349	389
Review of care order	1,371	1,360	829	402	381	235
Re-entry of case	391	303	116	157	147	76
Other**	528	1,441	1,318	463	600	347
Total	9,964	10,596	9,210	6,943	8,343	7,372

Court of origin of appeals	2016	2015
Central Criminal Court	21%	12%
Circuit Criminal Court	77%	87%
Special Criminal Court	2%	1%
Total	100%	100%

FORBHREATHNÚ

Gnó sibhialta de réir dlínse	Isteach		Réitithe	
	2016	2015	**2016**	2015
An Chúirt Dúiche	133,724	147,617	105,177	119,894
An Chúirt Chuarda	53,287	57,161	37,723	37,865
An Ard-Chúirt	48,132	42,717	35,964	31,730
An Chúirt Achomhairc	594	641	591	750
An Chúirt Uachtarach	212	109	368	524
Iomlán	**235,949**	**248,245**	**179,823**	**190,763**

Gnó sibhialta de réir cineáil	Isteach		Réitithe	
	2016	2015	**2016**	2015
Cásanna dlíthíochta sibhialta agus tráchtála	127,395	138,540	75,463	87,505
Cásanna neamhdhlíthíochta sibhialta agus tráchtála	92,800	89,097	89,162	82,339
Forfheidhmithe neamhdhlíochta	12,048	16,526	11,807	16,844
Achomhairc	2,869	2,746	2,546	2,751
Cásanna sonraithe	22	37	30	25,
Eile	815	1,299	815	1,299
Iomlán	**235,949**	**248,245**	**179,823**	**190,763**

Cionta agus achomhairc (de réir cion)	Isteach		Réitithe	
	2016	2015	**2016**	2015
An Chúirt Dúiche Chóiriúil	382,325	405,007	284,678	298,797
An Chúirt Chuarda Choiriúil	28,387	28,978	25,344	23,441
An Chúirt Choiriúil Speisialta	60	45	67	29
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	1,946	1,579	734	839
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	-	-	1	6
An Chúirt Achomhairc (Choiriúil)	1,099	862	1,109	1,186
Iomlán	**413,817**	**436,471**	**311,933**	**324,298**

Cionta agus achomhairc: iomlán	Isteach		Réitithe	
	2016	2015	**2016**	2015
Cionta	398,586	420,720	294,718	310,220
Achomhairc	15,231	15,721	17,215	14,078
Iomlán	**413,817**	**436,471**	**311,933**	**324,298**

BUAICPHOINTÍ

Sibhialta

- Comhdaíodh 21,898 agra dlí um dhíobháil phearsanta – ar méadú 15% ardú ar 2015
- 157 cásanna sa liosta tráchtála den Ard-Chúirt – ar méadú 6% ardú ar 2015
- 1,397 ordú sealbhaithe – 47 san Ard-Chúirt, 58% laghdú ar 2015, agus 1,088 sa Chúirt Chuarda, 42% laghdú 2015
- 526 duine a fograíodh ina bhféimhigh iad san Ard-Chúirt – 28 mar thoradh ar iarratais ó chreidiúnaithe agus 498 ag féichiúnaithe (féin-bhreithniuthe) – ar méadú 12% ardú ar 2015 agus ar méadú 17% ardú ar 2014
- 2,114 iarratais faighte sa Chúirt Chuarda faoi mheicníochtaí ar réiteach fiacha curtha i láthair ag an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta – ar méadú 22% ardú ar 2015 agus ar méadú 125% ardú ar 2014
- 1,353 iarratais d'idirscaradh breithiúnach –4% laghdú ar 2015 – an formhór sa Chúirt Chuarda (73%) agus san Ard-Chúirt (83%) araon ag mná céile
- 4,179 iarratas don cholscaradh – 3% laghdú ar 2015 – an formhór sa Chúirt Chuarda (57%) agus san Ard-Chúirt (59%) araon ag mná céile
- 61 iarratas chun páirtnéireachtaí a a chealú sa Chúirt Chuarda – an formhór (66%) by araon ag mná
- 15,227 iarratas go dtí an Chúirt Dúiche faoi reachtaíocht ar fhoréigean baile – ar méadú 6% ardú ar 2015

- 9,991 iarratas chúram leanaí – 2% laghdú ar 2015
- 1,139 iarratas chun ionadaithe cúraim a cheapadh sa Chúirt Chuarda – is ionann seo agus méadú 113% i gcomparáid leis an mbliain 2015

Coirúil

- 60% d'orduithe sa Chúirt Dúiche bainteach le cionta um thrácht ar bhóithre – athrú beag ó 2015 ar aghaidh
- 7,800 ordú maidir le cionta maidir le tiomáint ar meisce – ar méadú 8% ardú ar 2015, agus 8% laghdú ar 2014
- 13,127 ordú maidir le cionta drugaí sa Chúirt Dúiche – ar méadú 6% ardú ar 2015
- 28,368 ordú maidir le cionta ord poiblí sa Chúirt Dúiche – ar méadú 7% ardú ar 2015
- 47% de chionta sa Chúirt Chuarda bainteach le calaois/goid/robáil
- 93 trialacha sa Phríomh-Chúirt Choiriúil – ar méadú 27% ardú ar 2015 agus ar méadú 48% ardú ar 2014
- cionta dúnmharuithe maidir le 17 cion sa Phríomh-Chúirt Choiriúil
- cionta éignithe maidir le of 277 cionta sa Phríomh-Chúirt Choiriúil

An Chúirt Achomhairc

- fuarthas 924 achomharc nua – 591 achomharc sibhialta agus 333 achomharc coiriúil – is ionann seo agus athrú beag i gcomparáid leis an mbliain 2015
- cuireadh 917 achomharc de láimh – 588 achomharc sibhialta agus 329 achomharc coiriúil is ionann seo agus laghdú 19% i gcomparáid leis an mbliain 2015

An Chúirt Uachtarach

- fuarthas 152 iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh – is ionann seo agus méadú 58% i gcomparáid leis an mbliain 2015
- 38% iarratas ar chead achomhairc réitithe

GNÓ SIBHIALTA

Gnó sibhialta a chatagóiriú de réir cineáil:

1. Is éard atá i **gcásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála** ná nuair atá páirtí amháin ag tabhairt cáis in éadan duine eile; iarratais maidir le hordú íocaíochta Eorpach; cásanna corparáideacha dócmhainneachta; cásanna pearsanta dócmhainneachta (ag baint le iarratais ó chreidiúnaithe); achomhairc don Chúirt Dúiche agus cúrsaí forfheidhmithe dlíthíoch.
2. Is éard atá i **gcásanna neamhdhlíthíocha sibhialta agus tráchtála** ná imeachtaí eisithe in Éirinn nach interpartes iad (probháid, bardaí cúirte, cásanna pearsanta dócmhainneachta ag baint le iarratais ó féichiúnaithe inter-partes); agus imeachtaí iasachta ar leith.
3. Is éard atá i **gcásanna forfheidhmithe neamhdhlíthíocha** ná imeachtaí ag creidiúnaithe i ndiaidh breithe íocaíocht fiacha atá le cur isteach a thabhairt chun críche.
4. Is éard atá in **achomhairc** ná achomhairc shibhialta agus theaghlaigh ón Chúirt Dúiche chuig an Chúirt Chuarda; ón Chúirt Chuarda chuig an tArd-Chúirt agus ón Ard-Chúirt chuig an Chúirt Achomhairc. Áirítear freisin ar iarratais ar chead achomhairc agus achomhairc chuig an Chúirt Uachtarach.
5. Is éard atá i **gcásanna sonraithe** ná nuair a iarrann cúirt tuairim ar phointe dlí ó chúirt níos uachtaraí.

Cuirtear staitisticí sibhialta i láthair agus tagairt á déanamh do chásanna/cheisteanna a fhaightear agus do chásanna/cheisteanna a réitíodh i rith na bliana. Ní leanann formhór na gcásanna sibhialta ar cuireadh tús leo in Éirinn a fhad le triail. Is iondúil go ndéantar iad a réiteach idir na páirtithe (is féidir le cúirt an tsocraíocht a fhaomhadh, ach ní gá di sin a dhéanamh), go scoirtear díobh go foirmiúil (tugtar fógra don chosantóir agus don chúirt), nó nach leanann an gearánaí ar aghaidh leo níos mura dtugann an gearánaí a mhalairt le fios i bhfógra don chúirt. Ní féidir, ar an ábhar sin, chun figiúirí a sholáthar le haghaidh riar cásanna atá ar feitheamh i bhformhór na gcúirteanna. Féadfaidh cásanna ar cuireadh tús leo i mbliain roimh 2016 a bheith i gceist le cásanna dá dtagraítear bheith ‘réitithe’.

1. Cásanna dlíthíochta sibhialta agus tráchtála: An Chúirt Dúiche, An Chúirt Chuarda, An Ard-Chúirt

	Cásanna dlíthíochta sibhialta agus tráchtála	Isteach		Réitithe	
		2016	2015	**2016**	2015
(a)	Cásanna ina bhfuil pairtí amhain ag agairt pairtí eile	123,093	132,864	71,670	82,757
(b)	Iarratais maidir le ordú íocaíochta Eorpach	175	83	25	79
(c)	Dócmhainneacht chorparáideach	186	178	235	265
(d)	Dócmhainneacht phearsanta (creidiúnaithe)	160	128	126	96
(e)	Achomhairc chun An Chúirt Dúiche	86	394	32	82
(f)	Forfheidhmithe dlíthíoch	3,695	4,893	3,375	4,226
	Iomlán	**127,395**	**138,540**	**75,463**	**87,505**

(a) (i) Cásanna ina bhfuil pairtí amhain ag agairt pairtí eile: ginearálta

1. Díobháil pearsanta

Is féidir le duine tabhairt faoi éileamh díobhála pearsanta trí na cúirteanna i ndiaidh dó/dí cead a fháil ó An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Is cáipéis dhleathach í seo eisithe i neamhláithreacht cheada ón duine freagrach as an ngortú (an freagróir) do mheasúnú an éilimh ag an mBord. Ba cheart socruithe i gcásanna bainteach le daoine faoi 18 bliain (rialacháin leanaí) a thabhairt os comhair na cúirte cuí le haghaidh ceada chun a bheith glactha.

Bhí 21,898 cásanna díobhála pearsanta comhdaithe i 2016, 15% ardú ar an 18,992 i 2015 – 8,510 (1,001 faillí leighis) san Ard-Chúirt, 18% ardú ar 7,219 i 2015, agus 12,330 sa Chúirt Chuarda, 15% ardú ar an 10,631 i 2015. Bhí 1,158 cás comhdaithe sa Chúirt Dúiche, athrú beag ó 1,142 i 2015

	Isteach		Réitithe			
	2016	**2015**	**2016**		**2015**	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-Chúirt	8,510	7,219	4,508*	41	814	3,377
An Chúirt Chuarda	12,230	10,631	4,340	332	4,973	426
An Chúirt Dúiche	1,158	1,142	595	0	501	0
Iomlán	**21,898**	**18,992**	**9,443**	**373**	**6,288**	**3,803**

* Le héifeacht ó 2016, áirítear le cásanna lenar dhéileáil an chúirte gach cás a shanntar do bhreitheamh

Tá an chumhacht ag an gCúirt Dúiche €15,000 damáistí a bhronnadh ar cásanna díobhála pearsanta agus tá an chumhacht ag an Chúirt Chuarda €60,000 a bhronnadh, cé gur féidir leis an dá chúirt sin bronnadh níos airde a dhéanamh le cead ón dá pháirtí. Tá cumhacht neamhtheoranta ag an Ard-Chúirt damáistí a bhronnadh.

Dámhachtainí díobhála pearsanta:		
An Chúirt Dúiche	**Cásanna**	
Méid	**2016**	2015
€0 to €7,500	282	286
€7,500 to €15,000	248	211
€15,000+	5	4
Iomlán	**535**	**501**

Dámhachtainí díobhála pearsanta:		
An Chúirt Chuarda	**Cásanna**	
Méid	**2016**	2015
€0 to €15,000	398	460
€15,000 to €60,000	574	546
€60,000+	5	6
Iomlán	**977**	**1,012**

Dámhachtainí díobhála pearsanta: An Ard-Chúirt		
Méid	**Cásanna**	
	2016	2015
€0 to €60,000	146	192*
€60,000 to €199,999	158	179**
€200,000 to €499,999	36	48
€500,000+	50	50
Iomlán	**390**	**469**

* rinneadh an figiúr a ghanniontráil i dTuarascáil 2015
** rinneadh áibhéil ar an bhfigiúr i dTuarascáil 2015

Dámhachtainí díobhála pearsanta:	An Ard-chúirt		An Chúirt Chuarda		An Chúirt Dúiche	
	2016	2015	**2016**	2015	**2016**	2015
Méid is ísle a dámhadh	€5,000	€2,500	€500	€208	€1,000	€700
Méid is airde a dámhadh	€9,000,000	€13,522,000	€206,810	€90,000	€16,065	€15,100
Méid iomlán a dámhadh	€147,145,000	€168,106,000	€17,314,830	€16,626,600	€4,059,854	€3,525,900

2. *Tráchtálal*

Sonraítear imeachtaí tráchtála i Riail 1 d'Ord 63A de Rialacha na nUaschúirteanna. Go hachomair, is éard atá i gceist ná éilimh i gconarthaí nó tort ag éirí as aistrithe gnó áit a bhfuil luach an éilimh gan a bheith níos lú ná €1 milliún, cásanna maoin intleachta (ag ligean air gur leis an saothar san áireamh),cineálacha éagsúla éileamh agus achomhairc eadrána ó, nó iarratais athbheithnithe breithiúnaigh maidir le, aon chorp reachtúil nuair is é an seasamh atá ag an mbreithiúnach i gceanas ar an liosta, ag cur san áireamh an ghné thráchtála nó aon ghné eile ina leithéid d'iarratais, go bhfuil sé cuí le haghaidh iontrála sa liosta tráchtála.

Níl iontráil ar an liosta tráchtála éigeantach d'aon chineálacha cáis. Ní chuirtear cásanna leis an liosta ach amháin má dhéanann duine de na páirtithe iarratas, agus go gceadaíonn an breithiúnach an cás. Ní chuirtear isteach iad go huathoibríoch don liosta tráchtála mar gheall ar an bhfaoiseach á lorg, is féidir iad a chúisiú saseansaireacht nó sna liostaí neamh-ghiúiréithe más mian sin leis na páirtithe.

An Ard-chúirt					
Isteach		**Réithe**			
2016	2015	**2016**		2015	
		Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
157	148	75	40	85	26

Anailís ar ualach cásanna	2016	2015	2014
Ar láimh 01/01	203	166	106
Isteach	157	148	171
Réitithe	115	111	111
Ar láimh31/12	**245**	**203**	**166**

Anailís ar chásanna réitithe	2016	2015	2014
Foriarratas ar dhíbhe	5	4	1
Socraithe tar éis iontrála	7	5	8
Socraithe tar éis éisteacht na dtreoracha	21	13	13
Socraithe tar éis do dháta éisteachta a bheith socraithe	12	8	15
Réitithe i mbun éisteachta	12	9	11
Éisteacht iomlán	58	61	61
Foriarratas ar dhíbhe	0	11	2
Iomlán	**115**	**111**	**111**

3. *Seansaireacht*

Déileáltar le cúrsaí seansaireachta san Ard-Chúirt. Istigh leis seo tá iarratais urghaire, foriarratais dlí cuideachtaí, feidhmíocht/cealú chonarthaí, riarú ar eastáit dhaoine básaithe, agus gníomhaíochtaí iontaobhais.

An Ard-chúirt					
Isteach		**Réitithe**			
2016	2015	**2016**		2015	
		Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
2,102	2,310	330	337	411	268

Anailís ar chásanna ag teacht isteach	2016	2015	2014
Sainchomhlíonadh	168	152	212
Urghaire	337	298	375
Dearbhú	898	1,280	873
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumasc Trasteorann), 2008*	3	9	6
Eile	696	571	683
Iomlán	**2,102**	**2,310**	**2,149**

* I. R. Uimh.. 157 de 2008

4. Maoin

Cásanna sealúchais (seilbh) is ea cásanna ina bhfuil an gearánaí ag lorg seilbhe ar thailte agus/ nó áitribh, tithe teaghlaigh san áireamh.

Is éard atá i gceist le cásanna sealúchais eile ná 'cásanna morgáiste' (cásanna a bhfuil morgáiste ag an gcreidiúnaí ar an réadmhaoin ina bhfuil suim ag an costantóir ann ach nach bhfuil an chumhacht aige/ aici an réadmhaoin sin a dhíol muna ndearbhaíonn an chúirt go bhfuil an morgáiste dea-scaoilte ar son an fhéichiúnaí), iarratais chaitheamh amach, iarratais faoi reachtaíocht Thiarna Talún agus Tionónta, iarratais ag baint leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus cúrsaí cíosa talún.

Bhí 3,915 cás aighabhála ar shealúchas talún agus/nó áitreabh san Ard-Chúúirt agus sa Chúirt Chuarda – 24% laghdú ar an 5,169 cás i 2015. Bhí 719 cásanna réadmhaoine eile sna dlínsí ar fad.

Maoin (seilbh)	Isteach		Réitithe			
	2016	2015	**2016**		2015	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-chúirt	236	148	47	0	113	3
An Chúirt Chuarda	3,679	5,021	2,992	0	2,738	0
Iomlán	**3,915**	**5,169**	**3,039**	**0**	**2,851**	3

Maoin (seilbh): An Chúirt Chuarda			
Ordú bronnta		**Ordú nár bronnadh**	
2016	2015	**2016**	2015
1,088	1,284	1,904	1,454

Maoin (eile)	Isteach		Réitithe			
	2016	2015	**2016**		2015	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-Chúirt	35	54	30	0	21	1
An Chúirt Chuarda	567	581	49	173	736	222
An Chúirt Dúiche	117	33	49	0	50	0
Iomlán	**719**	**668**	**128**	**173**	**807**	**223**

5. Sarú conartha

Nuair a diúltaíonn páirtí nó nuair a theipeann ar an bpáirtí an dualgas a chomhlíonadh curtha i bhfeidhm ag conradh, is féidir leis an bpáirtí éagóraithe caingean a ghlacadh do dhamáistí. Sa chomhthéacs seo, ní chuirtear isteach cásanna maidir le sárú conartha, éilimh do dhamáistí leachtaithe. (féach rannán 6 thíos)

An Ard-chúirt					
Isteach		**Réitithe**			
2016	2015	**2016**		2015	
		Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
526	474	20	82	48	80

6. Fiach a ghnóthú (éileamh leachtaithe)

Déanann institiúidí airgeadais gníomhaíochtaí chun fiacha a aisghabháil de ghnáth chun suim ar leith airgid a aisghabháil, go minic maidr le hiasachtaí.

	Isteach		Réitithe					
	2016	2015	**2016**			2015		
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt [1]**	**Amach as an gcúirt [2]**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt [1]**	**Amach as an gcúirt [2]**
An Ard Chúirt	2,842	2,748	489	103	684	680	97	1,153*
An Chúirt Chuarda	3,718	4,241	391	258	1,985	461	409	3,031
An Chúirt Dúíche	17,374	18,873	1,439	0	7,299	1,274	0	8,836
Iomlán	**23,934**	**25,862**	**2,319**	**361**	**9,968**	**2,415**	**506**	**13,020**

[1] scor de chaingean

[2] breithiúnas marcáilte san oifig - Tá na figiúirí seo léirithe chomh maith ar leathanach 57 mar chuid de na staitisticí mídhlíthíocha sibhialta agus tráchtála..

* áirítear leis seo sraitheanna breithiúnas a cuireadh i láthair sa Lár-Oifig ach a tháinig chun solais arís mar gheall ar cheisteanna agus a rinneadh a sheoladh ar ais arís, ina dhiaidh sin.

*7. Faillí (seachas faillí leighis)**

Baineann éilimh faillí le éilimh do dhamáistí i gcoinne duine nó daoine a bhfuil sé curtha ina leith gur sháraigh siad dualgas cúraim don éilitheoir agus a bhí mar thoradh ar sin chailliúint airgeadais.

* Is cuid iad cásanna fhaillí leighis de chásanna díobhála pearsanta - leathanach 42.

An Ard-chúirt					
Isteach		Réitithe			
2016	2015		**2016**		2015
433	766	50	86	60	89

8. Clúmhilleadh

Sainmhínítear clúmhilleadh faoin Acht um Chlúmhilleadh 2009 mar 'foilseachán, trí mheán ar bith, den ráiteas clúmhillte maidir le duine do dhuine amháin nó níos mó (seachas an duine a céadluadh)'.

	Isteach		Réitithe			
	2016	2015	**2016**		2015	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-chúirt	133	212	13	31	10	24
An Chúirt Chuarda	73	48	1	6	4	4
Iomlán	**206**	**260**	**14**	**37**	**14**	**28**

9. Ionsaí

Is éard is éilimh ionsaithe ann ná éilimh do dhamáistí i gcoinne duine nó daoine a bhfuil sé curtha ina leith go ndearna siad iarracht d'aon turas nó gur bhagair siad gortú a dhéanmah a chuir faitíos ar an éilitheoir do dhochar coirp láithreach nó gur tháinig as sin teagmháil gan chead nó ionsaithe leis an éilitheoir.

An Ard-chúirt					
Isteach		Réitithe			
2016	2015	**2016**		2015	
		Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
130	139	41	19	9	12

10. Fostaíocht

Is éard atá i gceist le cásanna fostaíochta ná iad siúd ag baint le cur i bhfeidhm de agus achomhairc a bhaineann le cinntí ó bhinsí fiosraithe fostaíochta tugtha isteach faoi sholáthair reachtúla ag baint le cúrsaí mar seo, cuir i gcás, scaoileadh fostaíochta míchothrom, íocaíocht tuarastail, saoire uchtála, saoire tuismitheora agus eagrú ar am oibre.

Fostaíocht (dífhostú)	Isteach		Réitithe			
	2016	2015	**2016**		2015	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-chúirt	0	1	0	0	0	0
An Chúirt Chuarda	121	134	105	3	101	1
Iomlán	**121**	**135**	**105**	**3**	**101**	**1**

Fostaíocht (eile)	Isteach		Réitithe			
	2016	2015	**2016**		2015	
			Ag an gcúirt	**Amach as an gcúirt**	**Ag an gcúirt**	**Amach as an gcúirt**
An Ard-chúirt	1	12	0	0	4	3
An Chúirt Chuarda	108	152	34	2	88	44
Iomlán	**109**	**164**	**34**	**2**	**92**	**47**

11. Éilimh bheaga

Soláthraíonn an Nós Imeachta um Éilimh Bheaga nós imeachta míchostasacha do thomhaltóirí gearáin tomhaltóra a réiteach, agus le go mbeadh gnólacht in ann éileamh a dhéanamh i gcoinne gnólachtaí , gan dlíodóir de dhíth. Chun éileamh a dhéanamh faoi ghnás éileamh beag na hÉireann, ní mór go bhfuil an t-éilitheoir agus an freagróir ina chónaí nó bunaithe taobh istigh den Stát agus ní féidir leis an éileamh dul thar €2,000. Is féidir éilimh a dhéanamh ar líne nó a chur isteach i bpearsan san oifig chúirte.

Modh ailtéarnach is ea an An Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga, soláthraithe i Rialachán (EC) Uimh. 861/2007 agus Rialacha na Cúirte Dúiche 1997-2014, chun tús a chur le agus déileáil le cúrsaí sibhialta agus tráchtála maidir le héileamh beag i gcásanna crosteorainn. Is cásanna iad seo ina bhfuil cónaí ar alaghad ag duine amháin de na páirtithe i mBallstát de Chuid an Aontais Eorpaigh (seachas an Danmhairg) nach é an ballstát ina bhfuil an chúirt lonnaite atá ag déileáil leis an éileamh. Ní féidir leis an éileamh dul thar €2,000. Ní féidir éilimh a dhéanamh ar líne.

I mí Aibreán shocraigh an Bord cuntas a fhoilsiú de gach cruinniú Boird ar láithreán Gréasáin na Seirbhíse chun eolas a sholáthar ar chúrsaí bainteach leis an mBord agus cinntí déanta. Tá seo de réir an chleachtais rialachais is fearr agus cuireann sé chun cinn soiléireacht in oibriú an Bhoid agus na Seirbhíse. Tá cuntas ar na cruinnithe Boird ar fáil ar inlíon na Seirbhíse.

Bhí cruinnithe rialta ag baill na gcoistí le linn na bliana mar tá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Cruinnithe Choistí an Bhoird	
Coiste Airgeadais	1Feabhra, 4Aibreán, 20 Meitheamh, 10 Deireadh Fómhair agus 5 Nollaig
Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	1Feabhra, 14 Márta, 20 Meitheamh, 10 Deireadh Fómhair agus 5Nollaig
Coiste Tógála	26Eanáir, 15Márta, 14 Meitheamh, 4 Deireadh Fómhair agus 29Samhain
Coiste Forbartha na Cúirte Dlí Teaghlaigh	15 Feabhra, 25Aibreán, 13Meitheamh, 25 Iúil, 17Deireadh Fómhair, 28Samhain
An Coiste Phianbhreitheanna Éireannach	4 Márta, 2016

Tá táille bhliantúil €11,970 iníoctha le comhaltaí neamhbhreithiúnacha an Bhoird (seachas i gcás an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin) mar aon le costais taistil agus chothabhála ar rátaí a cheadaigh an Roinn Airgeadais. I gcomhréir le rialacháin na Roinne Airgeadais, ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá ina bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí.

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as beartais a chur i bhfeidhm a fhaomhann an Bord, agus as bainistíocht laethúil na foirne, riarachán agus gnó na Seirbhíse. Ullmhaíonn sé buiséad bliantúil atá le faomhadh ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord araon le tacaíocht ón bhFoireann Bhainistíochta Sinsearaí. Soláthraíonn sé nuashonruithe rialta don Bhord, don Choiste Airgeadais, agus do choistí eile an Bhoird maidir le bainistíocht na Seirbhíse, cur i bhfeidhm beartais, dul chun cinn ar phlean straitéiseach agus ar chlár nuachóirithe na Seirbhíse.

Mar atá luaite ar leathanach 79 tugann an Príomh-Fheidhmeannach tuairisc bhliantúil ar son an Bhoird go dtí an tAire Dlí, Cirt agus Comhionannais ag soláthar dearbhaithe ar chomhlíonadh leis an CPGSB. Tugann tuarascáil bhliantúil imlíne ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na heagraíochta ina ndeimhnítear go bhfuiltear ag comhlíonadh réimse ceannteideal. Dearbhaíonn sí, go háirithe, go gcomhlíonann sí an méid a leanas:

- go bhfuiltear ag comhlíonadh nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní
- go gcuirtear ráiteas ar fáil faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- go gcloítear le cóid iompair ghnó do stiúrthóirí agus d'fhostaithe
- go gcomhlíontar treoirlínte an Rialtais maidir leis na táillí a íoctar le stiúrthóirí, agus
- go gcuirtear dréachtphlean straitéiseach ar fáil don Aire ábhartha sula gcuirtear bailchríoch ar an bplean agus sula nglacann an Bord leis

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta, tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach, chomh maith, as an gCuntas Leithreasa Bliantúil a shíniú, mar aon le Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a sholáthraíonn dearbhú maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais a oibrítear laistigh den tSeirbhís.

Cuntas Leithreasa

Is é an Cuntas Leithreasa cuntas airgeadais bliantúil na Seirbhíse agus cuirtear é ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 31 Márta gach bliain nó roimhe sin. Cuirtear le chéile é de bhun meastachán atá faofa ag an Oireachtas agus is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a ullmhaíonn é. Tá sliocht ó Chuntas Leithreasa 2016 a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar leathanach 87.

Chun críocha an Chuntais Leithreasa, is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tOifigeach Cuntasaíochta lenar shann an tAire Airgeadais freagracht, maidir le halt 22 den Exchequer and Audit Department Act 1866, chun an cuntas bliantúil a ullmhú maidir leis an vóta atá faoina chúram.

Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as rialú inmheánach airgeadais na Seirbhíse. Tarmligeann sé freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na timpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Faigheann an coiste tuarascálacha rialta ón mbainistíocht, an Príomhoifigeach Riosca, iniúchadh inmheánach, agus iniúchóirí seachtracha. Tá na socruithe siúd in ainm is na rioscaí atá roimh an tSeirbhís a bhainistiú, seachas iad a dhíbirt.

Téann an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, a shíníonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin chun críche an Chuntais Leithreasa, i ngleic leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh laistigh den tSeirbhís agus aird ar leith ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, an chreatlach riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialú inmheánach. Áirítear leis ráiteas comhlíonta le gach treoirlíne maidir le soláthar agus deimhniú go bhfuil

coiste iniúchóireachta agus feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSeirbhís. Soláthraíonn sé freisin dearbhú o na oifigigh cuntasaíochta cuíthe ar na vótaí sin go gcleachtaítear na smachtaí cuíthe i gcur ar fáil seirbhísí roinnte don tSeirbhís.

I gcás rialuithe inmheánacha, ní féidir le córais ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, a sholáthar i gcoinne míráiteas nó caillteanas ábhartha. Ní mór sáruithe a dhéantar ar rialuithe, agus go háirithe cásanna calaoise nó neamhrialtachta, a thabhairt chun airde an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir leis na nósanna imeachta poiblí airgeadais. Rinne an tSeirbhís tuairisceán neamhní maidir leis na teagmhais sin in 2016. Tá ráiteas beartais ag an tSeirbhís ar chosc agus ar bhrath calaoise agus seoltar tuairisc faoi gach cás, beag beann ar a luach, chuig an Stiúrthóireacht Acmhainní Bainistíochta, an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, agus an Coiste Iniúchta.

Bainistiú an Bhuiséid

Ullmhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí buiséad bliantúil atá bunaithe ar an leithdháileadh cistithe a chuimsítear sna meastacháin bhliantúla a fhaomhann an tOireachtas. Moltar go bhfaomhfaidh an Coiste Airgeadais an buiséad bliantúil don Bhord. Is do Chinn na Stiúrthóireachta a shanntar an fhreagracht laethúil maidir le caiteachas a choinneáil laistigh de theorainneacha an bhuiséid. Déantar monatóireacht dhlúth ar bhuiséid agus cuirtear tuarascálacha míosúla ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí. Cuirtear tuarascálacha airgeadais ráithiúla faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird.

Buiséadú feidhmíochta

Tá an tSeirbhís ag cloí leis an bhformáid um buiséadú feidhmíochta a shainaithníonn príomh-aschuir, an comhthéacs agus táscairí tionchair don tSeirbhís. Leagtar amach na spriocanna buiséadaithe feidhmíochta don tSeirbhís don bhliain 2016 in Imleabhar Leasaithe na Meastachán. Chuir na príomh-aschuir béim ar an obair le déanamh chun na spriocanna a bhaint amach mar tá i bPlean Straitéiseach na Seirbhíse, an dul chun cinn tagartha i gCaibidil 2.

Socruithe Iniúchóireachta agus Dearbhaithe

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá comhalta den Bhord ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus áirítear leis ionadaí breithiúnach ón gCúirt Achomhairc, an Ard-Chúirt, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche, anuas ar chomhaltaí a bhfuil saineolas agus taithí shuntasach ghnó acu laistigh de na hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Tá ról bunúsach ag an gcoiste Iniúchóireachta agus Riosca ó thaobh a chinntiú go bhfeidhmíonn an tSeirbhís i gcomhréir le dea-chaighdeáin rialachais, chuntasaíochta agus iniúchta, agus go nglacann sí le socruithe oiriúnacha bainistíochta agus riosca. Déanann sé é seo trí mhaoirsiú a dhéanamh agus comhairle a chur ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar Oifigeach Cuntasaíochta maidir le ceisteanna a bhaineann le tuairisciú airgeadais agus an próiseas buiséadta, rioscaí airgeadais agus oibríochtúla, éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus bhainistíochta riosca, éifeachtacht feidhmeanna inmheánacha agus seachtracha iniúchta, leordhóthanacht na nósanna imeachta rialachais agus, saincheisteanna um luach ar airgead.

Thionóil an coiste cúig chruinniú in 2016 ina ndearna sé athbhreithniú agus breithniú ar réimse fairsing tuarascálacha. Freastalaíonn an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Stiúrthóir Airgeadais gach cruinniú de chuid an choiste. Freastalaíonn cinn eile stiúrthóireachtaí agus bainisteoirí sinsearacha ar chruinnithe an choiste maidir lena chúraimí féin. Tionólann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin leis an gcoiste chun cúrsaí agus ábhar buartha a phlé agus déileáltar le fiosriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar intinn an choiste.

Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Feidhm neamhspleách bhreithmheasa is ea iniúchóireacht inmheánach arb é a ról chun dearbhú a sholáthar don Bhord, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gach leibhéal den bhainistíocht maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras maidir le rialachas, riosca agus rialuithe inmheánacha a oibrítear laistigh den tSeirbhís.

Oibrítear an taonad Iniúchóireachta Inmheánaí i gcomhréir le cairt iniúchta a fhaomhann an Bord agus le plean iniúchta bliantúil a fhaomhann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Nuair a thugtar faoi iniúchtaí, cloíonn an tAonad le hInstitiúid na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí, arna n-oiriúnú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena n-úsáid i Ranna Rialtais.

Seoltar gach tuarascáil iniúchóireachta go díreach chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaigheann tuarascálacha tréimhsiúla, sa mhullach air sin, ina léirítear dul chun cinn i leith an phlean. Chríochnaigh an taonad 22 n-iniúchadh i rith na bliana.

Inniúchóireacht sheachtrach

Déanann an tArd-Reachtaire agus an tInniúchóir Ginearálta (C&AG) inniúchadh seachtrach ar chistí vótálta. Tá údarás ag an C&AG ar inniúchadh chistí poiblí agus mar sin níl cistí cúirte bainistithe ag an tSeirbhís ar son mionaoisigh nó coimircithe cúirte. Tá inniúchadh ar chistí cúirte bainistithe ag Oifig an Chuntasóra agus déanta ag inniúchóirí seachtracha.

Bainistíocht riosca

Bainistíonn an tSeirbhís go réamhghníomhach rioscaí agus déanann sé athbhreithniú orthu ag leibhéal Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach agus ag leibhéal an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Faomhann an Bord creat agus beartas bainistíochta riosca na Seirbhíse. Déanann é seo foráil do chur chuige pleanáilte agus córasach chun réimse catagóirí riosca a shainaithint agus a bhainistiú: airgeadas, soláthar seirbhíse, bonneagar (foirgnimh agus TFC), daoine, comhlíonadh agus rialachas, agus tionscadail. Tá an Príomhoifigeach Riosca ina b(h)all den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí agus seolann sé/sí tuarascálacha go díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus chuig an mBord. Sainaithnítear rioscaí ar leibhéal aonaid chorparáidigh agus aonad gnó agus bainistítear iad, dá réir, trí fhreagracht a shannadh don stiúrthóireacht agus don bhainisteoir ábhartha oifige.

Tugadh Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Bainistíocht Riosca don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i mí Feabhra 2016 , agus ghlac an tSeirbhís leis na príomhphrionsabail. Rinne an Bord athbhreithniú ar Pholasaí na Bainistíochta Riosca agus bhí sé faofa aiage i mí Dheireadh Fómhair. Sainmhíníonn an polasaí príomhphrionsabail na bainistíochta riosca, acmhainn riosca (an leibhéal riosca atá inghlactha ag an tSeirbhís), struchtúr riosca, agus freagrachtaí agus tuairisciú.

Coimeádann an tSeirbhís Clár Rioscaí Corparáideacha ar a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú rialta. Tá an Clár nasctha leis an bpróiseas bliantúil maidir le pleanáil gnó agus is cáipéis thábhachtach é a chuireann ar chumas na Seirbhíse déileáil leis na dúshláin a thagann roimpi. Leagtar amach ann na rioscaí móra atá roimh an tSeirbhís, mar aon leis na rialúcháin agus na bearta reatha chun iad a mhaolú, agus sainaithnítear ann úinéirí agus spriocdhátaí maidir lena gcur i gcrích. Cuireann sé comhthéacs ar fáil freisin trína n-ullmhaíonn Cinn na Stiúrthóireachtaí cláir rioscaí dá stiúrthóireachtaí féin.

Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar rioscaí agus gníomhartha reatha i rith na bliana tríd an gClár Rioscaí Corparáideacha a athnuachan.

Leantar le bainistíocht riosca a úsáid mar uirlis chun na rioscaí atá a bhainistiú ar bhun rólanna an freagrachtaí sainithe ag leibhéal an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta, agus ag leibhéal na bainistíochta.

An tAcht um Nochtadh Eolais Cosanta 2014

Coiníonn an Bord ról maidr le bainistiú na feidhme ar pholasaí na Seirbhíse faoin Acht um Nochtadh Eolais Cosanta 2014.

Soláthar

Feidhmítear an tSeirbhís faoi na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí a sholáthraíonn an treo do gach gníomhaíocht um beartas soláthair agus a chinntíonn go gcomhlíontar agus go léirítear aird ar chuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, agus caithimh chomhionann agus trédhearcachta atá mar bhonn agus taca le rialacha náisiúnta agus AE.

Baineann an tSeirbhís leas as conarthaí a lárbhainistithe a chuir an Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm agus leanann sé dul i dteagmháil leis an oifig sin le haghaidh comhairle ar riachtanais soláthair reatha agus as seo amach.

Marlartaíodh dhá Threoir AE nua i dlí na hÉireann, a chlúdaíonn soláthar san earnáil phoiblí agus san earnáil áirgí ar an 5 Bealtaine 2016. Baineann siad le comórtais do chonarthaí os cionn Thairseach an AE a dtosaíodh orthu ar an 18 Aibreán 2016 agus dearaítear iad chun feabhas agus sruthlíniú a dhéanamh ar phróiséas soláthar poiblí agus rialacha níos simplíthe agus níos solúbtha a chur i bhfeidhm maidir le roghnú soláthraithe. Bhí gnéithe Threoir an AE curtha isteach mar chuid de sceideal thraenáil soláthair na Seirbhíse le linn na bliana 2016.

Déantar an fhreagracht as soláthar a chineachadh do gach ceann den stiúrthóireacht agus glacann an Stiúrthóireacht Bhainistíochta Acmhainní ról ceannais i bhfeasacht a chur chun cinn ar dhualgais ar leibhéal náisiúnta agus AE araon. Soláthraíonn an Stiúrthóireacht oiliúint don fhoireann, coimeádann sí clár conarthaí, plean soláthair, agus déanann sí monatóireacht ar an gcaiteachas faoi réir an phróisis soláthair.

I dteannta leis an gconradh don soláthar ar sheirbhís thaifeadadh digiteach faofa ag an mBord , tháinig conarthaí nua i bhfeidhm le linn na bliana 2016 ina raibh seachfhoinsiú maidir le híocaíocht fineálacha agus priontáil fógraí bainteacha faoin Acht Fineálacha (Íocaíocht agus Aisghabháil) 2014; ríomhairí deisce agus glúine, seirbhísí tacaíochta maidir le bainistíochta áiseanna (Corcaigh); seirbhís teileafónaíochta I.P; agus páipéar fótachóipeála. Ina theannta sin, rinneadh traenáil soláthar ar dhá ócáid le linn na bliana.



CAIBIDIL 5 – RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA

BUACHPOINTÍ AIRGEADAIS

Caiteachas & Incaim	2016 €'000	2015 €'000
Caiteachas reatha:		
Pá	48,998	48,907
Neamh-Pha	26,936	26,817
Iomlán Reatha	**75,934**	**75,724**
Caiteachas caipitiúil	36,431	31,388
Ollchaiteachas iomlán	**112,365**	**107,112**
Incam iomlán	**47,780**	**48,097**
Caiteachas glan ar ioncam	**64,585**	**59,015**

Cistí cúirtes	2016	2015
Cistí a bainistíodh ar son coimircithe cúirte, mionaoiseach agus tairbhithe eile ag 30 Méan Fómhair.	€1.676 billiún	€1.534 billiún

Oibríochtaí Airgeadais	2016 €'000	2015 €'000
Fínealacha a bailíodh	10,405	13,383
Fáltais dlí teaghlaigh	17,630	17,925
Fáltais bannaí	2,510	2,338
Táillí cúirte a bailíodh (agus coinnithe)*	44,336	44,136
Fáltais an bhosca déirce	1,720	1,498
Fáltais na cúirte sibhialta agus an héilimh bheaga	688	460
Iomlán	**77,289**	**79,740**
* ní áirítear ioncam ilghnéitheach agus an tobhach pinsin		

FORBHREATHNIÚ AIRGEADAIS

Don bhliain 2016, b'ionann an cistiú iomlán, glan ar fháltais, agus €63.669 milliún. Léiríonn seo oll-leithdháileadh €109.672 milliún, anuas ar fháltais iomlána €46.003 milliún. Ceanglas faoi threoirlínte cuntasaíochta an Rialtais is ea oibriú laistigh de na paraiméadair chistithe agus buiséad cothromaithe a bhaint amach. Léirítear sa chistiú don bhliain 2016 méadú beag ar an mbliain 2015 agus taispeántar ann na comharthaí tosaigh go bhfuil téarnamh ag teacht ar an ngeilleagar.

Léirítear i gcomhdhéanamh an chistithe, atá comhsheasmhach den chuid is mó leis an mbliain 2015 gurb é pá is cúis le thart ar 46%, agus go mbaineann 24% le hoibriú laethúil na Seirbhíse, baineann 20% leis an Muirear Aonadach do Choimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla, agus go mbaineann an t-iarmhéid 10% le TFC agus le caipiteal teach cúirte araon.

I rith 2016, d'fhaomh an Dáil cead le haghaidh cistiú breise sa limistéar TFC, anuas ar tháillí breise cúirte a úsáid. Cheadaigh an éifeacht a bhí aige seo do chaiteachas breise €4.0 milliún i measc limistéir an chaipitil agus neamhphá reatha.

Bhain toradh 2016 buiséad cothromaithe amach, agus b'ionann ollchaiteachas i dtaobh reáchtáil na Seirbhíse agus €112.365 milliún. Cuirtear seo i gcomparáid le €107.112 milliún in 2015. Féadtar an caiteachas don bhliain 2016, nuair a chuirtear é i gcomparáid le caiteachas 2015, a mhiondealú idir caiteachas iomlán reatha, párolla, neamhphá €75.934 milliún (€75.724m don bhliain 2015), agus caiteachas caipitiúil iomlán, CPP ar fiú €36.431 milliún é (€31.385 milliún in 2015) san áireamh.

Cuireann an t-ioncam ó tháillí cúirte le cistiú na Seirbhíse, arb ionann sin agus an phríomhfhoinse fáltas don tSeirbhís. In 2016, b'ionann seo agus €44,336m (€44.136m in 2015). Anuas ar ioncam ó tháillí cúirte, áirítear ioncam ilghnéitheach agus tobhach pinsin le fáltais na Seirbhíse. Baineann ioncam ó tháillí cúirte leis an muirear riaracháin chun próiseáil a dhéanamh ar chásanna sibhialta agus is ionann é agus 39% den chostas iomlán atá ar an tSeirbhís a reáchtáil in 2016.





FOINSÍ CISTIÚCHÁIN

Faigheann an tSeirbhís cistiúchán ó dhá phríomhfhoinse - cistiúcháin go díreach ón Státchiste agus cistiúcháin ó Leithreasaí i gCabhair (ioncam) atá á ghineadh ag an tSeirbhís, ó táillí cúirte den chuid is mó de.





TÁILLÍ CÚIRTE

Gearrtar táillí cúirte i leith cáipéisí dlí a thaisceadh agus seirbhísí a chuirtear ar fáil in oifigí cúirte.

Bailíonn an tSeirbhís táillí freisin thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Údaráis Chlárúcháin Maoine. Áirítear sna táillí a bhailítear thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim tá dleachtaí máil ar iarratais áirithe ceadúnaithe. Baineann táillí de chuid an Údaráis Chlárúcháin Maoine le rochtain ar dhoiciméid i dtaisce go háitiúil in oifigí cúirte. Court fees are charged in respect of legal documents lodged and services provided in court offices.

Táillí cúirte	2016 (000's)	2015 (000's)
Coinnithe ag an tSeirbhís Chúirteanna*	44,336	44,136
Na Coimisinéirí Ioncaim	4,935	5,033
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	0	1
Iomlán	**49,271**	**49,170**

* Baineann siad le táillí cúirte amháin

SLIOCHT ÓN CUNTAS LEITHREASA

Caiteachas agus Ioncaim	2016 €'000	2015 €'000
Caiteachas Reatha		
Tuarastail agus pá	48,998	48,907
aisteal agus cothabháil	2,768	2,893
Oiliúint foirne agus breithiúna	594	403
Luathscríobhneoireacht agus táillí eile	2,622	2,725
Seirbhísí dlí	696	663
Seirbhísí poist	1,100	1,266
Teileachumarsáid	935	1,381
Trealamh agus ábhair oifige	643	573
Cothabáil tithe cúirte	7,321	7,133
Costais teasa, solais agus breosla	2,529	2,734
Troscán agus feistis	260	150
Léasanna	5,173	4,987
Comhairleacht (nach mbaineann le T.F.)	84	69
Ilchostais/costais bhreise	2,210	1,840
Caiteachas Reatha Iomlán	**75,934**	**75,724**
Caiteachas Caipitiúil		
Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid	9,123	6,492
Tithe cúirte agus foirgnimh eile	4,223	4,602
CPP – iocaíocht aonadach	23,085	20,294
Caiteachas Caipitiúil Iomlán	**36,431**	**31,388**
Ollchaiteachas Iomlán	**112,365**	**107,112**
Ioncam (Leithreasaí-i-gCabhair)		
Táillí	44,336	44,136
Ilgnéitheach	1,497	1,288
Tobach pinsin	1,947	2,673
Ioncam Iomlán	**47,780**	**48,097**
Caiteachas Glan Iomlán	**64,585**	**59,015**

Nóta: Is figiúrí sealdacha iad na figiúirí seo agus tá said faoi réir ag iniúchadh ón Árd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

AN TACHT UM ÍOCH PRAS CUNTAS 1997

Cleachtais íocaíochta

Le hús maidir le híoc pras déantar foráil d'íocaíocht úis do sholáthróirí le haghaidh sonrasc nach íoctar laistigh de 30 lá. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear ar na sonraisc nó, mura sonraítear aon teorainn ama, laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní fhéadann siad ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a chur ar fáil in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

Ús um íoc pras

Íoctar ús maidir le híoc pras agus cúiteamh le soláthróirí i leith sonrasc nach íoctar laistigh de 30 lá ón lá a bhfaightear iad. In 2016, ba é €6,208.58 an mhéid iomlán a íocadh amach maidir le híocaíochtaí déanacha.

Iocaíochtaí déanacht			
Blian	**Méid an úis**	**Méid an chúitimh**	**Iomlán**
2016	€1,428.58	€4,780.00	€6,208.58
2015	€384.60	€3,330.00	€3,714.60

Ceanglas íocaíochta laistigh de 15 lá

Déanann an tSeirbhís gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta iomchuí airgeadais, lena chinntiú go níoctar gach soláthróir laistigh de 15 lá.

Tuairisceáin Aitiúla um Íoc Pras ag na Ranna Rialtais i 2015				
Gníomhaireacht: An tSeirbhís Chúirteanna				
Bliain	**% den luach foriomlán ar an iomlán a íocadh laistigh de 15 lá**	**Luach na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá**	**% na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá**	**Líon na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá**
2016	89%	€47,609,245	76%	7,376
2015	89%	€41,840,617	76%	7,180

OIFIG NA GCISTÍ CÚIRTE – CISTÍ CÚIRTE

Tá an tSeirbhís, i gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, freagrach as bainistiú agus riar na gcúirteanna agus as seirbhísí tacaíochta a sholáthar do bhreithiúna. Is sa cháil seo go bhfuil ról ag an tSeirbhís chun cistí cúirte a bhainistiú agus a infheistiú, a choimeádann na cúirteanna faoi iontaobhas. Infheistítear na cistí seo ar aon dul le forálacha an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus le horduithe a rinneadh dá éis sin.

Bhí €1.675 billiún á bhainistiú ag Oifig an Chuntasóra i gcáil mhuiníneach an 30 Meán Fómhair 2016 (€1.534 billiún, an 30 Meán Fómhair 2015) thar ceann breis agus 20,000 tairbhí. Daoine atá in 2,850 de na tairbhithe seo a dearbhaíodh ina gcoimircithe cúirte ag a bhfuil cistí a luacháladh amhail €1.142 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2016. Mionaoisigh iad 15,394 de bhreis orthu, a bhfuil cistí acu ar luacháiltear amhail €299 milliún. Is éard atá i gceist leis an bhfuílleach ná cásanna atá ar feitheamh orduithe cúirte breise, cásanna an bhoird sásaimh d'institiúidí cónaithe, taiscthí le saghsanna cás cosanta agus an Ciste Cúitimh Árachais.

Déantar anailís bhreise air seo idir na trí dhlínse chúirte sa tábla 1 thíos. Glanmhéadú ó fheidhmíocht infheistíochta €37 milliún don bhliain (€18.8 milliún: 2015) agus méadú ar ghlan-idirbhearta caipitil €105 milliún (€41.9 milliún: 2015) (*i.e.* glanfháltais bhreise thar íocaíochtaí amach) is cúis leis an méadú €142 milliún nó 9.3% a tháinig ar luach iomlán na gcistí.

Tábla 1: Glansócmhainní atá á mbainistiú - de réir dlínse

	Glansócmhainní € an 30/09/2015	%	Glansócmhainní € an 30/09/2016	%	% Méadú glansócmhainní
An Ard-chúirt	1,390,397,552	90.7%	1,520,000,522	90.7%	+9.3%
An Chúirt Chuarda	134,616,440	8.8%	142,448,850	8.5%	+5.8%
An Chúirt Dúiche	8,677,356	0.6%	13,310,912	0.8%	+53.4%
Iomlán	**€1,533,691,348**	**100%**	**€1,675,760,284**	**100%**	**+9.3%**

Feidhmíocht infheistíochta

Léirítear sa tábla 2 thíos feidhmíocht infheistíochta, glan ar tháillí, do gach straitéis reatha don bhliain airgeadais reatha a chumhdaíonn an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 agus an fheidhmíocht charnach ó chuirtear tús leis an réimse reatha cistí i nDeireadh Fómhair 2013. Ba iad seo a leanas na glantorthaí don bhliain airgeadais; Ciste Airgid Thirim (-0.25%), Ciste Euribor Plus (+0.12%), Ciste Airgid Thirim agus Banna Ghearrthéarmaigh (+0.20%), Ciste Measartha Comhardaithe (+0.93%), an Ciste Éagsúlaithe (+ 1.66%), agus an Ciste Fáis (+6.61%).



Nóta: Cuimsítear na sonraí iomlána i dtuarascáil airgeadais Ráitis Airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 agus tá fáil orthu ar www.courts.ie.

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA AN 30Ú MEÁN FÓMHAIR 2016

An ráiteas ar an staid airgeadais an 30 Meán Fómhair 2016

	30/9/2016	30/9/2015
	€	€
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	1,628,406,846	1,500,050,470
SÓCHMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	24,405,953	19,034,989
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	24,165,674	15,504,541
SÓCHMHAINNÍ REATHA IOMLÁN	48,571,627	34,539,530
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(1,218,189)	(898,652)
IOMLÁN DLITEANAIS REATHA	(1,218,189)	(898,652)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	47,353,438	33,640,878
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁN	1,675,760,284	1,533,691,348
Arna leiriú ag:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe	1,675,760,284	1,533,691,348

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 20 Feabhra 2017.

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA AN 30Ú MEÁN FÓMHAIR 2016

An ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016

	30/9/2016	30/9/2015
	€	€
GLANCHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanchnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	10,029,664	8,784,977
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	29,059,344	11,875,810
Glanchaillteanais réadaithe ar aistriú sócmhainní	-	(6,507)
GLANGNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS AN t-ATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE		39,089,008
Ioncam infheistíochta	156,267	218,687
	39,245,275	20,872,967
Caiteachais	(2,216,571)	(2,022,561)
MEADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	37,028,704	18,850,406

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 20 Feabhra 2017.

OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

SLIOCHT Ó RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA AN 30Ú MEÁN FÓMHAIR 2016

An ráiteas ar athruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016

	30/9/2016 €	30/9/2015 €
MEADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	(2,060,304)	(1,803,874)
Glanchnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	10,029,664	8,784,977
Glanathrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	29,059,344	11,875,810
Glanchaillteanais réadaithe ar aistriú amach i rith na bliana	-	(6,507)
MEADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	37,028,704	18,850,406
CAPITAL TRANSACTIONS		
Fáltais	494,247,084	461,730,858
Íocaíochtaí amach	(389,206,852)	(419,797,659)
MEADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	105,040,232	41,933,199
Méadú Iomlán ar ghlansócmhainní don bhliain	142,068,936	60,783,605
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,533,691,348	1,472,907,743
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,675,760,284	1,533,691,348

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 20 Feabhra 2017.

OIFIG NA GCUNTAS CÚIRTE – RANNÓG NA GCUNTAS CÚIRTE

Feidhmíonn Oifig na gCistí Cúirte – Rannán na gCuntas Cúirte mar ionad comhroinnte seirbhísí le haghaidh gach idirbheart airgeadais a phróiseáil d'Oifigí Cónasctha na Seirbhíse. Ba é méid iomlán na nidirbheartaíocht - idir fháltais agus íocaíochtaí - do 2016 ná 550,246 (560,973 i 2015) a raibh luach airgeadúil €165.8m (€171.8m i 2015).

FÍNEÁLACHA

Bainistíonn agus faigheann an tSeirbhís fíneálacha a ghearrann na cúirteanna. Aistrítear na fíneálacha a fhaightear go dtí an Státchiste agus go dtí roinnt ranna agus gníomhaireachtaí de chuid an rialtais.

Fíneálacha cúirte a bailíodh agus a aistríodh	2016 (€'000's)	2015 (€'000's)
An Státchiste (mótarfhíneálacha)	5,606	6,734
An Státchiste (ginearálta)*	3,307	4,217
Na Coimisinéiri Ioncaim	1,421	1,633
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	19	25
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	187	774
Iomlán	**10,540**	**13,383**

* Áirítear leis seo airgead a aistríodh chuig an Státchiste maidir le hairgead bannaí neamhéilithe os cionn 3 bliana d'aois - €538,000 don bhliain 2016 agus €295,000 don bhliain 2015.

AN T ACHT FÍNEÁLACHA (ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISGHABHÁIL) 2014

Sular tugadh an tAcht isteach, bhain an ráta comhlíonta d'íocaíocht fíneálacha leibhéal bliantúil 85% amach. Nuair a chuirtear an bailiúchán socruithe atá an-éagsúil óna chéile faoin Act nua, san áireamh, glacfaidh sé thart ar dhá bhliain sular féidir leis an tSeirbhís measúnú ceart a dhéanamh ar an ráta comhlíonta.

Fíneálacha gheaarradh			
2016		2015	
Luach	Méid	Luach	Méid
€26,332	**83,930**	€31,360	89,182

DLÍ TEAGHLAIGH

Déanann an tSeirbhís íocaíocht dlí teaghlaigh a phróiseáil le haghaidh féichiúnaithe cothabhála agus creidiúnaithe cothabhála araon.

Dlí teaghlaigh: Fáltais agus Íocaíochtaí				
	2016		2015	
	€'000	Méid	€'000	Méid
Fáltais	€17,630	218,320	€17,925	222,227
Íocaíochtaí	€17,630	213,684	€17,944	216,489

Leanann an tSeirbhís le húsáideoirí a spreagadh chun leas a bhaint as ríomhaistriú leictreonach airgid (EFT) mar an rogha modh íocaíochta agus íocadh 94% de na creidiúnaithe cothabhála dlí teaghlaigh trí EFT in 2016, agus 78% de na féichiúnaithe chothabháil dlí teaghlaigh íocaíocht trí bhuanordú.

Dlí teaghlaigh: Ríomhaistriú leictreonach airgid	2016	2015
% dlí teaghlaigh a íocadh trí ríomhaistriú leictreonach airgid (% méid)	94%	93%

BOSCA NA MBOCHT

Féadfaidh an chúirt a threorú go n-íocfaí an t-airgead sin isteach i mbosca bocht na cúirte in ionad, nó i dteannta le, pionós eile. Féadfar íocaíochtaí a dhéanamh tríd an tSeirbhís faoi choinne a n-íocaíochta ar aghaidh do charthanas mar a órdóidh an chúirt.

	Iarmhéid an 01/01/2016 €	Fáltais 2016 €	Íocaíochtaí 2016 €	Iarmhéid an 31/12/2016 €
An Chúirt Dúiche	€599,179.39	€1,720,268.80	€1,549,674.53	€783,488.66

CAIBIDIL 6 – TUARASCÁLACHA CHOISTÍ RIALACHA NA CÚIRTE

COISTE RIALACHA NA GCÚIRTEANNA UACHTARACHA

Bunaíodh Coiste Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha faoi Alt 67 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936. Faoi Alt 68 d'Acht 1936 tá an chumhacht ag an gCoiste rialacha cúirte a dhéanamh, a chur ar ceal nó a athrú le cead ón Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AG DEIREADH NA BLIANA DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

An Príomh-Bhreitheamh, an Breitheamh Onórach Susan Denham (Cathaoirleach)
Uachtarán na Cúirte Achomhairc, an Breitheamh Onórach Sean Ryan (Leaschathaoirleach)
Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Peter Kelly (Leaschathaoirleach)
An Breitheamh Onórach William McKechnie, breitheamh den Chúirt Uachtarach
An Breitheamh Onórach Mary Laffoy, breitheamh den Chúirt Uachtarach
An Breitheamh Onórach Mary Finlay Geoghegan, breitheamh den Chúirt Achomhairc
An Breitheamh Onórach Anthony Barr, breitheamh den Ard-Chúirt
An Breitheamh Onórach Deirdre Murphy, breitheamh den Ard-Chúirt
Máistir na hArd-Chúirte, Mr. Edmund W. Honohan A.S.
An tUasal Conor Dignam A.S., arna ainmniú ag Barra na hÉireann
An tUasalGrainne Larkin B.L., arna ainmniú ag Barra na hÉireann
An tUasal Stuart Gilhooly, aturnae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann
An tUasal Michael Kavanagh , aturnae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann
An tUasal Noel Rubotham, Ceann Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna, a bhfuil ballraíocht tarmligthe dó ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna faoi alt 30(2) den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998
An tUasal Mary Cummins, Oifig an Phríomhaturnae Stáit – ceaptha chun feidhmiú in ionad an Ard-Aighne faoi alt 36(4) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002
An tUasal John Mahon, Cláraitheoir na Cúirte Uachtaraí

Rúnaí: An tUasal Liz Hughes, Stiúrthóireacht um Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna.
Seirbhísí dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, aturnae, Aturnaetha McCann FitzGerald

Tháinig an coiste le chéile cúig uaire in 2015. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na rialacha seo a leanas de chuid na Cúirteanna Uachtaracha idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016:-

I.R. Uimh.	Teideale	Sínithe ag an gCoiste	Dáta gníomhaíochta
9 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna Dhlínse, Aithint agus Forghníomhú Breithiúnas) 2016	12/02/2015	12/01/2016
10 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Dhlínse, Aithint agus Forghníomhú Breithiúnas)(Uimh. 2) 2016	28/04/2015	13/01/2016
16 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um Leanaí agus Cónglais Teaghlaigh 2015) 2016	29/10/2015	18/01/2016
83 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Ordú 15) 2016	12/02/2015	25/02/2016
124 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Achomhairc ón Chúirt Chuarda) 2016	28/04/2015	31/03/2016
148 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Doiciméid a Sheirbheáil) 2016	29/10/2015	03/05/2016
161 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige), 2015) 2016	28/01/2016	08/05/2016
232 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Féimheacht) 2016	07/04/2016	01/06/2016
254 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Stiúradh Trialacha) 2016	29/10/2015	01/10/2016
255 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Seansaireacht agus Caingne Neamh-Ghiúire agus Imeachtaí Eile Aainmnithe: Nósanna imeachta Réamhthrialach) 2016	29/10/2015	01/10/2016
450 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht Um Chonarthaí Foirgníochta) 2016	21/07/2016	22/08/2016
471 de 2016	Rialacha na nUaschúirteanna (Ordú 122) 2016	21/07/2016	10/10/2016

Ag deireadh na bliana tá na rialacha seo a leanas atá sínithe ag an gCoiste ag fanacht ar cheadú an Aire:-

- Rialacha na nUaschúirteanna (Fómhais Chostais) 2016

Bhí breithniú á dhéanamh ag an gCoiste ar rialacha a bhaineann leo seo a leanas ag deireadh na bliana:-

- Dréacht-rialacha na nUaschúirteanna (Cúram Leanaí)

- Dréacht-rialacha na nUaschúirteanna (Scéim Gnóthú Sochar agus Cúnamh)
- Dréacht-rialacha na nUaschúirteanna (Dhlínse, Aithint agus Forghníomhú Breithiúnas)(Uimh. 3) 2016
- Dréacht-rialacha na nUaschúirteanna (Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas) 2016

Liz Hughes
Rúnaí

Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda

Is é Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda, arna bhunú faoi alt 69 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, an túdarás a dhéanann na rialacha don Chúirt Chuarda. Tá téarmaí tagartha an Choiste socraithe i bpáirt le halt 66 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 a thugann de chumhacht dó rialacha a chur ar neamhní nó a athrú agus rialacha nua a dhéanamh le comhthoiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, lena náirítear rialacha chun seisiúin, saoirí agus cuarda na mBreithiúna Cuarda a rialú agus mar aon le cleachtas, pléadáil agus nósanna imeachta go ginearálta (lena n-áiritear dliteanas páirtithe maidir le costais agus iontráil breithiúnas agus deonaíodh breithiúnas achoimre I gcásanna cuí) de chuid na Cúirte Cuarda agus úsáid na teanga náisiúnta sa mhéid sin, i measc eile.

Ballraíocht an Choiste ag deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016

An Breitheamh Onórach Raymond Groarke, Uachtarán na Cúirte Cuarda (Cathaoirleach)
An tOnórach an Breitheamh Jacqueline Linnane, breitheamh den Chúirt Chuarda
An tOnórach an Breitheamh Sarah Berkeley, breitheamh den Chúirt Chuarda
An tUasal Roisin Lacey A.S., arna ainmniú ag Barra na hÉireann
An tUasal David Dodd B.L., arna ainmniú ag Barra na hÉireann
An tUasal Fiona Duffy, aturnae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann
An tUasal Keith Walsh, aturnae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann
An tUasal Ronan Boylan, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit – ceaptha chun feidhmiú in ionad an Ardaighne faoi alt 36(4) d'acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002
An tUasal Noel Rubotham, Ceann Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna, a bhfuil ballraíocht tarmligthe dó ag príomh-oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna faoi alt 30(2) den acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998
An tUasal Rita Considine, Cláraitheoir Contae, Baile Átha Cliath
An tUasal Mairead Ahern, Cláraitheoir Contae, An Lú, arna ceapadh ag Príomh-oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna faoi alt 69(4) (d) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, mar a leasaíodh é.

Runaí: Liz Hughes, Stiúrthóireacht um Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna.
Seirbhísí dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, Aturnae, Aturnaetha McCann FitzGerald.

Tháinig an Coiste le chéile 2 uaire in 2016. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na rialacha seo a leanas de chuid na Cúirte Cuarda idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016:

I.R. Uimh.	Teideal	Sínithe ag an gCoiste	Dáta gníomhaíocht
18 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015) 2016	20/10/2015	18/01/2016
84 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Inscne a Aithint) 2016	20/10/2015	25/02/2016
85 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974) 2016	20/10/2015	25/02/2016
171 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (Caingne maidir le Seilbh, Díol agus Faoiseamh Deimhin-Mhuirearaithe) 2016	08/03/2016	19/05/2016
172 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige), 2015) 2016	08/03/2016	19/05/2016
432 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (Dhlínse, Aithint agus Forghníomhú Breithiúnas in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála) 2016	07/06/2016	01/09/2016
433 de 2016	Rialacha na Cúirte Cuarda (Róbaí na mBreithiúna) 2016	07/06/2016	03/10/2016

Bhunaigh Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda Grúpa Comhairliúchain, ina bhfuil ainmnithe an Dlí-Chumainn, na Comhairle Barra, na Seirbhíse Cúirteanna, Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath, an Chomhlachais Dlíodóirí Teaghlaigh agus an Chláraitheora Contae do Bhaile Átha Cliath, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas agus an nós imeachta in imeachtaí Dlí Teaghlaigh sa Chúirt Chuarda. Ceapadh an Breitheamh Onórach Sarah Berkeley chun gníomhú mar thionólaí an Ghrúpa a chas le chéile 4 huaire agus rinneadh moltaí chun leasuithe áirithe a dhéanamh ar Ordú 59 a chur faoi bhráid an Choiste Rialacha go ndéanfar breithniú orthu.

Liz Hughes
Rúnaí

Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche

Is é Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche arna bhunú faoi alt 71 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, an túdarás a dhéanann na rialacha don Chúirt Dúiche. Is féidir leis an gCoiste Rialacha a athrú nó a chur ar ceal agus rialacha nua a dhéanamh le cead ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Ballraíocht an Choiste ag deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016

Uachtarán na Cúirte Dúiche, an tOnórach, an Breitheamh Rosemary Horgan (Cathaoirleach)
An Breitheamh Mary Devins, breitheamh den Chúirt Dúiche
An Breitheamh Brian Sheridan, breitheamh den Chúirt Dúiche
An Breitheamh Conal Gibbons, breitheamh den Chúirt Dúiche
An Breitheamh Anne Watkin, breitheamh den Chúirt Dúiche
An tUasal Fiona Twomey, aturnae, arna hainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
An tUasal Shane McCarthy, aturnae, arna hainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
An tUasal Niall Nolan, B.L., arna ainmniú ag Barra na hÉireann
An tUasal Roy Pearson, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit – ceaptha chun feidhmiú in ionad an Ardaighne faoi alt 36(4) d'acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002
An tUasal Noel A. Doherty, Ceann Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna, a bhfuil ballraíocht tarmligthe dó ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi alt 30(2) den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998
An tUasal Michelle Johnston, Leaspríomhchléireach, Cúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath.
Rúnaí: An tUasal Liz Hughes, Stiúrthóireacht um Athchóirithe agus Forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna.
Seirbhísí dréachtaithe: An tUasal Sean Barton, Aturnae, Aturnaetha McCann FitzGerald

Tháinig an Coiste le chéile 3 uaire i rith 2016. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionnais na rialacha seo a leanas de chuid na Cúirte Dúiche idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016:

I.R. Uimh.	Teideal	Sínithe ag an gCoiste	Dáta gníomhaíocht
17 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015) 2016	28/09/2015	18/01/2016
19 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Fíneálacha) 2016	30/11/2015	18/01/2016
82 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Foirm 34.47)) 2016	11/05/2015	25/02/2016
123 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Costas Aturnaethe) 2016	11/05/2015	31/03/2016
149 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Leasú) 2016	25/01/2016	03/05/2016
252 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997) 2016	09/05/2016	16/06/2016
506 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Tithe) 2016	25/07/2016	21/10/2016
513 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (Imeachtaí Shibhialta a Eisiúint) 2016	25/07/2016	08/11/2016
567 de 2016	Na Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014) 2016	25/07/2016	22/12/2016

Ag deireadh na bliana bhí na rialacha seo a leanas atá sínithe ag an gCoiste ag fanacht ar cheadú an Aire:-

- Na Rialacha Cúirte Dúiche (Leanaí) 2015
- Na Rialacha Cúirte Dúiche (Feidhmiú Orduithe Cúirte) 2016
- Na Rialacha Cúirte Dúiche (Leanaí) 2016

Bhí breithniú á dhéanamh ag an gCoiste ar rialacha a bhaineann leo seo a leanas ag deireadh na bliana:

- Na Rialacha Cúirte Dúiche (Fiach Shibhialta (Nósanna Imeachta)) 2016
- Na Rialacha Cúirte Dúiche (An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015) 2016

Liz Hughes
Rúnaí

CAIBIDIL 7 – FORÁLACHA REACHTÚLA

Leanann an tSeirbhís le tús áite a thabhairt go fóill d'athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus foráil an ionchuir sa reachtaíocht a bheartaítear (Scéimeanna Billí, Billí, dréacht-Ionstraimí Reachtúla, agus dréacht-ionstraimí dlíthiúla an AE) lena dheimhniú cé acu an ndéanann nó nach ndéanann forálacha difear d'oibríochtaí cúirte nó an imríonn nó nach n-imríonn siad tionchar ar nósanna imeachta nua cúirte nó an dteastaíonn nó nach dteastaíonn nósanna imeachta nua cúirte uathu.

Ar na samplaí suntasacha de reachtaíocht, nó de reachtaíocht a bheartaítear, ina raibh baint ag an tSeirbhís nó ar sholáthair sí ionchur iontu in 2016, tá an méid seo a leanas:

AN TACHT FÍNEÁLACHA (ÍOC AGUS GNÓTHÚ) 2014

Foráiltear san Acht seo, a síníodh ina dhlí an 16 Aibreán 2014, do dhéanamh socrú maidir le híoc agus gnóthú fíneálacha a fhorchuirtear ar dhaoine a chiontaítear i gcionta. Ceadaítear san Acht fíneáil a íoc ina tráthchuid nuair is mó an fhíneáil ná €100 agus foráiltear ann do dhéanamh socrú le haghaidh raon smachtbhannaí féideartha nuair nach n-íoctar fíneáil, lena n-áirítear astú tuillimh, ceapadh glacadóra nuair is mó ná €500 méid na fíneála a fhorchuirtear ar dhuine, socrú maidir le hordú seirbhíse poiblí, nó, i gcás go meastar nach bhfuil aon cheann de na smachtbhannaí eile iomchuí, déantar an duine a bhfuil an fhíneáil gearrtha air, a chimiú chun príosúin.

Cuireadh tús leis an Acht an 11 Eanáir 2016.

AN TACHT UM CHINNEOIREACHT CHUIDITHE (CUMAS) 2015

Déanfaidh an tAcht seo athruithe suntasacha ar an dlí maidir le cumas agus le socruithe cinnteoireachta. Déantar foráil san Acht don reachtaíocht a aisghairm a rialálann coimircíocht agus coimircíocht a ionadú le córas nua de chúnamh, tacaíocht agus ionadaíocht cinnteoireachta. Feidhmeoidh an Chúirt Chuarda dlínse faoin Acht go príomha, agus forchoimeádfar dlínse áirithe don Ard-Chúirt.

Cuireadh tús le roinnt alt den Acht seo an 17 Deireadh Fómhair 2016.

AN TACHT UM RIALÁIL SEIRBHÍSÍ DLÍ 2015

Tiocfaidh an tAcht seo in ionad an chórais chánachais ar chostais agus ar fheidhm an Mháistir Fómhais agus cuirfear córas le haghaidh breithniú a dhéanamh ar chostais dlí a oibríonn breithneoirí costais dlí ina ionad.

Cuireadh tús le roinnt alt den Acht seo an 19 Iúil 2016; cuireadh tús le cinn eile an 5 Nollaig 2016.

AN ACT FÉIMHEACHTA (LEASÚ) 2015

Folaítear san Acht seo, a síníodh ina dhlí an 25 Nollaig 2015, do laghdú an téarma féimheachta do dhéanamh socrú maidir le háras teaghlaigh, le háras comhroinnte nó le príomháit chónaithe phríobháideach an fhéimhigh a uath-athdhílsiú dó nó di in imthosca áirithe.

Cuireadh tús le roinnt alt den Acht seo an 29 Eanáir 2016 agus cuireadh tús leis na hailt eile an 1 Meitheamh 2016.

AN TACHT UM LEANAÍ AGUS CÓNGLAIS TEAGHLAIGH ACT 2015

Déantar an méid seo a leanas san Acht seo, a síníodh isteach sa dlí an 6 Aibreán 2015:

- foráil do cheisteanna áirithe a bhaineann le hatáirgeadh daonna le cúnamh ó dheontóir agus do thuismíocht leanaí a rugadh mar gheall ar nósanna imeachta atáirgthe le cúnamh ó dheontóir
- foráil do chlár a bhunú agus a choimeád ar a dtabharfar an Clár Náisiúnta Daoine a Gineadh ag Deontóir
- an dlí a leasú agus a shíneadh a bhaineann le caomhnóireacht agus coimeád, agus rochtain ar, leanaí agus ar na cuspóirí siúd chun an tAcht um Chaomhnóireacht Naíonán, 1964 a leasú
- an chatagóir dhaoine a shíneadh a d'fhéadfadh bheith faoi dhliteanas chun leanaí a choimeád agus ar an gcuspóir sin chun an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, agus ar an gcuspóir sin agus ar chuspóirí eile chun an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comháitritheoirí, 2010
- foráil do thástáil DNA a úsáid faoi chúinsí áirithe chun tuismíocht a dheimhniú agus a leasaíonn an tAcht um Stádas Leanaí, 1987 ar an gcuspóir sin agus ar chuspóirí eile
- an tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 a leasú
- an chatagóir dhaoine a leasú a d'fhéadfadh leanaí a uchtáil agus a leasaíonn an tAcht Uchtála, 2010 ar an gcuspóir sin agus ar chuspóirí eile
- leasuithe iarmhartacha a dhéanamh ar an Acht Comharbais, 1965, an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 agus achtacháin eile; agus

- a dhéanann foráil do cheisteanna gaolmhara.

Cuireadh tús le roinnt alt den Acht seo an 18 Eanáir 2016.

ACT NA GCÚIRTEANNA 2016

Leasaíonn an tAcht seo, a síníodh isteach sa dlí an 28 Nollaig 2016, achtacháin áirithe a bhaineann le dlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche, leasaíonn sé ailt 60 agus 67 den Acht Luachála, 2001, leasaíonn sé alt 170A(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, leasaíonn sé an tOchtú Sceideal le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 agus alt 139 (2) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, aisghaireann sé achtacháin áirithe maidir le dlínse na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Cuarda maidir le ceisteanna ceadúnaithe agus déantar foráil ann do cheisteanna gaolmhara.

Cuireadh tús leis an Acht, seachas i gcás alt 2, an 28 Nollaig 2016.

AN BILLE UM CHEARTAS COIRIÚIL (ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA) 2016

Is é príomhchuspóir an Bhille chun Treoir 2012/29/AE a thrasuí isteach i nDlí na hÉireann lena mbunaítear caighdeáin íosta ar chearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus Creat-Chinneadh na Comhairle 2001/220/Ceartas agus Gnóthaí Baile a ionadú. Chun na críche sin, beartaítear sa Bhille leasuithe a dhéanamh ar an Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1993 agus an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 agus déantar foráil ann do cheisteanna gaolmhara.

Foilsíodh an Bille an 29 Nollaig 2016.

FÁISNÉIS BREISE

TEAGHMHÁIL A DHÉANAMH LE HOIFIGÍ NA SEIRBHÍSE

Tá sonraí teagmhála príomhoifigí na Seirbhíse le fáil ar an láithreán gréasáin www.courts.ie .

EOLAIRÍ TEILEAFÓIN EIRCOM

teileafóin Eircom agus ar líne i PhonebookOnline (www.eircomphonebook.ie) agus www.goldenpages.ie.

FÁISNÉIS EILE

Tá an Dialann Dlí ar fáil ar an gréasáin. Tugann sé mionsonraí ar na cásanna a bhfuiltear chun éisteacht leo sa Chúirt Uachtarach, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt (lena n-áirítear an Phríomh-Chúirt Choiriúil) agus sa Chúirt Chuarda. Tá tuarascálacha bliantúla na Seirbhíse, mar aon leis na pleananna straitéiseacha agus foilseacháin eile ar fáil ar an láithréan gréasáin.

Tá Treoir maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna a foilsíodh i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar an láithreán gréasáin. Déanann an treoir cur síos ginearálta ar struchtúir na Seirbhíse, a chuid feidhmeanna, na seirbhísí a sholáthraíonn sé don phobal agus conas is féidir rochtain a fháil mar aon le cur síos ginearálta ar na haicmí taifead atá i seilbh..

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Is féidir rochtain a fháil ar an laithréan gréasáin ag www.courts.ie.

ATURNAETHA

Byrne Wallace, aturnaetha
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.

McCann FitzGerald, aturnaetha
Cois na hAbhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.

INIÚCHÓIRÍ

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
Bloc an Státchiste,
An Clós Íochtarach,
Caisléan Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.
(*Cuntas Leithghabhala*)

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2.
(*Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnas*).

An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

An tSeirbhís Chúirteanna
Áras an Fhionn Uisce
15/24 Sráid an Fhionn Uisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Teil. +353 1 888 6000
www.courts.ie